


SEOSAMH MAC GRIANNA



Is é is ábhar don úrscéal seo achrann a tharla faoi bhanna ceoil—an Druma Mór—i mbaile cladaigh i Rosa Thír Chonaill go luath sa chéad seo. Ba le pobal daoine, i gcomhar le chéile, na gléasraí ceoil, agus roghnaítí na seinnteoirí ar a gcumas gach Féile Pádraig le clú an bhaile a sheasamh sa mhórshiúl bliantúil. Thug eagraíocht pholaitiúil iarraidh seilbh a fháil ar an mbanna, mar chomhartha ar a gceannas-aíocht féin, agus spreagadh fear uailmhianach a fáisceadh as cruatan an tsaoil leis na *Sons of St. Patrick* a bhunú chun an Druma Mór a chosaint orthu.

Léiríonn an t-údar an choimhlint idir filiúntacht agus saoltacht an duine as cúrsaí cointinneacha an bhanna, agus éiríonn leis siombail an dúchais a dhéanamh den Druma Mór.

SEOSAMH MAC GRIANNA

AN DRUMA MÓR

An
Druma
Mór

OIFIS AN ISOLÁTHAIR
BAILÉ ÁTHA-CLATH

SEOSAMH MAC GRIANNA

**An
Druma
Mór**

OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH

Le ceannach díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán
Rialtais, An Stuara, Ard-Oifig an Phoist, Baile
Átha Cliath 1, nó ó dhíoltóirí leabhar.

An Chéad Chló.
© Rialtas na hÉireann, 1969.

Clóchuallacht Chathail, Tta., Baile Átha Cliath.

Gur bhinne liom ná ceolta Mhic Mhanair
An gleo do bhí acu sa ghaoith
Le drumáí á dtógáil ón talamh,
Is stócaigh chomh tiubh leis an líon.

AODH Ó DÓNAILL.

CAOIMHÍN Ó MARCAIGH *a dhear an clúdach*

I

EADAR sliabh agus cladach, ó Iorras go Málainn Mhóir, atá Gaeltacht Thír Chonaill, mar bheadh sí ag caismirt le fiántas na Farraige Móire. Is iomaí fail agus cneá ar na cladaigh chéanna, is iomaí colm agus gág iontu, de thairbhe an chomhraic sin a thosaigh sula dtáinig Parthalán go hInis Samhaoir, sea, agus sula dtáinig blianta nó laetha chun an tsaoil as broinn chian cheoch na haimsire. Tá an brablach tanaí domasaí atá mar úir ann ina luí ar na creagacha is sine ar an domhan; tá grágáin go fras ann—buna na gcrann mór a mbíodh an eilit ag dul i bhfostó iontu sula gcuala Éire guth daonna riamh. Ní inseoidh neach saolta go deo goidé mar cuireadh síol an fhraoigh atá le fáil go fóill, d'ainneoin curaíochta, síos go fíorbhéal an láin mhara. Níl seanchas lena inse féin cé a chuir an chéad spád ann. Ach is furast a dhreach a shamhailt sula ndeachthas a bhaint barr as: malacha agus riobaill fhada na gcnoc agus blár de chaorán rua ag a mbun, agus lochanna glana ciúine á mbreacadh agus tuilteacha ag caismir-nigh le fána. Cuanta ag tochailt eadar na beanna arda gágacha breaca: cuanta a mbíodh uafás an domhain iontu teacht na hoíche, go díreach mar a bhíos anois. Tránna a bhíodh ag búirigh nuair a bhíodh an drochaimsir sa trian deireanach dá suan; tránna a bhíodh ag búirigh

mar bheadh fearg agus tuirse gan aithris orthu fán chascairt sin na dtonn agus na gcladach.

Ach tháinig na daoine agus chuir siad a gcomhrac féin ar bun i measc an achrainn a bhí ag muir agus ag tír. Cluineadh géimneach a gcuid mart agus gliogar a gcuid uirnisí go géar glinn i lár mhórfhuaimeanna na mara. Tháinig na Págánaigh ann. Tháinig na Críostaithe. Tógadh corrtheach a bhí scoite agus uaigneach mar bheadh aisling ann. Tháinig na naoimh—Fionán agus Cróine agus Conall—agus thóg siad cealla agus cloigthithe. Tháinig na ceithearnaigh agus na gallóglaigh agus chuir siad daingin ina seasamh ar áth agus ar chlochán. Agus mar is dual don leanbh a bheith ina sheanduine, d'éirigh na tithe agus na cealla agus na daingin ina mballóga, agus shlog an caorán agus an fraoch iad mar chuirfí in uaigh iad. Chuaigh céadta bliain thart go fóill agus ní raibh an cine daonna ach ag dul in abar sa chaorán, nó go dtáinig Plandáil Uladh agus gur brúdh isteach de réir a chéile anseo sluaite Gael, mar bheadh an múr a thig le sruth líonta gach lá go dtí go mbíonn sé ar an chladach.

Anoir as na talta méithe a tháinig na daoine an t-am sin. Chuir na Gaill amach as a gcuid tuath agus triucha céad iad, i mbéal a gcinn, le beatha a bhaint as an áit ar ghnách lena gcuid caorach a bheith ag fáil tormaís uirthi. Cartadh cuid acu isteach fá ghleanntáin eadar shléibhte, in áiteacha ar leasaigh na haibhneacha an úir agus a mb'fhéidir curaíocht, dá laghad í, a dhéanamh. Ach thug an tuile léi a mbunús chun na gcaorán de chois cladaigh, agus rinne siad cathracha an áit nach raibh ach canach agus cíb.

Sin an fáth go bhfuil breacadh de thithe geala le feic-eáil ar na caoráin sin inniu. Tá, agus tá páirceanna glasa ann, de phrátaí agus de choirce agus de fhéar, ina mion-

léabóga, go dtí nach dtabharfá de shamhailt don cheantar uilig ach garraí mór. Tá ba bliochtúla ann, agus asail agus corrchapall, agus a oiread madadh agus a bhí ag an Fhéinn. Tá bádaí geala áille fá na caslacha; tá spádaí agus speala agus corráin fá na páirceanna agus fá na sciobóil. Tráthnóna samhraidh, cluinfidh tú tormán rámhaí ar chuanta. Cluinfidh tú fosta géim bó nó búireach asal; agus oíche ar bith sa bhliain, cluinfidh tú glaim na mílte madadh ag strócadh shíocháin na síoraíochta lena gcuid tiardais agus tapóg. Sin na fuaimeanna is gnách a bheith sa chathair seo ar an chaorán atá scoite i bhfad ó na cathracha atá i gcroí na tíre agus nach gcluín ach céimneach na rothaí agus seitreach na n-inneall.

Tá an oiread seo de bhua ag an cheantar de thairbhe a bheith scoite ó shiúl na ndaoine agus ó ionadacha an tsaibhris: tá an Béarla agus an ghalltánacht ceilte air, bíodh sé lena leas nó lena aimhleas. Tá sé ar áit de na háiteacha a rachadh an té a bheadh ar lorg glanGhaeilge agus seanchais ársa na nGael. Bhí scoltacha filíochta ann le cuimhne na seandaoine atá anois ann. Inseofar duit ansin fá Bhalar agus fán Ghlas Ghaibhleanna agus fá Lugh Lámhfhada; fá Fhionn agus fán Fhéinn, fá Argain na mórlúth agus fán Fhia Mhór, ‘cér mhór a fhearg’, agus fá na ‘trí chaogad de mhaithfheara na bhFiann, le cois trí chéad cú, a thit sa ghleo’, an lá a bhí siad féin agus an tArrachta sa deabhaidh; fán fháilte a chuir Aodh Rua roimh na daoine beaga nuair a bhí sé ag déanamh an chaisleáin agus iad á leagan air; fán dea-chaint a bhí eadar Mánas agus Bráithre Dhún na nGall; agus lena chois sin, inseofar an iomad scéalta duit a d’fhaibhrigh as smaointe na mbocht iad féin—Cruachán agus Cáthlán agus Cnochúr an Dá Chaorach agus Madadh an Chúil Bháin agus Cailleach na gCearc. Agus mar an

gcéanna, de thairbhe iad a bheith scoite, mar Ghaeil Thír Chonaill, chuaigh gach gníomh éifeachtach dá ndearnadh in Éirinn ón mheánaois aniar, chuaigh siad thart síos sruth an tsaoil gan fhios dóibh. Níor fhág Thurot nó Swift nó Grattan, nó Emmet nó Mitchel nó Parnell, níor fhág siad oidhreacht ar bith acu. Cluinfidh tú i measc a gcuid seanchais corrléide fá na gníomhartha a rinneadh in aimsir na bhfear seo, agus ní thuigeann an té a bheir iad é féin iad. Tá cuimhne go dtáinig Napper Tandy chun na n-oileán, agus go raibh an trioc ar crith sna tithe Lá an Bhriste Mhóir ar an Fharraige, agus go dtáinig Peigí Ní Mhuirígh as Connachta chun an cheantair sin ar a seachnadh an bhliain a tháinig na Francaigh go Cill Eala. Insítear go raibh bean choimhthíoch ag siúl ar an tráigh ag caoineadh ‘La Hoche’ i ndiaidh lá an Bhriste Mhóir. Ach ní thig leo a inse cérbh é Napper Tandy, nó cé a bhíodhas a choscairt lá an Bhriste Mhóir, nó cérbh í La Hoche, nó goidé an chumhacht a chuir coiscreadh faoi Pheigí Ní Mhuirígh. Tá cuimhne níos faide agus níos duibheagánaí ná sin ag na daoine seo. Canann siad gos íseal ar chogadh mar nár chan aon dream riamh ach dream a bhfuair a sinsir bascadh agus lascadh agus creachadh a chuaigh as cuimhne lucht staraíochta. Tá tairngreacht acu a chuirfeadh crith ar an anam is dóchasaí ar bith. Tiocfaidh an cogadh ‘eadar speal agus corrán’; ‘an seisiú bliain déag beidh Éire ramhar le fuil, agus an seachtú bliain déag, mo léan! cá ndeachaigh na fir?’ Nuair a bheas sé uilig thart ‘bhéarfaidh builbhín tuistiúin a sáith dá mbeidh beo ó Shop Seasc go Carn an Mhaighin’. Shamhlódh duine ar an méid sin an t-ár a himríodh ar a gcuid sinsear sular díbríodh iad le tine agus le harm ó mhachairí torthacha Uladh go dtí an cladach gortach diolba seo.

Ach ní troimide a gcroí dá thairbhe sin, cé go maireann an droch-chuimhne i gcúl a gcuid gealgháirí. Tá greann agus dícheall agus dóchas iontu. An té a shiúlfadh an domhan ag iarraidh daoine sona sásta, b'fhéidir gur acu a dhéanfadh sé cónaí. Is amhlaidh is tarraingtí iad le linn na seanscáilí seo a bheith ar a n-intinn. Dar le duine, nuair a chluineann sé an seanchas, gur chóir dó ceithearn choille a fheiceáil ag teacht amach as gleann; nó tormán chosa capaill Mhaolmhuire an Bhata Bhuí a chluinstean oíche ghealaí; nó léaró a fháil eadar dall is dorchadas ar Mharcach Sí Bhinn Fhoibhne a thigeadh chuig Ó Dónaill nuair a bhíodh contúirt air. Agus ansin imeoidh an seachrán sin agus tífidh tú daoine pléisiúrtha nach ndruidéann a súile romhat, ag comhrá fá thine mhóna nó ag obair ar pháirceanna domasaí.

Baile den Ghaeltacht sin Ros Cuain: baile a bhfuil abhainn ag dul tríd a lár go dtí an cladach agus crainn chaorthainn ag fás thall agus abhus tríd, agus tobar bean-naithe ann, agus leac ar a dtugtaí Leaba na Naomh. Bhí daoine go tiubh ann agus bhí an talamh briste suas leath bealaigh taobh an chnoic. Bhí na daoine gnoitheach go leor ann ag tabhairt a mbeatha i dtír—ag cur an earraigh agus ag baint an fhómhair, agus anonn agus anall go hAlbain. Ach, ó tharla folláin iad, ní raibh siad gan filíocht. Agus is rún dom trácht ar an acra éifeachtach ba mhó a chuir deis fhiliúnta ar a n-aighe agus ar a nádúir go dtí gur dhíbir saoltacht an lae inniu é—mar bhí, an Druma Mór.

BHEIRTÍ an Druma Mór amach Lá Fhéile Pádraig i Ros Cuain, agus chan i mbeagán focal a inseofar iomlán ar chiall don méid sin.

Scéal ar fiú dearcadh air go beacht, cé acu Pádraig a thiontaigh na Gaeil nó na Gaeil a thiontaigh Pádraig. Déarfar leat gur choisc Pádraig an slua a tháinig a chur smaicht air an oíche a dhearg sé tine na Cásca ar Mhagh Breagh, gur chuir sé draoithe ina dtost agus gur choscáir sé déithe bréige. Ach ceist agam ort, cá has a dtáinig scéal Oisín i ndiaidh na bhFiann, agus a bhfuil de intinn an Phágánaigh ann? Níl amhras nó tá leagan amach na nGael a tháinig i ndiaidh Phádraig ansin. Dhá chéad déag bliain i ndiaidh Phádraig, thug na Ceithre Máistrí, agus iad ina sagairt chráifeacha, thug siad Cúige Chonchubhair ar an chúige ar chuir Pádraig a ardteampall ar bun inti. ‘Cúchulainn na Taoibhe Tuaidh’ a thug file a mhair san am chéanna ar Aodh Mac Aodha Duibh Uí Dhónaill. B’fhearr a bhí a fhios ag cách an Táin agus seanchas Thuatha Dé Danann agus na bhFear Bolg ná bhí a fhios acu beatha na naomh, a fhad agus bhí a oiread réime ag Clanna Gael agus go mb’fhiú Éire a thabhairt ar Éirinn. D’fhan an Phágántacht i gcroí na ndaoine, agus is dóiche go raibh a lán di i gcroí Phádraig é féin, nuair a d’éirigh

leis bláth a chur ar a shaothar ina measc. Tá daoine i Ros Cuain go fóill a ní snaidhm na péiste os cionn beathach eallaigh a bhíos cloíte, daoine a chreideas sa tslua sí agus atí taiseanna nach den tsaol seo, daoine a chluin caoineadh, roimh bhás duine, ag baint macalla as cladaigh uaigneacha an chuain. Daoine atá iontu nach mbeannaíonn an Nollaig duit agus nach maireann an Bhliain Úr duit. Tá an Bhealtaine agus an tSamhain acu mar a bhí siad nuair a bhí Ollamh Fódla i dTeamhair; ach níor éirigh le féile ar bith de chuid na Críostaíochta a theacht i gcrann ina measc ach an Fhéile Bríde, an Fhéile Pádraig, an Fhéile Muire agus an Fhéile Eoin. Oíche Fhéile Bríde oíche na gcrosóg, Oíche Fhéile Eoin oíche na dtinte; ach is é Lá Fhéile Pádraig lá meanmnach an cheoil agus an uabhair. Deirtear gur chuir Oisín ar a shúile do Phádraig gur chóir dó an bealach a thabhairt don urnaí agus éisteacht le Lon Doire an Chairn:

An ceol is binne fán mbith,
Mairg nach éisteann ris go fóill,
A Mhic Calphrainn na gclog mbinn,
'S go mbéarfá arís ar do nóin.

Is dóiche gurbh é Oisín agus nárbh é Pádraig, gurbh é Lon Doire an Chairn agus nárbh é an salm nó an phaidir ba chúis le bratacha a bheith ag léimnigh agus drumaí ag búirigh i Ros Cuain an fhéile seo, go dtí ar na mallaibh.

Níor casadh aon duine riamh orm a raibh a fhios aige cá huair a toisíodh ar an ghnás, drumaí a thabhairt amach Lá Fhéile Pádraig. Cluinfidh tú na fir is sine i Ros Cuain ag rá go gcuala siad a gcuid aithreacha móra ag inse nach raibh a leithéid ann nuair a bhí siadsan óg, agus gur ghnách leo

a dhul anonn go dtí an Tráigh Léith agus Lá Fhéile Pádraig a chaitheamh ag iomáin ar an tseandóigh le camáin leathláimhe. B'fhéidir gur in aimsir Dhónaill Uí Chonaill a thoisigh na Gaeil ar an ghnás, agus go raibh sé fada leitheadach ar fud na hÉireann. Mhair sé sa cheantar ionadach seo i ndiaidh é imeacht as gach cearn eile den tír. Agus bhíodh an Druma i dtaisce i rith na bliana fá choinne an lae sin. Chodlaíodh sé i suan uasal gan mhilleadh; agus nuair a thigeadh an Fhéile Pádraig thigeadh sé amach agus tuile cheoil leis ar fud na tíre, mar an mharcshlua a mhaítí a bhí faoi Aileach na Rí. Nuair a bhíodh nimh na bhFaoilleach ar shiúl as an aer, agus an talamh tiontaithe, agus corrshleán ag dul i bportach, agus bádaí geala ag teacht chun na gcaslach agus mullóga de leathach bhuí orthu—i lár an tséasúir a ba ghnoithí sa bhliain—thigeadh an seal súgach seo agus chuireadh sé cor san aigne ag aosta agus ag óg. Focal atá ar shlí a rá anseo, nárbh é an chiall a bhí i Ros Cuain leis an fhocal 'druma' an chiall a bhaintear de ghnáth as. Bhí druma mór ansin a bhí chomh leathan le hosaid agus dhó nó trí de dhrumaí beaga, agus péire píob, agus b'fhéidir fiche fliúit, agus acra eile a dtugadh siad an *triangle* air. Bhí bratach ghlas ansin agus scothóga de órshnáithe uirthi agus dealbh Naomh Pádraig ar thaobh di agus ceann Dhónaill Uí Chonaill ar an taobh eile. Bhí claimhte agus sleánna maide ansin, agus bhí scór go leith fear leis na huirnisí seo a láimhdeachas. Bheirtí an Druma ar an iomlán. Deirtí go raibh a leithéid seo nó a leithéid siúd 'sa Druma', agus ní shíleadh aon duine gur i ngéibheann eadar an dá éadan a bhí sé. Deirtí Druma Ros Cuain agus Druma Log na Daraí agus Druma an Mhachaire Dheirg, nuair a ba mhian trácht ar phlúr fear na mbailte seo faoi arm agus éide na Féile Pádraig.

Tráthnóna áirid i mí an Mhárta chluineadh na daoine an tormán ag teacht tríd an chiúnas chucu, go mall coimhthíoch, mar bheadh sé critheaglach ag briseadh ar thostaíl na bliana. Bhí na fir ar obair ag cleachtadh. Bhí siad cruinn ag teach Sheáin Mhacadáin. Nuair a bhí an ghrian fá shiúl leathuaire do cholbha an domhain bhuail achan fhear acu corr a spáide ar cloich agus bhain sé an chréafóg di, sháith a dhá lámh ina chasóg agus bhain an baile amach. D'oibir siad an lá roimhe sin go luí gréine; ach bheadh an leathuair seo agus an uair de chlapsholas a bhí ag teacht ina diaidh gann go leor acu achan lá go ceann coicíse lena lámh a fháil isteach ar an cheol nár sheinn siad ó bhí an t-earrach roimhe sin ann. Anoir agus aniar na hairde, eadar thú is léas, tífeá ag teacht iad, agus aníos an cabhsa eadar an dá chlaí dreasóg go teach Sheáin Mhacadáin—fir mhóra agus a ngnúis daite le gréin, agus dreach céillí orthu ó tharla beatha nádúrtha acu, agus súile tintrí acu ó tharla an tsláinte agus an t-urradh gan chloí iontu. Bhí cuid acu pósta agus muirín ag méadú fán teach acu; bhí an mhórchuid acu ina mbuachaillí óga díomhaoine; agus bhí dornán de ghlas-stócaigh chaola ina measc, agus iad ag tarraingt na gcos ina ndiaidh ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an choiscéim a bhí leis na fir. Chruinnigh siad ag tóin sciobóil Sheáin Mhacadáin, ar an ard os cionn na farraige, agus bhí adharc de chuid an chuain anonn uathu, agus reannaigh den pharóiste thall, agus oileáin mhara ar a n-amharc amach go dtí an áit a raibh na néalta ag cráinghuail go fóill mar bheadh gríosach an lae sin ann. Deargadh píopaí, agus sádh na lámha i bpócaí na mbrístí, agus rinneadh corrfhocal comhrá; agus bhí an comhluadar chomh socair leis an tsoláthar gan chian gan driopás a rinne siad ó mhaidin. Chruinnigh

scaifte de pháistí miona in aice leo, ag feitheamh leis na hiontais. I gceann tamaill chruinnigh baicle de na fir ba chéadfaí fá Sheán Mhacadáin. Bhí Seán ina sheasamh agus a dhroim leis an bhinn. Fear beag giortach dubh leathaosta a bhí ann. Cé go raibh a theaghlach ar shéala a bheith tógtha, bhí a oiread grá ar an Druma aige agus dá mbíodh gan a bheith de chúram air ach é. D'éirigh na fir beo, agus tháinig dreach smaointeach ar a n-aghaidh. Thoisigh Seán Mhacadáin a chuntas:

‘Tá Seán Mhaighréide againn, agus Donnchadh Éamainn, agus Peadar Sheáin agus Niall Bhríde. Ní thig le Conall Phádraig siúl i mbliana.’

Chlaon cupla duine acu a gceann.

‘Ní thig a iarraidh air.’

‘Maise, damnú go siúlfainn féin, dá mbínn ina áit,’ arsa Seán Mhacadáin.

‘Tá an mháthair curtha anois le trí ráithe. Tá a fhios agaibh, ní hionann Lá Fhéil’ Pádraig agus lá ar bith eile. Is é an gnás atá ann gan tú port fidile a éisteacht go ceann bliana i ndiaidh duine de do mhuintir bás a fháil. Dar liomsa gur cuma do Chonall Phádraig nuair nach mbíonn fideal ar bith linn.’

Rinne na fir leamhadh gáire.

‘Is iomaí gléas ceoil ann, mar dúirt an fear a raibh an trumpa maide aige,’ arsa Tarlach Néill. ‘Tá eagla orm nach dtugann do chuid cainte ar Chonall Phádraig siúl. Siúd is gur chuma dó.’

‘Ba chuma, leoga,’ arsa fear eile, ‘ach go bhfuil díth céille an duine mór.’

Dearcann na Gaeil ar ghnás mar sin.

‘Gheobhaimid a fhliúit,’ arsa Seán. ‘Imigh, a mhic, suas tigh Chonaill Phádraig agus iarr a fhliúit air.’

D'imigh an gasúr trasna na leacach ar cosa in airde.

D'ainmnigh Seán leis:

'Séamas Mór Chormaic, agus Seán Óg Sheáin Mhóir, agus—tá Eoghan Bhriain in Albain—agus Tarlach Néill anseo, agus Diarmaid.'

Ní raibh ach aon Diarmaid amháin i Ros Cuain, agus ní raibh féidhm a bhaisteadh as a shinsir.

Tháinig Diarmaid é féin chun tosaigh an t-am seo. Fear mór dubh garbh a bhí ann a raibh slinneán millteanach air agus cleachtadh aige an rud a thigeadh chun an bhéil chuige a rá.

'Táimid ag cur an tráthnóna amobha,' ar seisean. 'Tá sé chomh maith againn an Druma a thabhairt amach.'

Bhí lúcháir ar an chuid eile acu é a bheith ansin le briseadh ar na geasa, nó shílfeá gur le Seán Mhacadáin é féin an Druma. Bhí sé cleachta leis an taisce éifeachtach sin a bheith sa teach aige leis na blianta. Bhíodh sé ag smaoineamh air gach uair dá dtugadh an saol faill dó a bheith filiúnta. Agus, dá thairbhe sin, bhí sé de chomhair a bheith chomh maith agat a lao a iarraidh ar an bhoin nó a nead ar an éan lena iarraidh air an Druma a thabhairt amach ón tseanlochta. Tháinig dreach air mar thiocfadh ar fhear a bheadh ag déanamh gar do dhuine dá ainneoin. Scairt sé lena mhnaoi, Eibhlín, an eochair a thabhairt amach. Nuair a tugadh chuige í, chuaigh sé suas go malltriallach staighre na gcloch go dtí doras an lochta agus d'fhoscail sé an doras. Chuaigh cupla fear eile isteach ina dhiaidh. Chruinnigh na páistí thart agus gan aon duine ag cur chucu nó uathu. Sheasaigh Eibhlín sa doras agus a dhá láimh ina taobhanna. Bhí duine éigin ag scairtigh i bhfad ar shiúl, agus stad sé, agus b'amhlaidh ba doimhne an suaimhneas

ina dhiaidh. Bhí Ros Cuain ag feitheamh le dúiseacht a chuid filíochta.

Tháinig an Druma Mór amach ar bharr an staighre, agus Seán ina dhiaidh agus greim ar na hiallacha aige, agus é á láimhdeachas go faichilleach agus go cráifeach. Labhair na páistí go leathíseal le chéile agus iad faoi uafás: ‘An Druma!’ Tháinig Seán anuas an staighre agus an bheirt eile agus lán a n-uicht is a n-ascallaí de na hacraí eile leo. Bhí aoibh lúcháireach ar Sheán nuair a d’fhág sé síos an Druma.

‘Tá sé amuigh arís, a fheara,’ ar seisean. ‘Mo Dhruma Mór bocht!’

Níorbh obair bheag nó shuarach na gléasraí ceoil a rann. Shíl an uile fhear riamh acu gurbh fhearr an fliúit a bhí ag an fhear eile ná an ceann a fuair sé féin. Agus char dhada é go dtí go raibh na triantáin le cur i gcuibhreann. Bhí slúiste de ghasúr fhada chóir ann a bhuail ceann acu an dá bhliain seo a chuaigh thart, agus ní raibh sé sásta glacadh an iarraidh seo leis. Chrom sé a cheann.

‘Seo, a Mhicí,’ arsa Seán Mhacadáin, ‘seo do *thriangle* féin.’

‘Bhuail mise le dhá bhliain é, agus sin Muiris Dhonnchaidh nár bhuail ach anuraidh é agus tá fliúit i mbliana aige.’

‘Seo, a dheartháir,’ arsa Seán. ‘Buail anocht é agus bhéarfaimid fliúit san oíche amárach duit.’

‘Ní bhuailfidh, maise.’

‘Buailfidh Muiris Dhonnchaidh an ceann eile anocht fosta,’ arsa Seán.

‘Ní bhuailfidh ná a shaothar air,’ arsa Muiris Dhonnchaidh. ‘Níl Micí Mhéabha ábalta a bhualadh ar fhliúit ach *Let Erin Remember*.’

‘Bréagach thú!’ arsa Micí. ‘Tá a fhios agam *Lá Fhéile Pádraig* agus *The Wearin’ o’ the Green*.’

‘B’fhéidir gur mhaith leat cluaisín a fháil,’ arsa Muiris Dhonnchaidh, agus dhruid sé anall leis. Shín sé lámh amháin síos díreach lena thaobh agus an dorn druidte, agus shín sé an ceann eile taobh siar de. Ba í an fhaill aige í lena chruthú gur fear a bhí ann.

‘Seo, seo!’ arsa Diarmaid. ‘Bíodh múineadh oraibh. Beir ar do fhliúit, a Mhuiris. A Mhicí, mura mbuaile tusa an *triangle* ní bhfaighidh tú cead siúl sa Druma ar chor ar bith.’

Thiontaigh Micí agus bheir sé go fuarbhruite ar an triantán. Bhí a fhios aige go raibh gasraí go leor ar bhuí bocht leo é a fháil, agus chonaic sé nach raibh an dara suí sa bhuaile ann, ach corrthamall a fháil ar iasacht ar fhliúit go ceann bliana eile.

Shocraíodh siad gach iaróg de réir a chéile, nó bhí sé tuigthe uilig acu go gcaithfeadh an Druma a dhul amach agus go gcaithfeadh siad a bheith ní ba chóirithe agus ceol ní b’fhearr a bheith leo ná Druma Log na Daraí agus ná Druma an Mhachaire Dheirg. Bheadh siad ag dúil go n-abródh an sagart gur mhór an chliú don phobal muintir Ros Cuain; go n-abródh Séamaisín an Droichid, nuair a bheadh a raibh de bhiotáilte sa teach díolta aige leo, gur dhúirt sé féin le fear as Log na Daraí an lá roimhe sin go raibh eagla air go mbeadh muintir Ros Cuain trom acu; go mbeadh cuid ban Shéamais an Ruiséalaigh ag amharc amach ar na fuinneoga barr agus ag rá gur dheas na bearáid a bhí orthu. Chuireadh gradam an Druma cúl ar gach achrann. Chruinníodh siad pingneacha airgid. Má bhí acra ar bith de dhíth orthu, scríobhadh siad chuig *Andrew Maguire* i mBéal Feirste. Gheibheadh siad órshnáithe agus ribíní fá choinne an chóirithe. Thoisíodh na páistí a dhéan-

amh aithrise orthu. Gheofá clann Bheití an Phíopa amuigh ar an ard in áit a bheith ar an scoil, agus bucaeidí agus fideoga acu, agus an domhan mór le cur i gcrích acu. Chruinníodh na cailíní óga sna tithe, agus chan ar an Druma a bhíodh siadsan ag caint ach ar na damhsaí a bheadh ann Oíche Fhéile Pádraig. Bhí a gcuid baoise féin acusan, agus bhí a n-aighe dall ar bhaois gháifeach scaip-each na bhfear.

Mar bheadh Pádraig mór leis na cumhachtaí a ní an aimsir, bhí sé de bhua ar an tSeachtú Lá Déag a bheith maith. Bhíodh grian samhraidh ann agus feochán nár bhaol dó go ligfeadh sé na bratacha chun suain. D'éiríodh na huiseoga in airde agus sheinneadh siad go forbhfáilteach in imeall ghormlach na spéire. Níorbh é an tráth den bhliain é ab áille an baile. Bhíodh na páirceanna dubh, agus an féar gairid, agus na dreasóga críon, agus gan na buachalláin bhuí ach ag gobadh os cionn talaimh. Bhíodh na creagacha loma gortacha mar bheadh leachtaí, agus an úir nochta mar bheadh uaigheanna i ndiaidh a ndruid ann. Ach scabadh an ghrian a cuid solais orthu mar bheadh tonn líonta ann, agus bhreacadh sí na sléibhte, agus níodh sí trilsí óir ar bharra na dtonn ar dhroim an chuain. Bhíodh teach Sheáin Mhacadáin féin ina chineál seoide. Bhíodh sé nite le haol an t-am seo de bhliain i gcónaí, agus ní mó ná go dtabharfá faoi deara an stáid a bhí déanta ag an toit i mbinn an tsimléara, agus bhíodh diasa muiríní fá bharr na mballaí, mar bheadh dlaíoga de órfholt ar éadan fleascaigh.

3

MAIDIN de na maidineacha seo Lá Fhéile Pádraig, nuair a bhí sé a naoi a chlog agus na daoine ag toiseacht á gcóiriú féin fá choinne an Aifrinn, bhí na laochraí faoina dtrealamh ag teach Sheáin Mhacadáin. Micheál Shéamais, a bhí ina chónaí thiar thuaidh ar Reannaigh Mhaolmhuire, chuala sé chuige cuisle cheoil ag faibhriú sa ghaoth anoir aneas. Bhí sé mar mhéadófaí guth na n-uisceog go mbeadh leithead búire mara ar tráigh ann. Scríobhfá ar leithead duilleoige é, chanfá i gceathrú bomaite é:

This day in the year Irish hearts are uplifted.

Ach nuair a séideadh isteach i gcolainn na bhfliúiteanna é, agus bheir an ghaoth air agus d'iompair sí é, mhéadaigh sé agus scab sé mar spréas an tonn líonta ar imeall na trá. Shín sé ina thuar cheatha cheoil trasna na spéire, agus é i dtólamh ag léimnigh agus ag lúbarnaigh mar uisce le fána nó mar chranna le gaoth. Thart le Micheál Shéamais leis, agus anoir ina dhiaidh le sruth eile:

And dreams of past glories inspire us to sing.

Agus chuaigh cor agus cor eile den phort siar, agus iad ag imeacht ina miondeora mar scabas an ghal a éiríos ón

driúcht, siar—siar agus amach in araicis an tslua sí. Bhí lúchair ann mar an chéad mhuscladh a rinne an chéad duine; bhí dóchas ann mar an dóchas a thug na hanamacha as Ifreann na nAithreach Naofa; bhí fáilte ann mar bheas ag cruinniú na gcarad Luan an tSléibhe. D'imigh gach gruaim agus smál, gach smur agus smúid, gach cian agus imní, ag teitheadh roimh gheantraí na bhfliúiteanna agus na bpíob, agus smachtbhuillí tolla troma an Druma Mhóir, anonn go fíorghlinnte an aeir.

Fear a bhí i Micheál Shéamais a chuaigh i bhfad siar ar lorg a oidhreachta: sealgaire de chuid an tseansaoil a bhí ann. Ní raibh sé mór a gcuireadh sé nó a mbaineadh sé. Bhí sé seachantach ar an chomharsain. Is iomaí lá sa tseachtain atítí sa deán é, agus a dhroim crom agus bior ina láimh agus é ag seilg leitheanna. Bhíodh sé ar an obair seo, go háirid, gach Domhnach agus lá saoire nuair a bhíodh na comharsana ag an Aifreann. Ach Lá Fhéile Pádraig chuir sé air na balcaisí ab fhearr a bhí aige—agus b'fhurast a moladh—agus chuir sé stoc fána mhuineál, agus d'imigh sé ar sodar ag tarraingt ar an Druma. Bhí a shúil scáfar agus a iompar cotúil, ach bhí a oiread de ortha ag an cheol dó agus go bhfulaingeadh sé súile an chine dhaonna an lá seo ar na bóithre agus i dteach an phobail. Agus cibé daoine corra uaigneacha a bhí fán bhaile, rinne siad aithris air. Donnchadh Eoin a raibh a oiread leisce air as a bhlagaid agus nach rachadh sé in áit ar bith a dtiocfadh air a cheannbheart a bhaint de, agus a chuaigh a shnámh lá amháin agus a hata air, rinne sé dearmad dá mhaoil an lá seo. Róise Phaideamáin, a raibh ribeacha féasóige uirthi a chuir ó mhargadh í, bhí sí i ndoras theach an phobail in am Aifrinn agus a seál fána béal. Gach duine dá raibh coinbhreoite nó creapalta, gach duine ar leag Dia lámh air, tháinig sé amach

leis an chuid sin de uabhar an tsaoil a bheith aige. Deirtear gur fhuascail Orpheus a bhean as Ifreann le cumhacht an cheoil; is iomaí sin duine a d'fhuascail Orpheus as géibheann i Ros Cuain Lá Fhéile Pádraig.

Chonaic Micheál Shéamais an bhratach mhór ag caismirnich agus buailteoirí an Druma Mhóir ag rothladh, eadar é agus léas, nuair a thóg sé an t-ard os cionn an tí. Bhí sreang dhubh de fhearaibh ag dul amach an bealach mór thiar. Anall aichearra na bpáirceanna leis, thar chlaitheacha agus dhíogacha, agus nuair a bhí sé ag druidim leo chonaic sé Pádraig ar an bhratach, agus na heascanna nimhe fána chosa agus a chroisín ina láimh, agus é measúil ina chuma, d'ainneoin gach cor dá raibh an séideán a bhaint as. Chonaic sé an breacadh cóirithe a bhí ar na fir; agus i ndeireadh ama chonaic sé an dreach mórluachach bródúil a bhí orthu, agus thug sé faoi deara cé ab fhearr a bhí sásta lena ghnoithe agus lena ghléas.

Bhí beirt fhear ar tús ar dhroim capall. Bhí monganna na gcapall bearrtha gairid agus iad ceangailte le ribíní glasa agus buí, agus a gcuid rioball mar an gcéanna. Bhí bearáid chruinne ar na marcaigh, agus criosanna glasa, agus scothóga ar a nguailleacha, agus ribíní glasa agus geala síos droim a gcuid casóg agus dhá thaobh a gcuid brístí. Bhí seisear *sergeants* ag siúl ina ndiaidh, agus an cóiriú céanna orthu, agus claimhte maide leo a raibh ribíní glasa agus buí oibrithe thart orthu ón dorn go dtí an barr, agus pící maide a bhí daite fosta. Ba é fear an Druma Mhóir an dara fear sa tsiúl, agus a chuid sciathán san aer agus a chuid éadaigh teannta ina chlupaidí ar a shlinneán ag iallacha an druma. Bhí na fliúiteoirí ina dhiaidh, agus char chóiriú é go dtí iadsan. Bhí daisín seamróg, de chorda gheal a bhí chomh ramhar le rópa cnáibe, ar bhrollach gach fir. Bhí na

scothóga ar a nguailleacha, agus ní raibh aon fhuáil ina gceirteach nach raibh ribín léi. Bhí a gceann crom ag séideadh sna fliúiteanna. Bhí lucht na dtriantán agus na píobairí ina ndiaidh, agus ceathrar eile sáirsintí ar deireadh. Ní raibh ordú saighdiúirí orthu, ar ndóigh, ach bhí achan fhear ag cur i gceart leis an ócáid. Ní mó ná go raibh fear ar bith acu i mbun na measarthachta i gcolainn nó i ndreach. Bhí an choiscéim scaoilte nádúrtha leo a bhíos le daoine a thógtar ar an fhairsingeach, agus bhí a oiread de bhua ag draíocht an lae sin orthu agus nach raibh leisc nó faitíos ar aon duine.

Bhí dhá chrann faoin bhratach agus bhí beirt den chuid ab urrúnta á hiompar. Bhí sreang as gach taobh di, agus bhí dís eile agus greim acu orthu sin: Séarlas Ó Maonaigh agus Eoin Mháirtín. Ní bhfuair an bheirt riamh ní b'fhaide chun tosaigh ná sreangacha na brataí.

B'fhurast a aithne ar achanfhear an lá sin goidé an méid measa a bhí aige air féin. Ní hé amháin go raibh a fhios ag Seán Óg Sheáin Mhóir go raibh sé sé troithe ar airde, agus gurbh é an fear chaitheamh cloiche é ab fharr i Ros Cuain; bhí sé le léamh air go raibh meas ag fir ar a bharúil i lúb cruinnithe, agus nuair a labhradh sé go n-éisteadh siad leis. Bhí sé de chliú ar Sheán Óg gurbh é an fliúiteoir ab fharr ar an bhaile é, agus d'aithneofa, mura mbeadh ann ach an greim a bhí ar an fhliúit aige, go raibh a fhios aige féin sin; agus dá n-insíodh do chluas agus do choinsiasa duit go dtiocfadh le Niall Bhríde port a bhualadh chomh maith leis féin, chaithfeá a chreidbheáil go raibh rud éigin de bharr ag Seán air, bíodh sé ina dhreach nó ina intinn: rud éigin nach dtiocfadh leat a mhíniú. Bhí a fhios ag Proinsias Mhicheáil Bhuí an choiscéim a bhíodh le píobairí na hAlban.

An scrublach de mhionghasraí a bhí ina ndiaidh agus cipíní leo, dá dtéadh siad ródheas dóibh ní raibh ag fear acu ach tiontó thart, agus geallaim duit go gcuirfeadh sé cúl orthu. An lá roimhe sin, ní raibh iontu ach fir spáide ar pháirceanna cúnga; ach an lá seo bhí siad chomh stuama le dáil agus chomh mórluachach le heaspaig, agus chomh scáfar agus chomh tintrí le harm. Agus a gceart féin a thabhairt dóibh, is cuma goidé an gus a bhí iontu, ní raibh fear ar bith ag maíomh air féin go raibh teach nó talamh nó toice ní b'fhearr ná fear eile aige. Dhearcadh siad ar na buanna a bhí as broinn le duine, agus na buanna a chruinnigh sé ag teacht i gcrann dó. Bhí amhrán acu ag trácht ar na tréathra arbhfhiú cleamhnas a dhéanamh leo:

Fianaise ort, a nion, cé acu sin den dís

Is measúla ag gabháil fríd an chomharsain:

Scafaire glan caoin a chuirfeadh beirt acu sa díg,

Nó luipreachán na dtrí mbó sin?

Ná santaigh thusa an mhaoín agus an fear beag

lena taobh,

Nach n-imeoradh dhá phingin 's nach

n-ólfadh. . . .

Bhí siad dícheallach go leor, agus tábhachtach go leor nuair a bhí tráth oibre agus taisce ann; ach nuair a thiocfadh lá a raibh sé ina ghnás a bheith ságach, scabfadh an chuid ba cheachartha acu gan doicheall gan dúlaíocht.

Bhí sé dhá mhíle an aichearra go teach pobail Log na Daraí, agus bhí sé ceithre mhíle thart an bealach mór. Thart an bealach mór, ar ndóigh, a théadh siad agus a théadh formhór mhuintir an bhaile. Corrdhuine arbhfhearr leis an toirtín beag agus an bheannacht, arbhfhearr

leis áit a fháil i dteach an phobail, théadh sé an aichearra. Bhí an teampall cúng go leor saoire ar bith sa bhliain, ach an Seachtú Lá Déag bhí sé ag cur thairis. Amach an bealach mór a théadh an dream dathúil fear sin agus iad breactha le scéimh, agus sreang dhubh daoine ina ndiaidh, agus í i dtólamh ag éirí fada. Chuaigh siad anonn an áit a raibh teach Eoin Uí Dhúgáin, istigh i ndos crann de chois locha, agus tháinig Donnchadh Eoin amach go fáilí agus chuaigh sé sa tsiúl, agus rinne sé dearmad dá bhlagaid. Amach ag Cloch an Scíste, an áit a ndéanadh daoine a scíste ag teacht ón phortach le móin, bhí scaifte de aos óg bharr an bhaile ag fanacht leo. Amach thar an tsruthán ag críoch an bhaile, agus iad ag cruinniú daoine mar chruinníos cnap sneachta toirt ag dul le fána. Suas an mhala ag teach Néill Uí Chuirreáin, agus in airde ar dhroim an chaoráin, an áit a raibh an baile uilig thíos fúthu, agus an caorán dubh a bhí thuas ag bun na sliabh ar a n-amharc. Bhí na tithe ag éirí gann anseo, agus bhí fairsingeach ann a d'fhóir do mhéid na hócáide. Bhí siad céad slat de dhaoine ann ag dul amach droim an chaoráin dóibh agus ba lonrach iad agus gan ar gach taobh ach bachtaí agus fraoch agus clampaí. Chuaigh siad thart an croisbhealach, siar ag teach Dhargáin, agus ansin tháinig crith ar an aer a bhí rompu agus chuala siad Druma Log na Daraí ag teacht ina n-araicis.

Tháinig dhá ghaoth cheoil ag tarraingt ar a chéile. Bhí sé mar dhéanfadh mart uaigneach búire agus bhéarfadh ceann eile freagra air, agus gan iad ar amharc a chéile. Dhruid an dá dhruma le chéile, agus bhí an ród a bhí rompu mar bheifí ag cur anama ann, agus mar bheadh sé ag éirí aníos ina thonn as an ghéibheann shuarach ina raibh sé eadar dhá dhíg. Ansin chonaic muintir Ros Cuain druma coimhthíoch, druma nár leo féin, agus má bhí aithne

acu air ní raibh. Casadh ar a chéile iad ar an ard ag teach Néillín Sheonaí. Ba é teach Néillín Sheonaí an teach ba mhó dár casadh go fóill orthu. Bhí siopa agus teach tábhairne ann, agus é cosúil le teach baile mhóir. Ba é tús Log na Daraí é, agus bhí sé ar thaobh an bhealaigh a bhí eadar an ceantar a bhí taobh thíos de na sléibhte agus an tír a bhí taobh thuas. Thiontaigh Druma Log na Daraí ar a sháil, agus chuaigh an dá dhruma síos an mhala ag tarraingt ar theach an phobail.

Bhí na tithe dlúth anseo. Bhí na sléibhte ag brú orthu ó thaobh amháin agus an fharraige ón taobh eile, á gcur isteach i gcumar chumhang. Thiar ag bun na malacha bhí droichead, agus é ag cur scáile ar an uisce, agus bhí teach an phobail ina sheasamh os a chionn le bun Chnoc na Daraí, agus é i bhfad níos mó ná na tithe a bhí timpeall air. Bhí an bealach mór dubh le daoine ar dhá thaobh theach an phobail. Bhí Druma an Mhachaire Dheirg ag teacht aniar ag an bheairic, agus a lucht leanúna féin leis.

Nuair a tháinig na trí dhruma le chéile bhí dhá mhíle duine ar an bhealach mhór. Bhí siad taobh istigh den bhalla a bhí thart ar theach an phobail. Bhí an sagart féin ina sheasamh ansin. Bhí an bealach mór taobh amuigh den bhalla ina choill daoine, anonn go dtí doras Mhicheáil Mhóir agus Mhaighréide Óige. Lá den tseachtain, ba doiligh áit a fháil chomh huaigneach le Log na Daraí. Bhí sé leath ina shráidbhaile, agus bhí na daoine ag éirí seachantach cosúil le lucht sráidbhaile, agus ní raibh a oiread de amharc tithe nó de sholáthar ann agus chuirfeadh beogacht ar bith ann. Ach nuair a bhí an slua seo bailithe, mar bheadh nead beachóg a luífeadh ar craobh, thóg siad do shúil de na nithe a d'fhág Log na Daraí suarach lá den tseachtain. Ní fhaca tú an cnoc agus ní

fhaca tú an cuan; ní fhaca tú gleann fada Mhín na Cíbe agus an mana a bhí aige gurbh fhairsing Éire. Ní fhaca tú ach na fir agus iad mór, na capaill agus meanma iontu nár léir duit an lá roimhe sin, na bratacha agus iad ag bualadh na gaoithe agus ag tonnadh na gréine dá sleasa umhla lonracha i bhfad in airde os do chionn. Líon an ceol do chluasa agus d'fhairsingigh sé d'aighe, agus chuala tú an domhan ar crith faoi bhéimeanna doimhne dordánacha na ndrumaí. Chuaigh siad siar thar gheasta theach an phobail in araicis Dhruma an Mhachaire Dheirg, agus ag teacht aniar dóibh bhí Druma Ros Cuain ar tús—bhí, agus bhí bród orthu de thairbhe na buntáiste sin a d'fhág an suíochán a bhí orthu sa cheantar acu. Chuaigh siad isteach ar gheasta theach an phobail agus thart ar theach an phobail trí huaire. Choinnigh muintir Ros Cuain a súile ar choirnéal an teampaill nuair a chuaigh an Druma as amharc ar a chúl, go bhfeiceadh siad chucu arís a mbratach agus a gcuid laochraí. Mhéadaigh a nDruma le gach coiscéim ó d'fhág siad an baile go dtí go raibh an teampall ar a ngualainn agus an sliabh ar a gcúl agus an cuan ag a gcosa. Tháinig Donnchadh Eoin aniar as cúl bairille a bhí ag teacht Mhaighréide Óige; lig Róise Phaideamáin don tseál titim dá smigead; chuaigh Méabha Thuathail a bheannachtaigh lena cuid buachaillí bána. An tríú huair a chuaigh siad thart bhuail siad *Ó Dónaill Abú*. Agus níor mhó an t-uabhar a bhí ar Chlann Chonaill 'lá an Chorrshléibhe iar gclaoi na nGall' ná a bhí ar an dream seo a rinne dearmad dá sinsir. Chaill siad oidhreacht an Chorrshléibhe go dearfa. Ní raibh fágtha ach an grá ar an cheol agus ar fhearaibh in eagar slóigh ag na fir seo a shíolraigh ó chuid marcach Uí Dhónaill agus ó chuid gallóglach Mhac Suibhne na dTuath. Nuair a bhí an fáinne sin déanta fán teampall d'fhág siad

na huirnisí i leataobh agus chuaigh siad féin agus an pobal isteach agus d'éist siad an tAifreann. Rinne an sagart seanmóir ar Naomh Pádraig. Ach a fhad agus bhí sé ag caint bhí spideoga ag seinm sna cúplaí, agus bhí fir agus breacadh ribíní orthu agus gan iad rófhoighdeach ar bith. Dar leat go raibh deifre orthu, agus b'fhéidir 'gurbh ansa leo sliabh ná cill'. Ag an tsoiscéal deireanach d'éirigh siad agus chuir siad a gcosa thar na suíocháin, mar bheadh siad ag léimnigh thar chlaitheacha, agus chuaigh siad amach. Tháinig an sagart anuas ón altóir ar ball beag agus dúirt sé na paidreacha deireanacha, agus thug na cléirigh freagra air.

Ansin sheol an sagart amach fána chulaith Aifrinn ó bhun na haltóra. D'éirigh trup mar bheadh marbhthoirneach ar fud an teampaill nuair a d'éirigh na daoine óna nglúine. Ag dul amach dóibh bhí na fir cruinn fána gcuid drumaí agus iad á gcur féin in eagar.

Soir agus siar an bealach mór arís leis na drumaí, agus ansin scar siad agus chuaigh siad chun an bhaile.

Bhí dinnéar mall ag muintir Ros Cuain an lá sin, nó chuaigh a mbunús uilig thart an bealach mór leis an Druma. Agus ar a trí a chlog bhí na fir cruinn arís agus d'imigh siad go Droichead Chró na gCaorthann. Áit álainn a bhí ann, agus crainn chaorthainn crom anuas os cionn an droichid a bhí ar Abhainn na gCaorthann. Bhí teach tábhairne ag an droichead, teach Shéamaisín an Droichid. Agus cibé a bhí briste leis an lá, ní raibh Séamaisín. Is iomaí deoch a hóladh aige. Fágadh na huirnisí amuigh i gcúl an tí, agus phlódaigh na fir isteach teach an tábhairne agus rinne siad mionscaiftí díobh féin agus, má rinne, chan le gleo ná le gáirí ná le ceol a dhéanamh. I gceann achan tamaill thigeadh beirt nó triúr amach agus sheasaíodh siad agus dreach orthu mar bheadh gnoithe an domhain le cur i gcrích acu, agus gan a fhios ag an té nár díobh goidé na rudaí duibheagánacha a d'éirigh leo a fheiceáil ar shlí a ndéanta agus ar shlí a ráite, nach raibh dul aige féin a thabhairt faoi deara. Ní raibh ceol ar bith á sheinm agus bhí na gasraí ag éirí tuirseach ar an bhealach mhór. Chuaigh cupla duine acu gur chuir siad a soc isteach ar dhoras sheomra na biotáilte. Chonaic siad an seomra dubh le fir, agus tháinig faitíos orthu agus dhruid siad siar. Shiúil na cailíní óga an bealach mór agus iad ag sitgháirí agus ag comhrá. Chuaigh an ghrian thart an spéir

go toilghnústa, agus bhí sí fá rith leathuaire do imeall daite thrilseach an láin mhara sular tréigeadh teach Shéamaisín an Droichid.

Bhailigh siad ansin go cróga agus thóg siad a gcuid uirnisí. Ní aithneodh aon duine iad corrach ar a gcosa nó crith ar a lámha. Anoir agus loch óir ina luí ar na mínteacha leathana caoráin, gur fhág siad Baile na gCaorthann ina ndiaidh agus go raibh siad in Ailt na Glaice.

Tá an bealach mór anoir Ailt na Glaice ag caismirnigh eadar dhá bhruach chreagacha, agus caorán ar a gcúl. Ba deas í i lár an lae nuair a bhí achan dos fraoigh agus achan ghas raithní inti maisithe ní ba deise ná cuid fear an Druma. Ach bhí an ghrian ina luí an t-am seo. Bhí bearradh fuar ag teacht air. Bhí an t-aer ag éirí báiteach breac le dúileagáin na hoíche. Bhí an Caorán Rua ag éirí dubh. Bhí gabhar le Antain Anráis ag innilt ar bharr binne, agus bhí a ghéaga caola agus an fionnadh scáinte a bhí air deileoir i gcuma eadar thú agus léas. Bhí Lá Fhéile Pádraig ag imeacht; ní raibh an tráth de bhliain ann a mbíodh coineascar filiúnta ann. Agus mhothaigh na fir iad féin ag éirí tuirseach agus bhí an ceol á shlogadh thall sa chaorán, an áit a raibh buna na seanchrann ina luí marbh. Tháinig siad go dtí an crois-bhealach.

Bhí dhá bhealach ag dul tríd Bhaile Ros Cuain, an bealach mór thoir agus an bealach mór thiar. Agus b'áin leis an leath thoir den bhaile an bealach thoir agus, ar ndóigh, bhí an leath thiar mar an gcéanna lena mbealach féin. Agus anois, nuair a bhí an bhiotáilte ólta acu, tháinig an tnúth sin tríothu. Bhí beirt de na fir a bhí ar toiseach as an taobh thoir. Sheasaigh siad ag ceann an bhealaigh mhóir thoir. Thug an chuid eile acu iarraidh siúl leo, ach chuaigh Tarlach Néill rompu.

‘Níl an Druma ag gabháil síos thiar anocht. Tháinig sé aníos thiar ar maidin.’

‘An bhfuil tú ag brath an baile a chur in adharca a chéile?’

‘Tháinig sé aníos thiar, a deirim.’

‘Ní bheifeá beo gan iaróg a thógáil.’

‘Tháinig sé aníos thiar agus rachaidh sé síos thoir.’

‘Cha dtéid.’

‘Deirimse go rachaidh.’

‘Gheall sibh go ligfeadh sibh síos thiar é.’

‘Bréagach thú!’

‘Bréagach lochtach thusa!’

Bhí clibín acu an t-am seo ann agus a gcuid lámh sínte acu agus coinnle ar a súile, agus achan bhúire borb acu, agus an chaint á tachtadh le tine a gcuid feirge agus leis an ainchleachtadh a bhí orthu ag geamhthroid. Nó sé lá na seachtaine ba ghnáth leo a bheith suaimhneach le chéile.

Chaith Tarlach Néill de a chasóg gur nocht dhá mhuinchille gheala a léine. Tháinig cupla fear a bhí muinteartha dó a chur air na casóige arís. Leis sin scairt Seán Óg Sheáin Mhóir nach raibh aon fhear ar an bhealach mhór nach mbuailfeadh sé féin. Micheál Beag Shéamais Mhicheáil, nach raibh uchtach aige comhrac a chur ar fhear ar bith, bhuail sé smitín ar Eoin Mháirtín, ó tharla ina dhuine gan cheilg é sin. Chrom Eoin a cheann agus rith sé cupla coiscéim, agus é ag rá gur sin ‘díogha gach úsáide’.

Fear pósta a bhí i Micheál Beag, agus rith a bhean isteach agus chuaigh sí i bhfostó ann. Sin nuair a rinne sé an lá brách de. ‘Mise an coileán a thiontódh bolg bán ar an chuid is toirtí acu: *Here goes young McCauley*. Dar brísce, ‘fheara, is mé a throidfeadh!’

‘A Mhicheáil, a thaisce,’ arsa an bhean leis, ‘ná loit stócach aon duine.’

Nuair a chuala an chuideachta an achainí a bhíothas a iarraidh ar an fhear bheag, chuaigh siad a gháirí. Fágadh an comhrac uilig ag Micheál. Scairt fear éigin den mhuintir thiar an Druma a ligean leo. Agus i gceann bomaite eile bhí síocháin déanta. Chuaigh siad síos an bealach thoir.

Chualathas buillí deireanacha an Druma Mhóir ag léim-nigh anonn go folamh ar an ghaoth dheileoir ag dul ó sholas dó. Bhí croí na ndaoine tuirseach leis an phléisiúr agus ní raibh léamh ar na mianta a bhí ag faibhriú iontu. Níor fhan ag an phort deireanach ach cuid fear an Druma agus scaifte gasúr. Bhí an chuid eile ar shiúl ar fud an bhaile, achan duine agus a úil ar a thairseach féin.

Ach bhí meadhar na hoíche le theacht go fóill.

Bhí scoil i Ros Cuain, ar ndóigh. Teach mór fada cheann tuí a bhí ann, a bhí ansin le leathchéad bliain. Chluinfeá na seandaoine ag caint ar an bhliain a rinneadh teach na scoile, nuair a bhíodh siad ag seanchas ar stair an bhaile. D’insíodh siad stair an bhaile mar d’insítí an Fhiannaíocht agus an Táin; go dearfa, bhí táin dó féin i Ros Cuain. Bhí, agus bhí seanchas ar an bhliain a rinneadh an scoil sa táin sin. Throid Cnochúr Ciotach Ó Baoill agus Néillín Mac Ruairí an bhliain sin fá chasúr a cailleadh nuair a bhí an obair chloiche á déanamh. Fear mór neartmhar a bhí i gCnochúr, agus gearrfhear beag éadrom a bhí i Néillín, agus bhí cliú mhaith throda araon orthu. Ba é an inse a bhí ag formhór na ndaoine ar an scéal gur bhuail Néillín eadar an dá shúil é leis an chéad dorn agus gur leag sé ar a dhá ghlún é, agus ach go ndeachthas eatarthu go ndéanfadh sé

bia míoltóg de. Ach chuir duine céillí éigin den dream óg ceist ar Mhuiris Phaideáin. Bhí Muiris inchurtha leis na Ceithre Máistrí ag inse na fírinne ar achan taobh, agus ní chluinfeá ‘d’inis fear dom gur inis fear dó’ ar chor ar bith aige. Ba é an tús a chuireadh sé ar an tseanchas i gcónaí: ‘Bhí mé i mo sheasamh ann’. Agus is iomaí aisling a scrios sé, dáлта mar níos an staraí fíor i gcónaí. ‘Bhí mé i mo sheasamh ann,’ arsa Muiris. ‘Ní raibh sé mór ar bhuail siad ar a chéile. Ba é Néillín an fear ba ghaiste agus ba é Cnochúr an fear ba láidre.’ Agus an duine céillí den dream óg a chuir an seanchas air, d’imigh sé agus é ní ba chráite, ó tharla nach ndearna Muiris seabhac de Néillín nó leon de Chnochúr.

An chéad mháistir a theagasc sa scoil seo bhí sé sa táin, fosta, mar bhí Séamas Máistir. D’inseofaí duit gur throid Séamas Máistir agus fear de chuid Baíollach an Mhachaire Dheirg fá leathchúrsa damhsa, agus gurbh é an buaireamh ba mhó a bhí ar an mháistir nuair a bhí an cath thart go raibh aige leis an Aifreann a fhriotháladh an lá arna mhárach don tSagart Mhór Ó Dónaill agus an aghaidh gearrtha aige. Ní raibh áit ar bith sa táin ag na hoidí a tháinig ina dhiaidh; bhí siad róchneasta agus na buillí ba troime a bhuail siad is ar pháistí Charraig an Eidhinn a bhuail siad iad, ar na páistí a bhíodh ar an Lagán sa tsamhradh agus nach dtigeadh chun na scoile ach sa gheimhreadh, agus nach bhfuair riamh thar an dara leabhar.

Bhí cupla rud ag baint leis an scoil chéanna a choinnigh gach duine dá raibh uirthi i gcuimhne lena sholas. An chéad rud, bhain sé tamall maith as achan duine, i ndiaidh a dhul chun na scoile, a thuigbheáil nach raibh madadh ar bith sa teach, agus nach ndéantaí bia ar bith réidh ann, agus nach

raibh leaba ná cúl-leaba ná balla beag ann. Ansin, bhí beanna taobh thoir di agus coll agus crainn chreathacha ag fás orthu; agus bhí daoine ar an scoil sin a chonaic Sliabh Liag agus na Gobáin, nuair a tháinig siad i méadaíocht, ach ní fhaca siad riamh aon bheanna chomh mór leo sin. Bhí Séarlas Mac Gleadair ina chónaí taobh thuas den scoil, agus bhí sé léirsteanach, agus ba mhinic ag seilg na bpáistí é. Bhí scioból aige a raibh ceann den iarann iomaireach air nó, mar deirtí i Ros Cuain, *disink*. Agus théadh na gasraí ba mhó agus bhuaileadh siad an *disink* le méaróga, agus d'éiríodh Séarlas amach agus théadh sé sa tóir. Nuair a chluineadh na gasraí é ag scairtigh ar mhadadh a bhí aige: 'Coisí! Coisí!' d'imíodh siad sna featha fásaigh agus iad ag éisteacht le glór ag teacht anuas an cnoc ina ndiaidh: 'Mur n-anam do dhúdhiabhail Ifrinn!' Thonnadh siad anuas ar an léana ag doras theach na scoile, agus an madadh ag tabhairt síthíocha fána gcuid sál, agus Séarlas ag bacadrú anuas na fargáin, agus páistí laga ag gabháil tríd a chéile, agus an máistir amuigh agus slat ar chúl a chinn leis.

Bhí molt ag Séarlas Mac Gleadair nach ndéantar dear-mad ach oiread de. Beathach a bhí ann a bhí chomh haisteach síofrógach le Capall an Ghiolla Deacair, nó an collach a mharaigh Diarmaid Ó Duibhne, nó an chráin a chloígh an Fearghamhain Donn mac an Fhir Léith. Mhair sé trí shaol caorach, agus bhíodh páistí ag marcaíocht air le cuimhne thrí nglún. Cáithnín eile faoin fhiacail ag Séarlas na gasraí a bheith ag marcaíocht ar an mholt. Ba é Séarlas an t-áibhirseoir a chuir eagla ar chroí achan pháiste dá raibh ag teacht chun na scoile. Níor fhan aon duine riamh acu go bhfeiceadh sé an drochdhuine nó dea-dhuine a bhí ann. Chuir sé iontas ar go leor acu a chluinstean i ndiaidh a bháis gur comhráiteach mór a bhí ann, agus nach raibh aon

fhear i Ros Cuain a raibh Laoi an Amadáin Mhóir aige ach é, agus go ndeachaigh sí chun na cille leis.

Má tá neach ar fada leis an méid seo, smaoiníodh sé ar an am a raibh sé féin ar an scoil. B'fhéidir gur i scoil mar a bhí i Ros Cuain a bhí sé agus, más é, tuigfidh sé—agus is trua liom é féin agus a chuid cuimhneachán. Ach má bhí sé ar scoil mhór fairsing sclátaí, agus an chuid ab fhearr den trioc agus de na leabhair inti, agus gan na beanna ab airde ar an domhan á comhair, agus gan a hainm sa táin, agus gan Séarlas Mac Gleadair ar bith in aice léi, ná molt draíochta ar bith, is míle is mó an trua liom é, mar níl cuimhneacháin ar bith aige.

Bhí sé ina ghnás damhsa a choinneáil sa scoil Oíche Fhéile Pádraig i gcónaí. Bhíodh na fir ag caibidil eatarthu féin ar feadh seachtaine cé a rachadh agus a d'iarrfadh an scoil ar shagart na paróiste. Gheibhtí de ghnáth í, agus is inti a chuirte deireadh leis an fhéile.

Nuair a luigh dorchadas na hoíche go dlúth ar an tír, agus lasadh na solais sna tithe, tháinig dreach filiúnta ar an bhaile arís. Bhí sé breactha le fuinneoga óir, mar bheadh réaltaí sa spéir. Bhí fallaing dhuibheagánach ar na creagacha garbha, agus bhí mullaí na n-ard ina luí leis an spéir agus maise thaibhseach orthu a bhféadfadh samhailt an duine a rogha méid a bhaint aisti. Agus, le linn deise a bheith sa domhan arís, neartaigh meadhar na Féile Pádraig. Bhí tuilte leathana solais ag teacht amach ar dhoras agus ar fhuinneoga na scoile. Bhíothas i ndiaidh cuid suíochán na bpáistí a thabhairt amach agus maidí a chur thart leis na ballaí agus clocha fúthu. Cuireadh an tábla thuas ag áit na tine agus cathaoir in airde air, agus shuigh an fidiléir ansin. Ba seo an tábla a scairteadh an

máistir an rolla air ar maidin; ba é an tábla é a síneadh an tachrán a chuid pingneacha trasna air go faiteach, ag díol ar son leabhair; agus bhí anchuma air an oíche seo agus an fidiléir ag bualadh a bhróige go tréasúil air agus é ag seinm. Bhí Proinsias Bheagaide agus Seán Aoidín ar an doras agus babhla acu, ag tógáil na táille. Beirt a bhí iontu a d'fhág aois an bhuachalla óig ina ndiaidh, agus nach mbíodh ag damhsa. Ní raibh istigh ar feadh tamaill ó thús ach corrdhuine: seanchailíní a bheadh ansin i rith na hoíche agus nach dtabharfadh aon fhear cúrsa damhsa dóibh. Ansin tháinig an t-aos óg uilig ina gcnap, na fir agus cóiriú an Druma go fóill orthu, na cailíní agus an cóiriú a shíl siad a bhí ceart orthu, agus iad faiteach, agus tugtha do gháirí. Bhí coiste ainmnithe le hamharc i ndiaidh na scoile, agus fear leis na damhsaí a fhuagairt. D'éirigh sé agus scairt sé *'Highland Schottische'*. Ní damhsaí Gaelacha a bhí acu i Ros Cuain an t-am sin. De thairbhe na fir a bheith anonn agus anall go hAlbain bhí na seandamhsaí idirnáisiúnta acu mar níthí in Albain iad.

D'éirigh cuid de na fir agus sheasaigh siad, agus rinne siad cúig nó sé de bhomaití comhrá le chéile. Bhuaile an fidiléir an port agus thoisigh sé arís air, agus ní dhearnadh aon choiscéim damhsa. Ba sin cuid den chaitheamh aimsire nach dtiocfadh faillí a dhéanamh ann. Fá dheireadh thiontaigh fear amháin thart agus shín sé a lámh ionsar chailín a bhí ina suí trí slata anonn uaidh, agus cham sé a mhéar. Rinne na fir eile mar an gcéanna agus d'éirigh na mná de thúslóg bheag thobann umhal agus tháinig siad go dtína dtaobh, agus thoisigh an damhsa.

Tífeadh an té a bheadh amuigh, ansin, cuid solas an tí ag caochadh nuair a bhíodh na damhsóirí ag teacht trasna air, agus chluinfeadh sé tormán na gcos. Chluinfeadh sé

fosta ceol na fidile ag dortadh ina eas chaol bhuan anonn ar an léana ag bun an aird. Tífeadh sé na gasraí nach raibh aon phingin acu a bhéarfadh isteach iad ina rith fá na hairde, nó ag cruinniú ina mbaicle fán doras. Tífeadh sé Eoin Mháirtín ina sheasamh taobh amuigh den doras agus an solas ar a leiceann maol dearg agus ar a chuid malacha móra bána. Ní raibh sé ag fáil mórán suaimhnis. Nuair a sháraíodh an uile chineál caitheamh aimsire ar na gasraí, thoisíodh siad a chaitheamh dartán air, agus d'fhulaingíodh sé iad chomh foighdeach le hasal faoi chith, tamall mór fada go mbaintí a mhíthapadh as, agus sheilgeadh sé ansin iad agus dá bhfaigheadh sé buille nó urchar ar dhuine acu bheadh sé i gcontúirt.

Rinneadh cur damhsaí—*polkas* agus *quadrilles* agus na *lancers*—agus ansin shuigh na damhsóirí agus fuair an fidiléir scíste, agus dhearg sé a phíopa agus rinne sé tamall comhrá le fear a bhí ag a thaobh. Dar leat gurbh é a bhí mór ansin leis féin, agus chuir tú ceist goidé faoi Dhia mar fuair sé an ghnúis shubstainteach sin a chur air. Leis sin labhair fear stiúrtha na cuideachta: '*Neil Gallagher for a song*'.

Bhí Niall Bhríde ina shuí thíos ag an cheann eile den scoil. Nuair a scairteadh a ainm chrom sé a cheann. Thoisigh siad á bhrostú: 'Maith thú, a Néill! Caith asat é, a Néill'. Fá dheireadh thoisigh sé. Níor éirigh sé ina sheasamh ar chor ar bith. Shuigh sé ansin agus a cheann crom agus a dhá láimh ar a dhá ghlún. Amhrán Béarla a dúirt sé. Bhí an t-aos óg ag stad de rá na n-amhrán Gaeilge. Nuair a bhí siadsan ag na daoine bhí siad fite istigh ina saol, agus chan i lúb cruinnithe amháin a chantaí iad ach gach uair den lá. Níorbh ionann a bhí an dream óg leis na hamhráin Bhéarla: ní raibh mórán de bhrí acu leo ach oiread le

portaíocht. Amhrán fá long a chuaigh thar sáile a dúirt Niall, agus ní raibh feabhas ar bith filíochta air, agus dá olcas é rinne sé ní ba mheasa é leis an droch-Bhéarla a bhí aige. Amhrán acu seo a bhí ann a raibh '*Come all ye lads and lasses*' ar a thús—ceann de na hamhráin a chum filí a chaill an Ghaeilge agus nach raibh le cuidiú leo ach mearchuimhne ar cheolta Gaeilge na ndaoine agus ar na foinn a bhí leo.

Tháinig rann agus rann agus rann eile aníos as eadar a dhá chois:

*Fresh waters thin we did lay in,
Full fifty ton an' more,
For fear we'd run short goin' to New York
From Paddy's green shamrock shore.*

Nuair a bhí sé thart scairteadh ar fhear eile, agus dúradh trí nó ceathair de amhráin i ndiaidh a chéile. Ansin scairteadh '*the next song 'll be a dance*', agus thoisigh an damhsa arís.

Níor canadh de Bhéarla i rith na hoíche ach cibé a bhí sna hamhráin, agus na corrfhocail a dúirt an fear a bhí ag scairteadh an damhsa agus na n-amhrán. Ba é sin a labhar-taí den Bhéarla i Ros Cuain, agus cibé a chantaí leis na madaí agus leis an eallach.

Bhí na bladhairí ag fás fada ar na lóchrainn agus casadh síos iad. Chuir fear a bhí ar leathmheisce a uillinn tríd an fhuinneog. Rinne fear amháin barraíocht scairtí agus é ag damhsa, agus b'éigean é a chur amach. Tharla na rudaí a rabhthas ag dúil leo, na rudaí ba ghnách a bheith amhlaidh ag gach damhsa dá leithéid, agus níor loit sé an greann trom sífín. Chuaigh an meán oíche thart agus chuir sé

biorán suain i Lá Fhéile Pádraig, ach níor tugadh faoi deara é. Chuaigh a dó a chlog thart, agus bhí an uair ba duibhe agus ba lagbhríthí den oíche ann, ach ní raibh lagar nó lionndubh ar dhuine ar bith i dteach na scoile. Chuaigh a ceathair a chlog thart, agus d'aithneofa an teach ag trá. Bhí fir ag déanamh cumainn le mná eadar na damhsaí, agus ag imeacht amach leo. Scairteadh an damhsa deireanach. D'éirigh achan duine a raibh áit a dhá bhonn ar an urlár aige. Rinne siad an cúrsa sin go fonnmhar, ag diúrtheadh an deor dheireanach ghrinn as tobar deacair an tsaoil an uair ghruama sin roimh an lá.

Scab siad ansin agus fágadh an scoil ag an choiste. Agus bhí ceithre ballaí an tí mar bheadh dreach duine a chaillfeadh codladh na hoíche ann. Bhí uaigneas amh tuirseach inti. Bhí marbhphian ar an aer, dar leat.

Chuir na fir a bhí ar an choiste isteach na suíocháin agus scuab siad an t-urlár. Chruinnigh siad ansin agus chaith siad a gcuid píopaí. Bhí siad cosúil le taiseanna, ina seasamh ansin. Bhí sé iomlán oíche ó thug na seandaoine leo a gcorónacha Muire agus dúirt siad an paidrín ar imeall uafásach na síoraíochta. Bhí na daoine óga a d'fhág an scoil ina gcodladh anois. Bhí an seisear fear seo cosúil le baicle bráthar a dhéanfadh aiséirí agus a bheadh ag cur thart a saoire ar an tsaol seo go ndíbríodh scairt an choiligh iad go háiteacha taobh thiar de bhéal na huaighe. Rinne siad a gcomhrá. Leis sin bhain an fear a raibh an eochair aige an luaith as a phíopa ar choirnéal an tábla. Chuaigh sé anonn go dtí an lóchrann agus chuir sé a bhos os a chionn. Chuaigh an chuid eile amach. Shéid seisean ar a bhois. Thug an solas léim agus thug scáile an fhir léim anonn ar an urlár agus ar an bhalla; ansin chuaigh an solas as.

Bhí na néalta ag deargadh thoir os cionn Charraig an
Eidhinn nuair a tháinig sé amach agus chas sé an eochair
sa ghlas.

SA bhliain 1912, tháinig achrann ar an Druma Mhór nár bhaol dó só lena linn. Ba iad Ord Ársa na nÉireannach agus Proinsias Bheagaide ba chúis leis. Agus, ó tharla go bhfuil a fhios a lán fán Ord, tráchtfaidh mé ar tús ar Phroinsias.

Ba ghnách le lucht na drochtheanga Proinsias Bacach a thabhairt air de thairbhe céim bhacaíle a bheith ann, an áit ar ghortaigh sé a chos ag obair in Albain. Ach níorbh é sin an chuid ba mhó de anró a shaoil. Nuair a bhí Proinsias ag dul anonn i mblianta is iomaí loit agus crá dá ndearnadh air ina óige a bhí ag teacht leis diomaite den chois. Bhí sé bocht i dtús a shaoil: iontach bocht i measc mhuintir Ros Cuain féin. Nuair a bhí sé deich mbliana de aois thug fear de chuid na comharsan leis chun an Lagáin é, lena chur ar fostó. Ní raibh an dara duine le bheith faoina chúram, nó bhí a athair marbh agus ní raibh ina dhiaidh sa bhaile ach a mháthair agus triúr páistí ba laige ná é féin. Rinneadh a fhostó, agus tráthnóna bhí sé leis féin i measc na gcoimhthíoch. Bhí cumha air an lá arna mhárach agus bhí sé ag caoineadh, agus is iomaí lá fada a mhair an chumha sin dó.

Ní raibh gléas air a scíste a dhéanamh sa bhaile, agus chaith sé trí bliana ar an Lagán gan a theacht chun an bhaile ar chor ar bith. Fuair sé an t-anró is gnáth le gasraí fostaithe a fháil. Bhíodh ocras air corruair. Bhíodh gasraí a

bhí teann ar a dtairseach féin ag cur trom air. Bhíodh eanglach ina mhéara sa gheimhreadh. D'éirigh a chuid lámh ní ba sine ná an chuid eile de. D'imigh boige na hóige astu agus tháinig cranraí agus gága iontu, agus d'éirigh an craiceann dorcha mar bheadh an salachar ag fás tríd. Cuir-eadh mallacht Ádhaimh air sula dtáinig ann dó. Nuair a bhí na trí bliana thart tháinig sé geimhreadh chun an bhaile. Chuaigh sé chun na scoile ach ba bheag an mhaith sin dó. Bhí sé a fhad ar deireadh, agus bhuail an máistir a oiread air, agus go mb'fhearr leis a bheith ar ais ar an Lagán. Agus d'imigh sé arís an Bhealtaine sin agus chaith sé dhá bhliain eile i dTír Eoghain.

Bhí aois an ghasúir caite an t-am seo aige agus ní raibh an saol aige ba dual do ghasúr. Na lámha an chéad rud a d'éirigh críonna, agus ansin d'éirigh an ceann críonna. Ní chaithfeadh sé pingin go hamaideach Oíche Shamhna féin. D'éirigh sé feasach fá thalamh agus fá leas agus fá eallach. Chonaic sé gurbh fheiceálaí an t-eallach agus gur mhó na páirceanna a bhí i dTír Eoghain ná a bhí i mbaile bheag Ros Cuain. Tháinig náire air as staid Ros Cuain. Tháinig náire air as cró beag Bheagaide agus as an spleotán talaimh a bhí aici. Níor bheo leis a bheo fán bhaile bheag cois trá. Bhí lúcháir air ag imeacht go hAlbain i gceann a shé mblian déag.

Fuair sé páirceanna ansin ba mhó i bhfad ná páirceanna Thír Eoghain, agus cathracha ba mhó ná cathracha na hÉireann, agus daoine fuara dúlaí. B'éigean dó oibriú ní ba chruaidhe agus shaothraigh sé ní ba mhó airgid. B'annamh a thigeadh sé chun an bhaile, nó bhí sé ag smaoineamh cheana féin ar chuid talaimh Bheagaide a fhuascladh agus teach seascair a chur os a cionn. Bhíothas ag cur sonraithe cheana féin ann, nach n-óladh sé aon deor

agus nach gcaitheadh sé tobaca agus nach n-imríodh sé aon charda. Ba dona an chuideachta é le bunús na nÉireannach, ar an ábhar sin, agus d'fhág sin leis féin go minic é lena rogha smaointe a bheith aige. Nuair a bhíodh na fir ina suí fá na 'botaíocha', Dé Domhnaigh, b'annamh a labhradh Proinsias; agus cibé comhrá a níodh sé, níodh sé leis na fir ba sine agus ba stuama é.

D'ainneoin an anró rinneadh cnústa de fhear láidir de a raibh cnámha neartmhara garbha aige. Bhí fear áirid a mhionnódh go bhfaca sé ag troid é. Ba ghnách leis a inse go raibh Albanach mór ag cur comhraic ar leathchéad fear oíche amháin agus gur loic siad uilig é ach Mac Bheagaide, agus gur ionsaigh Proinsias é agus gur choscair sé é. Ach níor chreid aon duine é. Leoga, b'fhurast dó troid a fháil dá mbíodh sé rugtha chuici. Casadh go leor Éireannach dó a mbíodh an dorn leo ní ba mhinice ná an phaidir. Bhí siad ag teacht agus ag imeacht, ag siúl thart an mhórchuid den am, agus corruair ag obair. Chonaic sé an fear a deireadh gur 'mac Éireannaigh é agus nár sheasaigh aon fhear ar fhéar ghlas riamh nach mbuailfeadh sé'. Chonaic sé an fear a bhí i ndeabhaidh leis an ruagaire reatha a raibh 'ailt air mar bheadh fiacra ráca agus easnacha mar bheadh slata pota'. Ach lig sé na fir seo a bhí sa táin lena n-olc féin.

Nuair a bhí sé seal blianta ag obair ar an talamh chuaigh sé isteach fá na bailte móra. Thug dhá rud air a dhul isteach. Dar leis nach raibh sé chomh héifeachtach agus ba mhian leis amuigh sa tír, agus bhí a fhios aige go raibh an obair ní ba bhuaine sa chathair. Chuaigh sé isteach in oibreacha móra a raibh cuid mhór iarannacha agus rothaí iontu, agus a bhí chomh héifeachtach agus chomh callánach agus nach sonrófaí fir ina measc. D'oibir sé in oibreacha cruach, d'oibir sé ag saoirsithe agus d'oibir sé i bpoill

ghuail. Níor casadh mórán de mhuintir Ros Cuain sna háiteacha seo air, agus d'éirigh sé ní ba choimhthí acu arís. Agus thug sé faoi deara rud sa chathair nach raibh sé chomh furast sin a thabhairt faoi deara sa tír. Thug sé faoi deara go raibh drochmheas ar an oibrí, agus thug sé faoi deara go raibh a fhios ag an oibrí go raibh drochmheas air. Chonaic sé na hoibrithe ag cruinniú agus ag éisteacht le cainteoirí. Chuala sé barúlacha iontacha ag daoine ar an tsaoil. Thoisigh sé a léamh na bpáipéar, agus leis an bheagán léinn a bhí aige léigh sé rudaí aisteacha astu. B'fhada an lá ó thuig sé gur mhó an éifeacht a bhí ag siúl leis an Bhéarla ná leis an Ghaeilge. Agus cé go raibh a chuid Béarla gearrchnapánach bhí dúil mhór aige a bheith á chanstan.

An té a gheibh cuid mhór de anró an tsaoil, is dual dó a bheith geallmhar ar an éifeacht má éiríonn sé amach as an anró ar chor ar bith. Ní léir dó dada ach go bhfuil fear thuas agus é ag cur trom ar an fhear atá thíos. Ní thuigeann sé, mura fear léinn é, go bhfuil an fear thuas i muinín an fhir atá thíos chomh mór agus atá an fear thíos ina mhuinínsean. Síleann sé gur cuma dó ach a bheith ina fhear a bhfuil saibhreas agus léann aige agus coiléar geal air.

B'amhlaidh do Phroinsias, ach níor léir dó faoi Dhia goidé mar thiocfadh leis lámh an uachtair a fháil sa chathair chadránta seo. Bhí an bábhún róláidir le briseadh. Ghoill seo go mór air, agus bhí an smaoineamh seo i dtólamh leis, ag dul chuig a chuid oibre ar maidin dó agus ag pilleadh tráthnóna dó. Ghoin an smaoineamh seo a chroí, go dtí go ndeachaigh sé sa deireadh a smaoineamh ar Éirinn agus ar an bhaile bheag i mbun an chnoic agus de chois na trá ar tógadh ina óige ann é. B'fhada ó chonaic sé go deireanach é; bhí, cúig bliana déag, agus b'olc an seanadh a bheadh ann mura mbíodh sé mórluachach ag pilleadh ar na sean-

fhóide i ndiaidh a bheith an fad sin ar an choigrích. Smaoinigh sé ar sheanBheagaide achan oíche de chois na tine agus í ag comhrá le duine de na comharsana a bhí istigh ag airneál. Ach níor smaoinigh sé gur air féin a bheadh Beagaide ag caint má b'fhada an oíche.

Ba é Proinsias tús agus deireadh chuid comhrá Bheagaide. Nuair a gheibheadh sí litir uaidh théadh sí síos tigh Sheáin Eoin léi, nó ní raibh sí féin ábalta a léamh. Ach bhí an léann sa dúchas ag bunadh Sheáin Eoin: bhí a ngarathair ábalta an seanTeagasc Críostaí a léamh in aimsir Phluicín agus Tharlaigh Chonnachtaigh. Ba ghnách le bunadh Sheáin Eoin a bheith ag déanamh corrgháire faoin Bhéarla mhór a bhíodh i litreacha Phroinsís agus faoin drochlitriú.

Is iomaí uair a chonaic siad Beagaide chucu anuas na leacacha, uair achan mhí nó, b'fhéidir, dhá uair. Thigeadh sí isteach agus litir Phroinsís léi istigh in éadach gheal go cúramach.

'Dia's Muire duit, a Bheagaide. Goidé mar tá tú, a Bheagaide? Bí i do shuí, a Bheagaide.'

'Go maith, míle altú do Dhia. Ná corraigh, a rún. Litir a fuair mé ó Phroinsias. An bhfuil an gasúr fá bhaile?'

'Hóigh, 'Dhonnchaidh! Gabh aníos anseo; tá gnoithe leat.'

Ba bheag ba lú ar Dhonnchadh ná an scairt sin. Bhí neart léinn aige, den chineál a bhí sé a fháil ar an scoil. Thiocfadh leis Gaeilge a léamh agus neart Béarla. Thiocfadh leis aistí a scríobh i mBéarla agus i nGaeilge, ar theach faire agus ar lá aonaigh agus ar Naomh Pádraig. Ach bhí dhá rud nach raibh sé inuchtaí go raibh sé ina mháistir orthu: litir a scríobh do Bheagaide, agus páipéar gearrthach. I mBéarla a scríobhadh muintir Ros Cuain a gcuid

litreacha uilig—agus bhí cuid Gaeilge Bheagaide chomh hachrannach agus nach dtiocfadh leis an ghasúr Béarla a chur uirthi. Lena chois sin chuireadh Beagaide a lán rudaí ina litir nach raibh tuigse rómhaith aige orthu—rudaí iontacha nach gcuirfeadh aon duine i litir, dar leis. Agus i dtaca le páipéar na ngearrthach de, bhíodh a oiread mionphrionta agus a oiread uimhreacha air, agus bhí sé chomh ‘hoifigiúil’ sin, agus go bhfágadh sé an gasúr bocht ina dhobhrán dhall. Ach ní thigeadh aon duine chuige le páipéar gearrthach ach go hannamh agus bhíodh Beagaide go mion is go minic ina dhiaidh.

‘Beannú air,’ a deireadh sí nuair a thigeadh sé chun an tí, ‘nach é atá ag éirí mór? Seo dhuit, a thaisce, agus léigh seo.’

Bhíodh airgead beag éigin i gcónaí sa litir, nó mac dlisteanach a bhí i bProinsias.

Chaithfeadh Donnchadh suí ansin agus litir Bheagaide a scríobh. Agus nuair a d’inseodh sí dó go raibh breacshláinte aici ní bheadh a fhios ag Donnchadh cé acu ba chóir dó *speckled health* a scríobh nó nár chóir. Nuair a d’inseodh sí dó go raibh pian i gcnámh an smiolgadáin aici ní bheadh a fhios aige faoi Dhia goidé a ba chóir dó a chur síos. Ach scríobhadh sé litir ar dhóigh éigin, agus creidim go mbíodh an *Celtic Twilight* inti corruair. Thoisíodh Beagaide a bheannachtaigh leis ansin:

‘Go gcumhdaí Dia thú, agus an fad sin de thinneas bliana ná raibh ort. A Thiarna, míle altú duit, nach deas an rud an fhoghlaím!’

Tharraingíodh sí amach bosca an tsnaoisín agus chuireadh sí thart é agus níodh sí tamall comhrá, agus b’fhéidir go n-inseodh sí scéal nó go n-abródh sí amhrán. Bhí guth maith aici, agus ba deas le muintir Sheáin Eoin a bheith ag éisteacht léi ag rá *Mal Dubh an Ghleanna*.

Ó, 's ag Mal Dubh an ghleanna atá mo ghrá le fada,
Is í nach bhfuair guth ná náire;
Is múinte, céillí, cneasta a dúirt sí liom ar maidin:
'Imigh agus ná pill go brách orm'.
Níl aon mhac marcaigh ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh
Nó as sin ar ais go hUmhall Uí Mháille
Nach bhfuil ag triall chun an ghleanna ar eachraí slime
sleamhna
Ag tnúth leis an bhean dubh álainn.

Agus nuair a thoisíodh sí ar *Chnochúr an Dá Chaorach*, nó
ar *Scéal Níon Rí na Binne Brice*, shuíodh na páistí agus gan
bogadh iontu ach ag tabhairt cluaise di.

Le clapsholas bhíodh sí ag imeacht suas na leacacha agus
í leathchrom, agus litir Phroinsís ina hochras léi.

OÍCHE amháin, i dtrátha na Féile Eoin, tháinig daoine chun an bhaile óna n-airneál agus an scéala leo go raibh Proinsias Bheagaide sa bhaile i ndiaidh cúig bliana déag a chaitheamh ar an choigrích. Chuaigh a lán daoine dh'amharc air; agus chonaic achan duine é an Domhnach ina dhiaidh sin agus culaith ghorm air agus cába veilbhit uirthi. Bhí sé anuas ón Aifreann le Niall Beag agus é ag comhrá ar rudaí nach raibh mórán eolais i Ros Cuain orthu. Ba é seo an bhliain a throid Jeffries agus Fitzsimmons, agus bhí na fir ag caint ar an dís.

'Deir siad go dtig le Jeffries bológ a leagan le buille dá dhorn,' arsa Niall Beag.

'Fear neartmhar Jeffries go dearfa,' arsa Proinsias. '*Of course*, ní hé an fear is neartmhaire a bhaineas i gcónaí. Tá *science* agus *ringcraft* a dhíth ar fhear fosta.'

Bhí beirt ghlas-stócach ag siúl ina ndiaidh, agus dar leo go raibh Proinsias Bheagaide iontach stuama agus iontach mórluachach, agus cába veilbhit ar a chasóg, agus é ag caint ar Jim Jeffries agus focla Béarla ag imeacht air. Sin an chliú a fuair Proinsias i measc an aois óig, go raibh sé feasach, stuama, agus go raibh sé thar aois an stócaigh. Chaith sé trí seachtaine in Éirinn, agus ag comhrá le seandaoine agus le daoine meánaosta a bhí sé bunús an ama.

Bhí a fhios aige goidé a bhí an Fhrainc a dhéanamh; bhí a fhios aige goidé a bhí an Ghearmáin a dhéanamh; bhí a fhios aige goidé a bhí Balfour agus Churchill agus Seán Réamann a dhéanamh; bhí a fhios aige fán chogadh a bhí sa Domhan Thoir. Bhíodh sé ag caint ar *Local Government* agus ar *legislation* agus ar *suffragettes*. Bhí a lán de na daoine meánaosta nár thuig é. Ach dúirt mórán acu gur dhuine stuama a bhí ann; agus dúirt fear amháin nach raibh ann ach cnapán glagaire.

Bhí sé insonraithe i Ros Cuain sa tsamhradh, nuair a bhí na fir uilig ar shiúl ach an chuid a bhí ró-aosta le bheith ag obair agus na gasraí óga. Tráthnóna geal Domhnaigh, nuair a bheadh an cuan ina sciath mhín lonrach faoi mhaise na gréine agus síocháin shona fá reannacha an chladaigh, tífeá fá na hairde é agus an chulaith ghorm air agus an veist a raibh na cnaipí dearga uirthi, agus bhí toirt ann agus bhí an dúiche dó féin aige.

Nuair a bhí na laetha saoire istigh d'imigh sé; agus tháinig sé an dara bliain mar an gcéanna. Eadar an dá am bhí sé ag smaoineamh ar Ros Cuain bunús achan lae, nó thaitin sé leis an urraim a fuair sé an uair dheireanach a bhí sé ansin. An tríú bliain tháinig sé anall sa gheimhreadh. Bhí sé iontach céillí ar feadh tamaill, agus nuair a théadh sé dh'airneál théadh sé sna tithe ba deise dó, agus thigeadh sé chun an bhaile go luath achan oíche.

Ní raibh sé dhá mhí sa bhaile nuair a stadadh de dhearcadh air mar dhearctaí ar fhear na ngearrthach agus ar Anrás an tsiopa úir. Agus, lena chois sin, bhí tallannacha de chuid na hóige ar chuir sé cúl orthu fada ó shin, bhí siad á spreagadh anois agus é os cionn an daichead bliain. Chuaigh sé chuig damhsa nó dhó. Ach ina dhiaidh sin chaith sé an chéad gheimhreadh go stuama. Taobh amuigh

de bhaile Ros Cuain, Mac Bheagaide a bheirtí air. Anois, an té a dtugtaí mac a athar nó a mháthar air, ba sin comhartha nach raibh aithne rómhaith air, nó go raibh urraim dó, nó go raibh sé ina dhuine ar leith i measc a chomharsan. Dá mbíodh sé ar an iúl le achan duine bhéarfaí a ainm baiste air.

Rinne sé cuid mhór airneáil an geimhreadh sin tigh Shéamais Isibéile. Bhí Séamas Isibéile sa táin, ach bhí sé ina sheandúine an t-am seo, agus ba í an teanga an ball ab fhearr a bhí leis. Bhí iníon aige darbh ainm Méabha, agus ba é barúil an bhaile go raibh deireadh dúile bainte de fhear aici. Bhí sí cúig bliana déag is fiche. Ach an chéad tráthnóna a tháinig Proinsias isteach tháinig oibriú uirthi. Ba ghnáth léi ní ba mhó de gháirí a dhéanamh le linn é a bheith ag tarraingt chun an tí, agus dá labhradh sé léi bhaintí cliseadh aisti. San am chéanna, an té a thiocfadh isteach, ní fheicfeadh sé dada ach Méabha ina suí ag cleiteáil agus Proinsias ag comhrá go céillí le fear an tí.

Ach tugadh faoi deara gur ghnách le Séamas Isibéile a bheith ag caint go minic ar Phroinsias. ‘Deir Proinsias Ó Dúgáin liom,’ a deireadh sé, agus d’aithriseadh sé páirt éigin dá chuid seanchais. Toisíodh a thabhairt barúlacha ansin agus a thuar cleamhnais eadar Proinsias agus Méabha. Luaigh duine éigin Proinsias le Méabha, agus d’aithneodh daoine dalla an domhain ar an gháire a rinne sí gurbh é an íocshláinte ar a croí é. Uaidh sin amach bhí sé creidte ag an bhaile go raibh Proinsias ag suirí léi. Chuir sí ceirtlín cáil os cionn an dorais Oíche Shamhna agus ba é Proinsias an chéad fhear a tháinig isteach uirthi. Ach ní raibh sé chomh furast dol a chur ar Mhac Bheagaide agus a shíl sí.

An geimhreadh ina dhiaidh sin ní raibh Proinsias le

feiceáil ag airneál tigh Shéamais Isibéile, nó ag siúl le daoine leathaosta chun an Aifrinn. Chonacthas leis an aos óg é, agus é ag cur cruaidh air cos a choinneáil leo. Dar leat go raibh an chéim bhacaíle iontach soiléir ann, agus nach raibh sé sa chuideachta ba dual dó. Níor cluineadh ag caint ar ghnoithe na bpáipéar nuachta leath chomh minic é. Fuarthas natháin an aois óig aige agus iad anacair ar a theanga. Ní raibh oíche dhamhsa ar bith le himeacht air. Bhí damhsa mór acu i Ros Cuain a dtugadh siad an *cotillion* air, agus bhíodh Proinsias ag scairtigh amach na bpáirteanna a bhí ann: '*Ladies chain, half right and left, half promenade—all have a swing in the corner,*' a deireadh sé; agus níodh sé streachailt mhór lena chois bhacaigh ach, má níodh, níor chosúil le damhsa é.

Rinne sé cuid mhór comhrá le mná an bhliain sin, agus níor mhian leis mór a dhéanamh le bean ar bith ach an chuid ba dóighiúla. Ní raibh sé féin dóighiúil. Bhí corp garbh láidir air, agus aghaidh lom chruadhéanta, agus gruaig dhubh a bhí ag éirí liath. Bhí cineál de ghruaim ina dhreach agus seirbhe fána bhéal. An té a d'amharcódh uair amháin air, d'amharcódh sé athuair air. Fear shé dtroithe agus guailleacha maithe air, agus céim bhacaíle ann, agus dhá láimh a bhí thar a bheith mór, agus aghaidh chomh toilghnústa le farraige chiúin a mbeadh oibriú uirthi roimh dhoineann. Mura raibh scéimh ar bith de na seacht scéimh aige bhí toirt agus teas ann, agus is mór an chuid den tsaol sin.

Nuair a tháinig an t-earrach chuaigh na buachaillí óga síos chun na trá dh'imirt liathróide, agus chuaigh Proinsias síos mar dhuine. B'fhéidir nár imir sé an cluiche sin riamh roimhe ina shaol agus, i gceann a thrí mbliana is daichead thall, b'éadóiche é a theacht isteach air. Bheireadh sé

iarraidh ar an liathróid agus ní bhuaileadh sé í. Ní raibh rása ar bith ann. Ina dhiaidh sin ní raibh fear ar bith ansin, dar leat, a raibh a oiread tola don imirt aige. Thigeadh sé chun an bhaile tráthnóna agus gaineamh ar a bhróga ísle éadroma agus ar a léine chaol. Gheofá ag caint ar an imirt é, agus nuair a deireadh sé '*centre forward*', nó '*offside*', bhí a dhá oiread meáchain sna focla agus dá n-abraíodh fear eile iad. Bhéarfá faoi deara é ag cur eagair ar na fir ar an pháirc, fosta. Chruinníodh siad agus d'imríodh siad tamall, ag cleachtadh an bháire. Ach ní dhéanfaidh dada gnoithe do Phroinsias ach 'Buailim ort' agus 'Ligim leat' a bheith ann. Nuair a bhíodh siad ag scairtigh na bhfear ina dhiaidh sin ní iarrfaí é go dtí an fear deireanach. Ní raibh sé óg go leor leis an chluiche a fhoghlaim, agus bhí cuma air gur mhaith leis a bheith ina chaptín. Ach rinne earrach amháin a ghnoithe ag an liathróid.

An geimhreadh ina dhiaidh sin thóg sé a shúil ní b'airde. Bhí máistir scoile óg ar an bhaile, agus buachaill óg a bhí sa bhaile ar laetha saoire as coláiste. Ba ghnáth leis an bheirt siúl le chéile, agus níorbh fhada gur tugadh Proinsias faoi deara ag teacht go dtí iad go minic i lúb cruinnithe—Domhnach Aifrinn nó lá aonaigh, nó oíche dhamhsa. Thoisigh sé a chomhrá arís ar Sheán Réamann agus ar an *United Irish League*. Bhíothas ag cur air gur éirigh a aigne a fhad an bhliain sin agus go bhfaca sé 'naoi mná deasa Pharnassus', agus go ndeachaigh sé a dhéanamh filíochta. Bhí amhrán amháin dá chuid ag Niall Bhríde, ach bhíodh leisc ar Niall é a rá, nó bhí daoine as an chomharsain luaite ann. Bhí cineál de iomrá go gcualathas Niall á rá faoi choim, agus go raibh '*Come all ye*' ar a thús agus '*to end my lamentation*' ar a dheireadh. Ní dheachaigh cliú Phroinsís ar fud an chine dhaonna, mar éiríos do fhilí de ghnáth.

Bhí siad ag cur air fosta go raibh toil aige do iníon Shéamaisín an Droichid an bhliain sin. Cailín bródúil a bhí inti, nó bhí toice ag a hathair, agus bhíodh bróga geala uirthi sa tsamhradh. Chan an baile i rith an gheimhridh air, cuid ag rá go raibh sé iontach geallmhar uirthi agus cuid eile ag maíomh, dá laghad ciall dá raibh aige, nach raibh seachrán ar bith air nach nglacfadh iníon toicí é. Chuaigh an geimhreadh thart, agus an Inid ina dhiaidh, agus ní dheachaigh Phroinsias chuig mnaoi. Cibé dóchas a bhí ag iníon Shéamais Isibéile, b'éigean di a chur i dtaisce go ceann bliana eile. Chuaigh trí bliana eile thart, nó gur pósadh iníon Shéamaisín an Droichid ar bhuachaill siopa as an Mhachaire Dhearg. Agus bhí Proinsias ag coinneáil cuideachta le máistir na scoile ar fad, agus ag cur cibé léann a bhí aige i láthair.

Tharla rud an bhliain dheireanach a thug béim síos dó agus a chuir beaguchtach air agus, chomh dóigh le rud eile, a chuir cor ina chinniúint. Chuaigh sé i bhfostó i bpolaitíocht, an díth céille is mó atá ag leanstan don Éireannach! Bhí daoine ag rá gur ina iontais a bhí an saol nuair a bhí Proinsias Bheagaide ag iarraidh a bheith ina *district councillor*. Níor chuimhin leis na daoine aon fhear riamh roimhe seasamh ar son an *district council* ach fear siopa. Ach níor chumraíocht ar bith é. Bhí Proinsias i gcuibhreann. Casadh Micheál Mac Ruairí ar Fheilimí Thuathail, Domhnach Aifrinn amháin, agus ba é an mana a bhí aige:

‘Dar críse! Mac Bheagaide!’

‘Cén taobh a dtáinig an tiardas? Mac Bheagaide an tsnaoisín!’ arsa Máire Shéarlais i dteach an tsiopa.

Ach, cibé taobh a dtáinig an tiardas, bhí sé ansin. Agus, Domhnach amháin, chuaigh Proinsias in airde ar an bhalla

ag teach phobail Log na Daraí agus rinne sé óráid. Agus char chás sin dá mbíodh sí gan a bheith i mBéarla. Ní chualathas a leithéid de óráid i Log na Daraí riamh roimhe. Bhí focla inti a bhí slat go leith ar fad, agus ailt agus cnapáin orthu le míbheaihte agus le díth blais. Ní thug aon duine mórán airde air ach ag sitgháirí, ach fear amháin darbh ainm Seáinín Eoghain Mhicheáil Mhansáin. Fear geabach, luathchainteach, a bhí i Seáinín, agus glór aige mar bheadh cat i dteagmháil meán oíche ann. Scairt sé amach:

‘Scrios ón Rí orm go bhfuil an ceart aige. Secondálfaidh mise Mac Bheagaide.’ Mura mbeadh ann ach an glór a bhí ag an fhear, chuirfeadh sé fonn gáire ar dhaoine. Lena chois sin, dar leis an tslua nárbh indéanta Mac Bheagaide a lua i láthair cruinnithe. Thóg siad scotbhach gáirí.

Baineadh stad as Proinsias gránna. Ansin thoisigh sé arís:

‘The emoluments of the district. . . .’

Bhí cuid de chuid gasúr Log na Daraí a bhí ag foghlaim Béarla, agus ag foghlaim díomúinte lena chois. Thoisigh siad a scairtigh:

‘Mac Bheagaide! Mac Bheagaide! *The monument of the districk!*’

B’éigean do Phroinsias tost. Chrom sé anuas chun an bhealaigh mhóir agus níorbh fhada gur bhain sé an baile amach. Ní dhearnadh comhairleoir ceantair an iarraidh sin de; ní bhfuair sé ach seacht vóta. Bhí cuma air go raibh smacht air.

An geimhreadh sin chuaigh sé dh’airneál tigh Shéamais Isibéile arís. Níor fhreastail sé ach na corrdhamhsa. Thoisigh sé a sheanchas ar churaíocht agus ar leasú talaimh. Thug sé leas úr isteach chun na háite ar tugadh *sulphur of pneumonia* air, nuair a tháinig an t-earrach. Ach rinne sé

gníomh ba mhó a thuill scéalaíocht ná sin, nuair a bhí an Luan roimh an Inid ann: phós sé Méabha Shéamais. Bhí sí seacht mbliana ag fuireacht leis, agus tá sé i gcaint an duine aosta go bhfaigheann foighid fortacht. Dúirt fear muinteartha dó, agus é ag tabhairt an scéala chuig fear na comharsan, go raibh sé 'socair', mar bheadh sé ag caint ar fhear a gheobhadh bás. Agus go ceann dhá bhliain ina dhiaidh sin bhí sé socair go leor, agus cuma air gur leor leis cúram tí.

Bhí sé leathchéad bliain i 1911. Deireadh Muiris Phaideáin gur i '61 a rugadh é, agus ní raibh dul taobh anonn nó anall de chuid cainte Mhuiris. Bhí Méabha aige agus duine clainne, agus seanBheagaide agus Eibhlín, a dheirfiúr. Bhí sé bláfar tábhachtach fá theach agus bhí an saol ag éirí leis. Na corr-achrann a bhíodh eadar Méabha agus Beagaide, níor mhearaigh is níor bhreoigh siad a chroí: ba den phósadh iad. Níor shamhail aon duine ná go mbeadh sé beo gan cháil, gan iaróg, go dtigeadh an aois air agus go gcromadh sé ar a bhata, agus go dtéadh sé fá chéim mhall chorrach in araicis na huaighe. Ach ní raibh a fhios ag aon duine go raibh Mathamad os cionn leathchéad bliain nuair a chuaigh sé amach a thabhairt creidimh don Domhan Thoir, go raibh Columbus os cionn leathchéad bliain nuair a chuaigh sé trasna na Mara Móire; go raibh Aodh Ó Néill os cionn leathchéad bliain nuair a thóg sé a bhratach ag Dún Geanainn. Molann an file an duine óg agus a mheanma sean, agus an duine sean agus a mheanma óg; agus, ar ndóigh, ba é sin an nádúir a bhí ag Proinsias Bheagaide.

Bhí Ord Ársa na nÉireannach ag leitheadú ó cheann go ceann na tíre na blianta seo, agus tháinig sé go Log na Daraí. Bheirtí faoi deara fir ag dul isteach ar lochta

Mhicheáil Mhóir fiche Domhnach sa bhliain. Ní raibh a fhios goidé a bhí siad a dhéanamh, ach chonacthas go raibh lucht na siopaí ag dul san Ord. An lá a fuair Liam Sheáin Chonaill bás shiúil céad fear leis an tórramh agus léabóga dubha ar a mbrollach a raibh '*A.O.H. Division 999, Lugnadarry*' ina litreacha geala orthu. Ón lá sin amach thoisigh an tOrd a bhisiú go tapaídh.

Thug Proinsias Bheagaide iarraidh a dhul ann. Ní raibh deireadh a chuid drochratha thairis go fóill aige. Ní ligfeadh siad isteach é. Bhí siad ag rá gurbh é an fáth a bhí leis seo go raibh sé san Ord in Albain agus gur fhág sé é. Agus bhí daoine eile ag rá gur cuireadh ina aghaidh cionn is é a bheith mór le Séamaisín an Droichid na blianta a chuaigh thart. Bhí Séamaisín ina namhaid ag an Ord. Ní ligfí Proinsias isteach ar scor ar bith. Ba é an buile ba troime dar bhuail an saol ar Mhac Bheagaide go fóill é.

An bhliain ina dhiaidh sin níor mhó ná go raibh aon fhear ar an Mhachaire Dhearg nó i Log na Daraí nach raibh in Ord Ársa na nÉireannach. Bhí suas le fiche cloig-eann de mhuintir Ros Cuain féin ann. Nuair a tugadh amach an Druma an t-earrach sin rinneadh cleas ar Sheán Mhacadáin nach ndearnadh riamh roimhe air. Bhíothas i ndiaidh scoil úr a dhéanamh i Ros Cuain agus bhí an tsean-scoil folamh. Fágadh an Druma sa tseanscoil. Bhí Dónall Fheargail ina chónaí ag taobh na seanscoile. Ba ar a chuid talaimh a bhí sí; agus bhí sé ina rúnaí ar Chraobh Log na Daraí den Ord Ársa.

Ní raibh moill ar an té ba daille a thabhairt faoi deara go raibh an tOrd ag iarraidh greim a fháil ar an Druma. Bhí Druma Log na Daraí agus Druma an Mhachaire Dheirg cheana féin acu. Rinne Seán Mhacadáin go leor cainte, ar ndóigh, ach níor tugadh aird ar Sheán. Níorbh é an fear é

le cur i mbearna an bhaoil. Dá mbíodh siad ina mhuinín, ba dóiche go rachadh an chuid eile de chuid fear Ros Cuain in Ord Ársa na nÉireannach de réir a chéile, go mbeadh baile socair suaimhneach ann agus blianta nach mbeadh inscéalaíochta.

Ach ní mar sin a d'ordaigh cinniúint Ros Cuain agus Phroinsís Bheagaide a chuirfí an seal sin den tsaol.

Bhí Proinsias Bheagaide ina shuí siar ón tine ina theach féin lá de na chéad laetha de Mhárta.

Bhí sé i ndiaidh luí gréine agus bhí an solas ag éirí fann. Ina dhiaidh sin bhí sé ag léamh an *Derry Journal* go dúth-rachtach. Bhí spéaclóirí air a fuair sé in Albain—deireadh lucht na drochtheanga gur cheannaigh sé ar shé pingne iad ar Aonach Ailt na Glaice ó mhac Eoghain Fheilimí—agus ní raibh siad ag cur leis an chuid eile de. Ní raibh air ach a veist, agus bhí a dhá dhorn mhóra bhuí gharbha róneart-mhar le greim a bheith acu ar pháipéar. Bhí roic ina éadan agus a phuisíní ag bogadaigh leis an tsaothar a bhí air ag léitheoireacht. Bhí an teach chomh suaimhneach agus go mb'fhurast gliúrascnach an pháipéir a chluinstean. Bhí Eibhlín Bheagaide ina suí sa chlúdaigh; bhí sí breoite. Ba í an tseanbhean a bhí amuigh ag bleán na bó. Bhí solas na tine ag méadú le teacht an dorchadais. Bhí an madadh sínte ar leic na tine. Rinne madadh eile glaim thafainn áit éigin amuigh ar fhairsingeach an bhaile. D'éirigh madadh Bheagaide agus chuaigh sé trasna an urláir agus amach ar an doras. Mhair an suaimhneas sa teach.

Fá dheireadh d'fhág Proinsias an páipéar ar an tábla go cúramach. Ní ligfeadh sé an páipéar a chur amú mar a ní

daoine ar furast dóibh a gceannacht. Bhí cruach pháipéar sa teach, iomlán a bhfuair sé le deich mbliana. Léigh sé ó bhun barr achan cheann riamh acu, agus bhí aithne aige ar na daoine a bhí ina gcónaí sna páipéir. Is iomaí uair a rinne sé a chomhrá leo. Ba bheag lá dá shaol nach mbíodh sé ina chónaí ina measc. B'fhearr leis iad ná a chomharsana i Ros Cuain, agus níor lúide a ghrá orthu le linn iad a bheith gan fuil gan feoil agus a gcuid cainte a bheith deacair duibheagánach. Ba iad ríthe an domhain iad. Bhí ainmneacha móra stuama orthu. B'áin leis ainm fir a fheiceáil a raibh *Right Honourable* roimhe. Théadh sé a fhad corruair agus go smaoiníodh sé air féin agus *Right Honourable* lena ainm. Ach nuair a thiocfadh air breith ar a spáid thiteadh a chroí agus gheibheadh sé drochbharúil de féin, agus dar leis go mbíodh sé beaguchtúil i láthair na bhfear nach gcuala iomrá ar *Right Honourable* riamh.

Shuigh sé ansin agus a dhá láimh folamh, ag meabhrú. Bhí seirbhe fána bhéal cosúil le fear a mbeadh cuimhne ghoilliúnach aige. Bhí gruaim ar a mhala cosúil le fear a bheadh eadar dhá chomhairle. Cúig nó sé de chuarta ó mhaidin, agus é ag briseadh fiaraigh faoin teach, sháigh sé an spád agus chuaigh sé anonn go dtí an clái agus dhearg sé a phíopa agus chaith sé go fadálach é. Rud annamh aige a leithéid sin a dhéanamh, nó bhí sé éadrom ar thobaca. D'amharc sé anonn an pháirc, an áit a raibh an úir ina luí agus fréamhacha geala an lusraigh inti agus cuiteoga ag snadhmarthaigh go dall, agus ní fhaca sé í. Ní bhfuair na fir a bhí ag obair anonn uaidh greim ar a aigne ach a oiread. Bhí a shúile ag éaló soir, trasna an tseanbhealaigh mhóir.

Chuaigh siad an bealach céanna i ndiaidh é an páipéar a fhágáil uaidh, go dtí an áit a raibh seanteach na scoile eadar

é agus spéir an tráthnóna ar mhullach an aird. Tháinig Beagaide isteach agus canna bainne léi. D'éirigh an cat agus chuaigh sé a sceamhlaigh go hiarratasach. Tháinig Méabha as teach na comharsan agus an leanbh léi. Ní raibh gléas ar Phroinsias a bheith ag meabhrú ina shásamh agus d'éirigh sé agus chuaigh sé amach.

Bhí teach Sheáin Mhacadáin céad slat anonn uaidh. Ba léir dó an spád a bhí leis an bhalla ar thaobh an dorais, agus an tobán mór, agus léine Sheáin ar tuaradh. Chonaic sé toirteanna fear a bhí ag teacht anuas i gcúl an tí. Chuaigh siad as a amharc. Nocht siad arís agus d'aithin sé iad: Seán Óg Sheáin Mhóir agus Niall Bhríde, beirt a bhí cineál míshásta leis an Ord Ársa. Choimhead Proinsias iad ag dul isteach faoin fhardoras. Thiontaigh sé isteach chun an tí ansin, agus chuir sé a dhá láimh isteach ina chasóg agus thug leis píopa agus spóla tobaca as an fhuinneog, agus chuaigh anonn tigh Sheáin.

Bhí Seán Mhacadáin ag seanmóir leis, ag dul isteach do Phroinsias, fán éagóir a bhí déanta air féin:

‘Bhí sé amuigh ar an lochta sin le dhá bhliain déag,’ ar seisean, ‘agus má bhí féin bhí sé glan tirim. Má choinníonn siad chomh maith é san áit a bhfuil sé anois tá go maith. Nuair a bhí sé i ndiaidh a theacht chun na háite ní ligfeadh aon duine isteach é ach mé féin. B’fhéidir go bhfuil cuimhne agatsa air, a Sheáin Óig, agus tá mé cinnte go bhfuil cuimhne ag do dheartháir, Micheál, air. Bhí Donnchadh Óg i ndiaidh a thabhairt ón traen, agus bhí sé ag teach Dhonnchaidh agus scaifte againn thuas ag amharc air. “Tá sé ansin,” arsa Micheál s’agaibhse, “ach cé a bhéarfas lóistín dó?” Níor labhair aon duine. “Bhéarfaidh mise,” arsa mé féin. “Bhfuil tú cinnte nach dtig deora anuas air?” arsa Peadar Mhuiris. “Scrios ón Rí ortsá!” arsa mé féin.

“Bhí díon sa teach s’againne nuair nach raibh agaibh ach bothóga fód agus cléibh dhreasóg.” ’

Leis sin thit comhla taobh amuigh den doras agus mothaíodh cosa ag imeacht chomh tiubh le séideán sí.

‘Ó, scread mhaidne oraibh!’ arsa Seán, ag reáchtáil chun an dorais. ‘Gasraí Caola Bheití! Tá mé tógtha ó lár acu. Goidé bhur mbarúil nár ghoid siad clár níochnáin ó Eibhlín an lá fá dheireadh agus nach ndearna siad muileann gaoithe de! Dhéanfaidh mise slad orthu lá éigin.’

Rinne na fir draothadh gáire.

‘Tá an baile uilig ag caint air, mar Dhruma,’ arsa Seán Óg. ‘Níl aon fhocal le rá ag duine ar bith ar son Dhónaill Fheargail. Tá rud éigin faoi aige an Druma a thabhairt leis, dá mbíodh a fhios ag daoine. Ach gurb é leisc ormsa a bheith ag déanamh míghrinn, thiocfadh liom cuid de chuid seanchais Dhónaill Fheargail a inse.’

‘Ní thabharfainn aird ar bith airsean,’ arsa Seán. ‘Níl aon chuid mhór stuaimhe aige nuair a thoisíonn sé.’

‘Is é an duine amháin é is droch-chroíthí sa phobal,’ arsa Tarlach Néill.

‘Féadann tú sin a rá,’ arsa Seán. ‘Ach nach bhfuil ann ach comhrá seanbhan, deir siad gur dhúirt sé nach n-iarrfadh Tarlach Néill a dhul sna *Hibernians*, nó nach nglacfaí é. Agus deir siad nach bhfuil aon ainm ar Phroinsias Bheagaide aige ach Proinsias an Bhéarla Mhóir.’

Bhí seo lán ní ba raimhe ná d’fhóir don mhúineadh agus thost na fir. Bhí fearg an Sheán agus ba chuma leis goidé a déarfadh sé.

‘Tá an Druma acu anois,’ ar seisean ar ball beag, ‘agus cuirfidh siad sibhse amach as. Ní bhfaighidh sibh cead bhur gcuid gaosán a shéideadh leis, i ndiaidh bhur gcuid airgid a bheith ann.’

‘M’anam nach gcuireann,’ arsa Tarlach Néill, ‘nó mura mbeadh beo ach mé féin chuirfinn scian ann.’

D’fhuaraigh seo Seán Mhacadáin.

‘Á, maise, níor mhaith liom sin a dhéanamh leis,’ ar seisean.

Níor labhair aon duine ar feadh seal ina dhiaidh seo, nó bhí an gradam céanna acu uilig don Druma a bhí ag Seán. Ansin dúirt Proinsias Bheagaide an chéad fhocal.

‘*Speak rational,*’ ar seisean. ‘Níl fáth nó siocair agaibh an Druma a pholladh. An oíche sin a thug siad an Druma go teach na scoile an raibh sibhse ansin?’

‘Bhí mé féin thoir ar thásc fhear mo dheirféar,’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Dar leoga, dá mbíodh a fhios agam. . . .’

‘*There you are!*’ arsa Proinsias. ‘A Sheáin Óig, an raibh tusa ansin?’

‘Ní raibh; bhí mé ag iascaireacht.’

‘A Tharlaigh, an raibh tusa ansin?’

‘Ní raibh; bhí mé thoir sa cheárta ag fáil geantracha déanta,’ arsa Tarlach Néill. ‘Ag teacht chun an bhaile dom casadh orm iad ag fágáil na scoile.’

‘Bhí siadsan ann agus ní raibh sibhse. *That’s the geometrical situation.* D’fhéad sibh fios maith a bheith agaibh go raibh an pháirtí seo ag brath an baile a chur faoina gcosa. Bhí a fhios agaibh go maith go raibh drumai na mbailte eile acu. Dá mbíodh sibh uilig ansin thiocfadh libh an Druma a choinneáil.’

‘Tá eagla orm go mbeadh an bualadh ann,’ arsa Seán Óg Sheáin Mhóir.

‘Ní bheadh,’ arsa Proinsias. ‘Ní bheadh bualadh ar bith ann. Dá nglacadh sibh vóta air bheadh an *majority* agaibh.’

‘Níl a fhios agam,’ arsa Tarlach Néill.

‘Fan go bhfeicimid,’ arsa Seán. Thoisigh sé a chuntas,

mar ba ghnáth leis. ‘Dar Dia! tá triúr istigh i mbliana acu nach raibh istigh anuraidh ar chor ar bith. Tá eagla orm nach ndéanfaimis maith.’

‘Gabhaigí an dara hoíche,’ arsa Proinsias, ‘agus cuirigí ar a súile dóibh gur ag Seán Mhacadáin a bhí an Druma le deich mbliana, agus go bhfuiltear ag déanamh beag de nuair atáthar á bhaint de chomh mall seo sa tsaoil.’

‘Níl maith dúinne a bheith ansin,’ arsa Diarmaid. ‘Bhí mise ansin an oíche dheireanach agus dúirt mé nach mbeadh Seán Mhacadáin sásta leis seo. Dúradh liom nár le Seán Mhacadáin an Druma, agus goidé a bhí le rá ansin agam? Caithfimid duine éigin a bheith linn a bhfuil deis a labhartha aige. Tá sé chomh maith agatsa a bheith linn agus muid oíche a dhéanamh de.’

‘Ní raibh mise ag baint le gnoithe an Druma anois le dhá bhliain,’ arsa Proinsias. ‘Ach, ó tharla go bhfuil sibh i bhfáth leis, rachaidh mé libh. Iarrfaimid orthu coiste a thoghadh a amharcós i ndiaidh an Druma, agus ansin cuirfimid isteach ár gcuid fear féin.’

‘Tá sin maith go leor,’ arsa Tarlach Néill, ‘ach an saol atá ann, damnú má tá a fhios againn cé atá linn nó cé atá inár n-aghaidh. Níl ann ag achan fhear a bhfuil an chéad séasúr déanta in Albain aige ach: “Goidé do bharúil dá dtéimis sna *Hibernians*?” De réir mar atímsa, tá an tír uilig ag dul iontu, agus go bhféire Dia ar an té nach mbíonn bratóg ghlas ar a bholg ar an bhliain seo chugainn.’

‘Caithfimid *propaganda* a dhéanamh,’ arsa Proinsias. ‘Caithfimid a inse do na daoine gur dream iad nach bhfuil sona. Dá mbeadh a fhios ag na daoine. . . .’ Bhí sé ag iarraidh smaoineamh goidé a déarfadh sé: ‘Dá mbeadh a fhios ag na daoine goidé atá ar a gcúl, ní shalódh siad iad féin leo.’

‘Cár bith atá ar a gcúl,’ arsa Diarmaid, ‘níor bhac sé duitse a dhul iontu.’

‘Dúirt tusa é, a Dhiarmaid,’ arsa Tarlach Néill. ‘Níor bhac.’

‘A dhuine chléibh,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘nach leamh atá do cheann ort? Deir siad, dá mbeadh a fhios ag duine a leas nach ndéanfadh sé a aimhleas. Chuaigh mise iontu in Albain nuair a bhí mé ní b’amaidí ná atá mé anois. Ach gurb é go raibh mise iontu, agus go bhfaca mé an dóigh a bhí acu, ní thiocfadh liom a inse duitse cé acu a bhí siad maith nó olc.’

‘M’anam go bhfuil an ceart agat,’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Tá fios a ngnoithe agatsa.’

‘Tá fios a ngnoithe agamsa, agus níor inis mé do aon duine riamh an méid a chonaic mé, ach inseoidh mé anois é. Má théid tú sna *Hibernians* bhéarfar isteach thú i seomra agus cuirfear an glas ort. Fanfaidh beirt fhear istigh agat. An chéad cheist a chuirfear ort, an bhfuil tú in *organization* ar bith eile. An dara ceist, goidé an talamh agus an t-eallach agus an teacht isteach atá agat. An tríú ceist, cé na tithe siopaí a bhfuil tú ag tarraingt orthu. Fiafróidh siad ansin duit an bhfuil tú sásta an mionna a thabhairt. Má deir tú go bhfuil, cuirfear i do láthair é. Mionnóidh tú go bhfuil tú sásta achan rud dá n-iarrfar ort a dhéanamh dá mba i ndán is go dtitfeá de gheall leis. Ansin inseofar duit, má tá baint le rud ar bith agat—cosúil leis an Druma, cuirim i gcás—go gcaithfidh tú a bheith ag spiadóireacht air don Ord. Agus inseofar duit gur leis an Ord do theach agus do chuid talaimh agus gach beathach ceathairchosach dá bhfuil i do sheilbh. Má tá tú ag roinnt le fear siopa nach bhfuil sa chumann, caithfidh tú cúl a thabhairt dó, is cuma dá mbeifeá go dtí do dhá shúil i bhfiacha aige. Cuirfidh siad

ceist ansin ort an bhfuil duine ar bith sa chomharsain agat a bhfuil tú go holc dó. Má deir tú go bhfuil cuirfidh siad síos a ainm. Tá leabhar lán ainmneacha acu, agus thiocfadh liomsa scéal a inse a chuirfeadh iontas ar chorrduine, ach gurb é go bhfuil leisc orm a bheith ag cur imní orthu.'

'Dar Dia, inis na hainmneacha, a Phroinsís, agus cuir na créatúir ar a bhfaichill,' arsa Seán.

'Chan insím, maise,' arsa Proinsias. 'Ní bheadh maith a inse dóibh. Tiocfar orthu oíche éigin, bíodh sé fada nó gairid go dtí é. Agus chan fear nó beirt nó triúr a thiocfas orthu, ach cúig nó sé de chéadta. Ní raibh aon duine agaibhse ann le linn na *Mollie's men*, ach b'fhéidir go gcuala sibh iomrá orthu. Cha chreidim nó chuala sibh na sean-daoine ag caint ar an oíche a tháinig siad ar Sheáinín Ó Canann thuas anseo. Chuala siad go raibh sé i ndiaidh bearach a dhíol, agus eadar meán oíche is lá bhuail siad an dá dhoras ar a chéile. Chuir siad Seáinín ar a dhá ghlún ar leic na tine agus fear ina sheasamh os a chionn agus cloch ghualann aige, ag féacháil an inseodh sé cá raibh an t-airgead. Sin an cineál dreama atá sna *Hibernians*.'

'Dia ár gcumhdach!' arsa Tarlach Néill. 'Níor shíl mé go raibh iontu ach scaifte ar mhaith leo a bheith mórluachach go dtí sin.'

'Tá seanghunna agamsa,' arsa Seán Óg Sheáin Mhóir, 'agus chuirfinn rois amháin thríothu.'

'Ní chuirfeá,' arsa Proinsias. 'Nuair a gheobhadh siad amuigh i gceann do spáide thú, nó amuigh ar an chaorán, shiúlfadh siad isteach agus bhéarfadh siad leo do ghunna. Ná síl thusa go dtiocfadh siad go dtí do theach i lár na hoíche agus gunna agat. Charbh eagal dóibh a bheith chomh leamh sin.'

'Is mairg nach raibh a fhios agamsa sin,' arsa Niall

Bhríde, ‘nuair a bhí mé ag caint le Seán Mhaighréide. Bhí seisean ag rá go raibh an t-easpag agus na sagairt uilig iontu.’

‘Amaidí!’ arsa Proinsias. ‘Tá an Eaglais anuas orthu. Nár cuireadh amach *papal encyclopaedia* ina n-aghaidh?’

‘A Phroinsís, a dheartháir, goidé rud sin?’ arsa Seán Mhacadáin.

‘Litir ón Phápa, ag inse go raibh siad in aghaidh dhlí Dé agus na hEaglaise.’

Thost siad uilig. Chuaigh seo thar chomhrá cois tine agus mhanrán mar chaitheamh aimsire. Bhí sé scáfar, éagsamhalta. Ba é Diarmaid an chéad duine a labhair.

‘Níl le déanamh againn ach troid a fhad is rachaimid,’ ar seisean.

‘Níl, agus níl ach amaidí tnúth fir le a chéile a bheith ann,’ arsa Proinsias. ‘Caithfimid a theacht i gceann a chéile i dteach éigin agus ár gcomhairleacha a chur le chéile.’

‘Tá fáilte agaibh a theacht anseo,’ arsa Seán Mhacadáin.

‘Maith go leor, go raibh maith agatsa,’ arsa Proinsias. ‘Taraigí anseo san oíche amárach agus bíodh a dtig libh de bhuachaillí an bhaile libh.’

D’fhan Proinsias go mall an oíche sin. Ag dul isteach chun a thí féin dó bhí na mná ina luí. Bhí mias bhracháin ar an tábla, agus soitheach bainne ag a taobh. Bhí an lóchrann casta anuas. Níor bhain sé leis an tsolas, ach suí agus a shuipéar a dhéanamh. Chaith sé i bhfad ina cheann, agus é ag meabhrú eadar achan lán spúnóige. Fuair na buachaillí sin greim ar a chuid cainte anocht. Dhéanfadh Tarlach Néill maith mhór leis an teanga ghéar a bhí aige: bheadh an baile uilig ag aithris a chuid cainte. Bhrisfeadh Diarmaid ar an oighreogach nuair a bheadh iaróg le tógáil. An bealach a shiúlfadh siadsan leanfadh Seán Óg dó; agus bhí sé láidir,

agus bhí a lán buachaillí agus glas-stócach ar an bhaile a raibh cuid mhór sílte acu de. Dá dtiocfadh leo an Druma a bhaint díobh, b'fhéidir go dtabharfadh sé fios don Ord Ársa go mb'fhearr dóibh Proinsias Bheagaide ina dtaobh ná ina ndeabhaidh. Ach an dtiocfadh?

An clog a bhí ar bhinn na tine, thoisigh sí a bhualadh an dó dhéag. Thug an chéad bhuille léim amach ar fud an tsuaimhnis, go cadránta, ag maíomh go raibh lá eile ag teacht, agus an rud a rinneadh inniu go n-inseodh an lá amárach goidé a thiocfadh dá bharr. . . .

Bhain Proinsias Bheagaide de, agus chuaigh sé a luí.

CHUAIGH an chaint a dúirt Proinsias Bheagaide ar fud pháirt mhór den bhaile an lá arna mhárach agus chuir achan duine a bhail féin uirthi. An oíche sin tháinig ocht gcloigne déag tigh Sheáin Mhacadáin. Bhí sé deacair acu labhairt, agus b'fhearrde Seán é féin a bheith ansin le tús a chur ar an tseanchas. Ní raibh sé fuar nó falsa ag toiseacht; chan sé uair ar an Druma Mhór sular labhair aon duine, ach gáire a dhéanamh nuair a deireadh sé rud a bhí greannmhar. Bhí siad ag cur air gur dhúirt sé an oíche sin: 'Mo Dhruma Mór bocht, ba é ba láí den iomlán acu!' Ach is dóiche go ndearna siad an áibhéil; is mór an trua nach raibh Muiris Phaideáin ann nó, dá mbíodh, ní loitfí stair mar gheall ar scéal.

Shuigh Proinsias Bheagaide ansin agus níor labhair sé ar an Druma ar chor ar bith ar feadh seal fhada. Ina áit sin rinne sé a chomhrá le triúr nó a cheathrar acu fá dhéanamh tí, ar chlocha agus ar phúdair agus ghléasraí pléasctha. Thrácht sé ar obair chloiche agus ar thithe a chonaic sé in Albain, agus bhí a dhreach thar mhagadh agus bhí an focal a bhí ag teacht as a bhéal a oiread dáiríre le hord mór. Rinne sé seo uilig mar gheall ar lorg a fhágáil ar intinn na stócach óg a bhí ina suí eadar é féin agus an balla beag. Níorbh olc an dearcadh dó ar chor ar bith gan trácht ar

ghnoithe na bpáipéar nuachta. Dá ndéanadh, bheadh sé ag cur barraíocht bearna eadar é féin agus iad; ach nuair a tháinig leis a bheith feasach, gan a bheith geabach, ar rud a raibh a oiread aithne acu air agus a bhí ar bhaint chloch acu, bhí an chéad bháire curtha aige i leith a chomhairle agus a cheann feadhnaís féin.

‘An bhfuil a fhios agaibh goidé ba chóir a dhéanamh?’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Ba chóir cupla ceathrú cheoil a dhéanamh de Dhónall Fheargail agus den Druma.’

‘Is fearr duit féin tús a chur ar an fhilíocht,’ arsa Tarlach Néill, ‘go bhfeicimid goidé an dúchas ranntaíochta atá ionat.’

Chuaigh siad uilig a gháirí.

Leis sin labhair Proinsias Bheagaide. Rinne sé an draothadh beag gáire faoi Sheán Mhacadáin a ba lú ab fhéidir agus ansin d’éirigh a ghuth mór stuama ar fud an tseomra.

‘Má ní sibh ceol de Dhónall Fheargail is oraibh féin a bheas sibh ag aor. Tá ábhar gáire ag Dónall Fheargail oraibh má ligeann sibh leis an Druma.’

D’amharc a raibh sa teach air. Ghlan sé a sceadamán agus chan sé leis.

‘Chuir sibh bhur gcuid airgid sa Druma sin, agus shiúil sibh leis, agus rinne bhur n-aithreacha romhaibh é. Le mo chuimhne féin, ba muid féin anseo, an taobh thoir den bhaile, a bhí riamh i mbun an Druma. Shílfeá gur drochmheas atá acu orainn agus nach bhfuilimid fiúntach go leor le cliú an bhaile a sheasamh. . . .’

‘Bhí an mhuintir thiar anuas riamh orainn,’ arsa fear as Carraig an Eidhinn, ‘gan aon ainm acu orainn ach lucht na gcos dubh.’

‘D’imigh siad agus rinne siad an scoil úr thiar,’ arsa fear eile.

‘Rinne,’ arsa Proinsias, ‘agus má tá ár gcosa dubh is é Dia a chruthaigh iad. Ní raibh locht ar bith ar ár gcuid cos nuair a bhí na clocha le hiompar go háit na scoile. Tá daoine ar an bhaile thiar a bhfuil léann acu, ach ní tháinig achan duine chun an tsaoil agus leabhar ina dhorn. Caithfidh daoine gan léann féin a bheith beo.’

Chuir Proinsias a mhéar an iarraidh sin ar an bhall a ba nimhní i muintir an bhaile thoir. Bhí an dubh-éad orthu le trí nó ceathair de theaghlaigh ar an bhaile thiar a bhí maith ag tógáil léinn, teaghlaigh a mbíodh a gcuid páistí i gcónaí ar tús ar an scoil. Ba iad féin an dream a raibh na doirne gágacha garbha orthu, a bhí maith ag troid, agus a mbuaileadh an máistir cuid mhór orthu, agus níor bhaol dóibh dearmad a dhéanamh de sin.

‘Má tá léann acu is beag an tairbhe dóibh é,’ arsa Tarlach Néill. ‘Shíl muintir Sheáin Eoin go ndéanfaid siad sagart de Dhonnchadh. Tá sé ag gabháil thart anois agus uachtar a chuid bróg éadrom ar an talamh.’

‘I ndiaidh a bhfuil le rá ag Dónall Fheargail, mhill sé tiomna Mháire Óige,’ arsa duine eile. ‘Dúirt an sagart nach bhfaca sé a leithéid de thiomna riamh.’

‘Goidé an mhaith a bheith ar an chaint sin?’ arsa Diarmaid. ‘Níl léann ar bith agamsa agus ní thiocfadh liom tiomna ar bith, maith nó olc, a scríobh, ach níl neart air sin agam. Thig liom a bheith i mo thost nuair a bhíos daoine ag caint ar léann. Tháinig muid anseo go bhfeicimis goidé mar sheasóimis ár gceart ar na *Hibernians*, agus chan fá choinne a bheith ag rómhar ar an dóigh a bhfuilimid.’

‘Tá an ceart agatsa, a Dhiarmaid,’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Ba cheart deargadh orthu an chéad áit a gcasfaí orainn iad.’

‘Anois,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘níl sé maith a bheith

araiciseach. Tá dhá dtrian mioscaise ar fhear fuagartha, agus má bhuaileann sibh na chéad bhuillí déarfur gur sibh atá san éagóir. Thig libh an Druma a bhaint díobh gan buille de scian nó de chlaíomh. San oíche amárach gabhaigí soir agus cuirigí go dtí vóta é agus, ar ndóigh, má chailleann sibh ní locht oraibh é.'

'Tá sin ceart,' arsa duine ansiúd is anseo.

Leis sin chuala siad tormán an Druma Mhóir. Bhíothas ag cleachtadh thuas ag an tseanscoil. D'éirigh Seán Mhacadáin chun an dorais agus d'éist sé.

'Sin é. Tá sé ag cur deann thríd mo chroí é a bheith acu.'

'Is fearr daoibh a dhul suas anois, a fheara, cibé agaibh atá sa Druma, agus gan clocha an talaimh a aithne oraibh go bhfuil rún ar bith agaibh,' arsa Proinsias Bheagaide. 'Agus ná déanaigí dearmad a bheith ansin amárach go luath.'

D'imigh siad. Choinnigh Proinsias Diarmaid agus Tarlach Néill agus Seán Óg i ndiaidh na codach eile, agus bhí sé deich mbomaite ag comhrá go dúthrachtach leo. Shílfeá gur tógadh fá Theach na Parlaiminte i Londain é, an dóigh a raibh an uile chleas leis go nádúrtha. Ní fhóirfeadh sé é a bheith leis féin. Ba eisean an lasóg, ba iad na fir a bhí ar shiúl an púdar, agus ba iad an triúr eile an tsreang a d'iompródh an tine.

Nuair a bhí an ghrian ag éirí fann an lá arna mhárach bhí comhthionól cruinn ag tóin sheanteach na scoile agus a gcuid lámh ina gcuid pócaí. Bhí an dá dhream ann agus, má bhí féin, bhí siad ag amhras ar a chéile. Ní dhearna siad mórán comhrá le chéile. De réir a chéile bhí siad ag scaradh ina dhá ndream, go dtí go raibh slat go leith eatarthu. Chuirfeadh fear acu a ghualainn le duine dá dhream féin nuair a bheadh sé ag éirí tuirseach den

tsuaimhneas, agus dhéanfadh sé féin agus an fear sin tamall coraíochta. Ach thug achan dream aire gan dánacht a dhéanamh ar an dream eile. Tháinig Eoin Mháirtín agus ní dhearna aon duine iontas de. Níor iarr aon duine an Druma a thabhairt amach. Sa deireadh chonacthas Diarmaid agus Seán Óg agus Tarlach Néill ag teacht, agus Proinsias Bheagaide leo. Chuaigh mac Dhónaill Fheargail anonn go n-insíodh sé dá athair é.

Gearrfhear fionnrúa a bhí i nDónall Fheargail, a raibh aghaidh chaoindéanta air. Léadh sé na páipéir, agus bhí a bheagán nó a mhórán eolais ar stair na hÉireann aige. Bhí sé géar sa teanga nuair a thigeadh an tallann air. Bhí cuid de mhuintir an bhaile a théadh chuige le litreacha a fháil scríofa, agus a chuireadh cuireadh air nuair a bheadh duine aosta ag déanamh tiomna. Ach bhí cuid mhór, agus go háirid muintir an bhaile thoir, nár lú orthu an diabhal ná é.

‘Oscar mór na coise bacad!’ ar seisean. ‘Chan a dhéanamh suaimhnis ar bith a tháinig sé. An bhfuil ár gcuid fear cruinn?’

‘Ní tháinig clann Dhonnchaidh Óig go fóill.’

‘Suigh ansin go ceann cheathrú uaire. Chead ag Proinsias Bheagaide seasamh ar a chois bhacaigh go ceann tamaill.’

Shuigh an stócach. Nuair a chonaic siad clann Dhonnchaidh Óig ag teacht bheir Dónall Fheargail ar an eochair agus chuaigh an bheirt soir. Nuair a bhí sé ag foscladh an dorais labhair Diarmaid.

‘A fheara,’ ar seisean, ‘tá sé chomh maith fiche focal a chur in aon fhocal amháin. Tá mé ag iarraidh oraibh gan an Druma a thabhairt amach anocht go dtí go socraímid cá háit ar cóir dó a bheith.’

Ba dóiche go dtabharfadh fear éigin freagra borb air ach gurb é gur labhair Dónall Fheargail:

‘Socraigí bhur rogha rud. Leis an bhaile an Druma agus is iad muintir an bhaile is cóir a shásamh.’

‘Níl muintir an bhaile *unanimous*,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘agus is fearr dúinn na gnoithí a chaibidil, sa dóigh nach mbíonn aon duine ag déanamh gearáin arís.’

‘Maith go leor,’ arsa Dónall Fheargail. ‘Ná coigligí an teach seo. Tá sé fúibh go meán oíche anocht le bhur rogha rud a rá.’

D’fhoscail sé an doras. Chuaigh siad isteach. Bhí siad tuairim ar dhaichead fear ann, agus bhí an teach lán. Bhí an léaró deireanach gréine ag teacht tríd an fhuinneog agus, i bhfad anonn, bhí an Tráigh Liath ag búirigh, an áit a raibh an dúlra i bpriacail ar dhoineann.

Sheasaigh Proinsias Bheagaide i lár an urláir agus Seán Óg agus Diarmaid agus Tarlach Néill ag a thaobh. Bhí a chuid fear ar a chúl agus anuas taobh an tí go dtí an doras druidte. Bhí cuid fear an Oird Ársa ón doras druidte thart go dtí an doras foscailte sa cheann eile den teach. Bhí na gléasraí ceoil ar a gcúl, ach níor mhiste le Proinsias; níorbh é sin an cluiche a bhí sé a imirt. Labhair sé.

‘Tá fir anseo anocht a d’iarr ormsa a rá le fir an bhaile go bhfuil siad ag meas go bhfuil contúirt orainn dhá thaobh an bhaile a chur in aghaidh a chéile. Bhí muid, ar ndóigh, mar ba chóir do chomharsana a bheith, anois leis na blianta, agus ba mhór an trua dhá leath a dhéanamh dinn; tá ár gcabhair féin gann go leor ag a chéile. Rinne muintir an bhaile thoir a ndícheall i gcónaí ar son an Druma, agus dhéanfaidh má fhaigheann siad a gceart. Le dhá bhliain déag tá an Druma tigh Sheáin Mhacadáin, agus bhí

lóistín maith aige. Tugadh ar shiúl i mbliana é agus fágadh abhus anseo ar an bhaile thiar é. Ba mhaith le cuid fear an bhaile thoir *interjection* agus *cross-examination* a chur oraibh fá na gnoithí. Ba mhaith leo a fhiafraí díbh an bhfuil sibh ag samhailt go bhfuil contúirt ar an Druma ina measc, nó an bhfuil sibh ag tnúth le Seán Mhacadáin, agus ag cur síos don duine fhiúntach go ndéanfadh sé lochtaíl ar bith oraibh?’

‘Bhí mise riamh ionraice, agus mo dhaoine romham,’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Chan dálta. . . .’

‘Bhí, ’Sheáin,’ arsa Proinsias, ‘agus níl mé in amhras nó inseoidh cuid fear an taobh thiar goidé atá i d’aghaidh acu.’

Labhair Dónall Fheargail.

‘Níl faic na fríde in aghaidh Sheáin Mhacadáin againn, nó in aghaidh duine ar bith eile ar an bhaile thoir. Ach dar linn, ó tharla an tseanscoil soghluaiste againn, go mb’fhearr an Druma a fhágáil inti agus gan a bheith ag cúnglú teach cónaí ar bith. Áit ar bith amach as seo a mbíonn a leithéid acu, bíonn halla acu a gcruinneoidh na fir ann, sa dóigh nach mbíonn siad ag cúnglú teach cónaí ar bith. Goidé an diabhal a bheadh orainne gan a bheith chomh fiúntach leo féin?’

‘Sea, níl Seán Mhacadáin fiúntach go leor agatsa,’ arsa Tarlach Néill.

‘Níor shamhail mé a leithéid a rá, a Tharlaigh,’ arsa Dónall Fheargail.

‘Níl cúnglach ar bith tigh Sheáin Mhacadáin,’ arsa Diarmaid. ‘Agus is furast súil a choinneáil ar an lochta. Tá an teach seo scoite agus gan duine ar bith ina chónaí ann.’

‘Ó, níl an teach seo deich slata fichead ó mo dhoras-sa,’ arsa Dónall Fheargail.

‘Is maith leis an mhuintir thiar achan rud a bheith acu . . . Nílimidne maith go leor . . . Níl ár sáith léinn againn le Druma a bheith againn . . . Nílimid sa cheith-earn choille . . . Nílimid sásta mionna a chur orainn daoine a mharú.’

Bhí cuid fear an bhaile thoir ag éirí garbh. Scairt Proinsias Bheagaide.

‘Bíodh ciall agaibh, a fheara. A fheara, an ligfidh sibh domsa focal a labhairt?’ Thost siad.

‘Glacfaimid vóta air,’ arsa Proinsias, ‘agus cér bith a déarfais formhór an bhaile beimid sásta leis.’

‘An bhfuil sibh sásta vóta a ghlacadh ar an méid atá anseo?’ arsa Dónall Fheargail.

‘Níl an baile uilig anseo,’ arsa fear den mhuintir thoir.

‘Níl,’ arsa Dónall Fheargail, ‘agus ní bheidh, nó dá mbíodh sibh ag scairtigh cruinnithe go ceann ráithe ní thiocfaidh ach cibé atá anseo anocht.’

‘Ní thiocfaidh,’ arsa Proinsias Bheagaide. ‘Glacfaimid vóta ar a bhfuil i láthair.’

‘An bhfuil achan duine sásta leis sin?’ arsa Dónall.

‘Tá,’ arsa corrdhuine. Níor chuir aon duine ina aghaidh.

‘Duine ar bith atá i leith an Druma a thabhairt tigh Sheáin Mhacadáin, cuireadh sé suas a lámh,’ arsa Proinsias.

Chuir ocht nduine dhéag a lámha in airde.

‘Duine ar bith anois atá i leith a fhágáil san áit a bhfuil sé?’ arsa Dónall Fheargail.

Chuaigh lámh agus fiche in airde.

‘Tím,’ arsa Proinsias Bheagaide. ‘Tá an bhua agaibh. Anois labharfaidh mise ar mo shon féin. A fhad agus bheas an Druma ar an bhaile thiar ní bheidh baint nó páirt agamsa dó.’

‘Ná agamsa,’ arsa Diarmaid.

‘Ná agamsa,’ arsa Tarlach.

Shiúil siad amach agus lean a gcuid fear iad, go raibh na hocht gcloigne déag amuigh. D’imigh siad ina scaiftí, ag geamhthroid eatarthu féin.

‘Dar brísce, an chuideachta a bhí anocht ann!’ arsa Eoin Mháirtín.

‘A Phroinsís Bheagaide,’ arsa Diarmaid, ‘tá mise réidh leatsa. Gheall tú dúinn go mbeadh an Druma anocht linn agus, i ndiaidh tú do dhícheall a dhéanamh, tá tú buailte.’

‘Mo Dhruma Mór! Mo Dhruma Mór!’ arsa Seán Mhacadáin. ‘Is é an teach a bheas uaigneach gan é.’

‘A Dhiarmaid, a mhic,’ arsa Proinsias, ‘níor imir mise ach an t-aon anocht. Tá na méir i mo dhorn.’

‘Má tá, beidh,’ arsa Diarmaid. ‘Goidé a thig linn a dhéanamh anois?’

‘Siúlaigí libh síos tigh Sheáin,’ arsa Proinsias.

‘Cha dtéim fad mo choise leat,’ arsa Diarmaid.

‘Ná mise,’ arsa Tarlach Néill.

D’amharc Proinsias thart ar gach taobh de. Ansin chuir sé cogar i gcluais Dhiarmada.

Sheasaigh Diarmaid mar bheadh gadhar a tífeadh fia ann.

‘Is fiú féacháil leis, dar crísce!’ ar seisean go borb faoina anáil. ‘Siúlaigí libh, a fheara,’ ar seisean go hard.

Chuaigh an cúigear, Proinsias agus Diarmaid agus Tarlach Néill agus Seán Óg agus Seán Mhacadáin, síos go teach Sheáin. Níor labhair aon duine go raibh siad ag tóin an sciobóil.

‘Fanaigí ’bhur seasamh, a fheara,’ arsa Proinsias Bheagaide.

‘Maise, ní inseodh Eibhlín d’aon duine é,’ arsa Seán

‘Is maith atá a fhios sin agamsa, a Sheáin,’ arsa Proinsias. ‘Ach ní maith linn an bhean chneasta a chur thríd a chéile. Rachaimid isteach ar an lochta, le do thoil.’

Chuaigh.

‘Anois, a fheara,’ arsa Proinsias, ‘tá an baile thiar ag gáirí fúinne anocht ach, má ní sibh mar iarrfaidh mise oraibh, beimidne ag gáirí faoin bhaile thiar amárach.’

D’éist siad. Fear iontach a bhí i bProinsias Bheagaide.

‘Fanóimid anseo go raibh na solais as anocht,’ arsa Proinsias. ‘Agus ansin rachaimid agus brisfimid isteach an scoil agus bhéarfaimid linn na huirnisí. Cé a bheas liomsa anocht?’

‘Mise,’ arsa Diarmaid, go tobann borb.

‘Agus mise,’ arsa Tarlach Néill.

‘Agus mise,’ arsa Seán Óg. ‘Beidh an oíche ragaireachta againn nach raibh a leithéid riamh roimhe ann.’

‘Ghlacfaimis na scratha a bhaint den teach,’ arsa Seán. ‘Cluinfeair muid ag briseadh an dorais.’

‘Seo, seo!’ arsa Proinsias. ‘An mbeidh tú linn?’

‘Dar fia! dá mbeadh a fhios ag Eibhlín é, chuirfeadh sé ó chodladh na hoíche í. . . .’

‘Níl feidhm a inse do Eibhlín. An mbeidh tú linn?’

‘Rachainnse thríd thine agus uisce ar mhaithe le mo Dhruma Mór,’ arsa Seán.

‘Maith go leor,’ arsa Proinsias Bheagaide.

‘Suígí ansin go bhfaighe mé solas,’ arsa Seán. Thoisigh sé a chuartú go bhfuair sé coinneal. Tharraing Seán Óg paca cardaí as a phóca agus chuaigh siad a imirt. Bhí buillí an Druma ag teacht chucu go raibh leath am luí ann. Thoisigh an choinneal a dhul síos. Bhí scáilí a gcuid sciathán ag bogadh gach uair dá n-imríodh siad carda, agus bhí siad

mar bheadh daoine a bheadh ar a seachnadh ar an dlí, ag fanacht faoi choim le hár a dhéanamh ar an chine daonna. Bhí anáil an eallaigh agus marbhghliogar slabhraí thíos fúthu, mar bheadh neacha nach raibh saolta ag cogarnaigh ann.

‘FAIGH mála,’ arsa Proinsias. ‘Tá an choinneal ar shéala a bheith caite.’

‘Cad chuige, a Phroinsís?’ arsa Seán.

‘Ó, cad chuige? De gheall ar fhliúiteanna agus a leithéidí a chur ann.’

Chruinnigh Seán Óg an gheir leáite agus rinne sé coinneal eile. Chuaigh Seán go dtí an doras.

‘Ní fheicim solas ar bith as ach ceann Chonaill Pheadair,’ ar seisean.

Bhí an t-am ag goilleadh orthu. Dódh an tseanchoinneal agus lasadh an ceann úr, agus chuaigh Seán go dtí an doras arís.

‘Tá Micheál Buí ina luí,’ ar seisean.

‘Má tá,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘tá am luí cothrom ann. Dhéanfaidh leathuair eile na gnoithí.’

Chuaigh na solais as de réir ceann is ceann. Bhí an baile ag drud a chuid súl, agus bhí na tithe ina seasamh dall gan chosnamh faoi oíche smúidghealaí. An té a bheadh amuigh, tífeadh sé go raibh suan ar leith ar na tithe nach raibh ar thoirteanna ar bith eile. Bhí an cuan ag innilt ar an chladach agus ceo dubh ina chraos. Ní raibh a oiread de sholas ann agus go n-aithneofa scáile. Bhí an spéir faoi néalta, mar bheadh páirc a mbeadh an féar ina luí uirthi i ndiaidh a

bhaint. Eadar dhá chomhairle a bhí an oíche, gan a bheith soiléir ag nochtadh nó dúthrachtach ag ceilt. Ansin tháinig treall dorcha inti, mar dhéanfadh sí athsmaoineamh a cuid rún a fholach.

‘Siúlaimis linn in ainm Dé,’ arsa Proinsias Bheagaide.

Bhí an tseanscoil trí cheathrú míle uathu. Bhí acu le dul amach an t-ard ó theach Sheáin agus trasna ar ghleann an Pholláin Lín, agus amach Ard na Gaoithe go dtí an scoil. Níor léir dóibh solas ar bith sa Phollán Lín. An dóigh a raibh na tithe suite ar Ard na Gaoithe, ní raibh teach ar bith ar a n-amharc ach an tseanscoil. Ach bhí an meán oíche ann agus b’éadóiche ar a gcois na teaghlaigh sin.

‘Tá eagla orm go rachaidh croí Eibhlín amach ar a béal,’ arsa Seán, nuair a bhí siad ag dul anonn an t-ard.

‘Cad chuige?’ arsa duine eile. ‘Níl a fhios aici nach ag airneál atá tú.’

‘Le heagla roimh Ghasraí Caola Bheití.’

Bhí sé de chliú ar Ghasraí Caola Bheití gurbh iad ab iomlataí a thóg Ros Cuain riamh. Ní thiocfadh dó go rabhtas ag cur na bréige orthu, nó dúirt Muiris Phaideáin é, agus bhí cuimhne aigesean ar cheithre fichid bliain de shaol an bhaile. Ní fhéadfaí briseadh ar scéal eile agus a gcuid gníomhartha a inse anseo. Is leor a rá go dtigeadh siad ar Sheán Mhacadáin go mion is go minic mar thiocfadh creabhair ar bheathach callaigh lá samhraidh ann, agus is beag nach raibh an dearcadh céanna aige orthu a bhí aige ‘ar an ghalar ghránna agus ar dhroch-aicídeacha na bliana’ a mbítí ag guí ina n-aghaidh sa Phaidrín.

Ba léir dóibh a chéile uilig ach an aghaidh, ach chuir an oíche as aithne iad. Chuaigh siad amach an cabhsa eadar an dá chlaí dreasóg, agus síos na fargáin go dtí an Pollán Lín agus an sruthán ag drandán taobh thoir díobh.

Chuaigh siad tríd bhearna Eoin na Rópaí agus na dreasóga ag teacht sna glúine orthu. D'éirigh madadh Eoin agus lig sé glaim chianach as ag iarraidh feasa ar iontais na hoíche. Chor siad siar as an bhealach aige. Baineadh truisle as fear acu ar ghráig a bhí sa pháirc. Chuaigh siad thar chlaí agus thit cuid de na clocha. Ach shlog an oíche cibé callán a rinne na faireacháin fhanna seo a raibh codladh na ndaoine ina muinín. Tháinig an ghaoth ní ba ghéire san aghaidh orthu nuair a thóg siad Ard na Gaoithe. Ba é an t-ard ab airde ar an bhaile é. Is iomaí tráthnóna samhraidh a chaith siad ar Chloch an Radhairc, agus malacha creagacha faoina súil, agus an fharraige amach go dtí na hoileáin agus go colbha an domhain. An uair uaigneach seo bhí siad in airde air agus brat na hoíche orthu, mar bheadh clúmh circe duibhe fá éilín ann.

Mhuscail a meanma ar an airdeacht. Ach, nuair a nocht na tithe a bhí in aice na scoile chucu, tháinig oibriú ar a gcroí. Chonaic siad solas ag teach Dhonnchaidh Óig, solas a bhí ag siúl. Chuaigh sé thart giall an tí agus chuaigh sé as amharc. Sheasaigh siad.

'Nach mall an t-airneál a ní siad, spréadh orthu!' arsa Tarlach Néill.

'Damnú orthu, siúlfaimid linn,' arsa Diarmaid.

Bhí an chogarnach seo ag saighdiú an aeir mar bheadh sleánna dearga ann. Bhí an bhaicle bheag fhear seo iontach beo, agus an oíche marbh thart orthu. Bhí siad mar bheadh coirp a bhogfadh i reilig agus a d'éireodh, agus a bheadh dáiríre, agus gan fonn orthu iad féin a nochtadh in áit na bréige. Agus bhí an solas fealltach sin mar bheadh daoine gealgháireacha cealgacha an tsaoil seo, a bhfuil an iomad cor ina ndóigh agus an béal ag milleadh an anama acu.

‘Fanaigí in bhur seasamh go bhfeicimid an nochtfaidh sé arís,’ arsa Proinsias Bheagaide.

Níor nocht. Dhruid siad suas leis an scoil agus thoisigh an croí a éirí creathnach acu. Bhí sé tithe cónaí fá chomar chéad go leith slat, agus ní raibh barr dóibh a bheith faichilleach. Chuaigh siad chomh cóngarach do theach Dhonnchaidh Óig agus ab fhéidir, ach ní fhaca siad an solas. Ina dhiaidh sin dar leo go gcuala siad caint, ach ní raibh aon duine cinnte de. Thóg siad a súil den teach, nó bhí néal contúirte air, dar leo, agus chuaigh siad soir go seanteach na scoile.

Chuir siad a nguailleacha leis an doras agus thoisigh an t-adhmad a sccilteadh. Sa deireadh chuaigh an doras isteach. Isteach leis na fir ina gcnap agus gan iúl ar fhaichill ag aon duine acu. Ach dhruid Proinsias Bheagaide an doras ina dhiaidh. Las Seán Óg lasóg. Bheir Seán Mhacadáin ar an Druma Mhór. Chuir Tarlach Néill na fliúiteanna agus na triantáin agus druma beag isteach sa mhála. Thug Diarmaid leis an chuid eile de na drumáí beaga. Bhailigh Seán Óg na claimhte agus na sleánna maide.

Bhí an bhratach mhór ina seasamh leis an bhinn. Chuaigh Proinsias Bheagaide anonn agus bhain sé an trasnán den dá chrann agus cheangail sé na trí mhaide dá chéile, ar a shuaimhneas. Bhí an t-acra leis ba dual a bheith i mbearna an bhaoil. Bhí na fir eile amuigh roimhe. Tharraing sé an doras amach ina dhiaidh agus gan driopás ná achrann air.

‘Anois,’ arsa Tarlach Néill, agus d’amharc sé ar na tithe a bhí anonn uathu, ‘dá bhfaighimis amach as Moscó, bheadh linn.’

‘An bhfaca aon duine léaró solais i bhfuinneog Dhonnchaidh Óig?’ arsa Diarmaid. ‘Bhéarfainnse mionna. . . .’

‘Ar do shúile atá sé,’ arsa Proinsias Bheagaide.

‘Fágfar briseadh an dorais ar Ghasraí Caola Bheití,’ arsa Seán Mhacadáin.

Tig achan rud lena iomrá ach an madadh rua agus an marbhánach, agus b’amhlaidh sin do Ghasraí Caola Bheití. Bhí siad amuigh i rith an tráthnóna agus bucaeidí acu, agus buailteoirí a rinne siad de shlatacha agus de chorcanna eangach, nó go raibh an trian deireanach den oíche ann. Ag teacht chun an bhaile dóibh shuigh siad ag bun carraige fá dheich slata de theach Dhonnchaidh Óig, a chuntas a gcuid cnaipí. Bhí aiste ar na cnaipí an lá seo! Ardtráthnóna tháinig siad ar éadach a bhí ar tuaradh ag teach Eoin na Rópaí agus scoith siad a raibh de chnaipí air. Bhí lán a phóca le Seonaí Bheití acu.

‘Ceann domsa agus ceann duitse agus ceann do Liam, agus ceann dom féin. Ceann duitse agus ceann do Liam agus ceann dom féin. Ceann domsa agus ceann duitse. . .’

‘Spréadh ort! Níl tú ag cuntas mar is ceart.’

Leis sin chonaic siad na fir ag gabháil thart leo agus thost siad. D’amharc Seonaí agus chonaic sé Seán Mhacadáin agus an Druma Mór eadar a ucht agus a ascallaí leis. Ní raibh sé dhá shlat uaidh, agus ní raibh bua le fáil ar na cathuithe. Bheir sé ar bhuailteoir an choirc agus bhuail sé trí buillí tolla tréana ar an Druma Mhór.

Tugadh iarraidh orthu ach d’imigh siad eadar chosa na bhfear, mar bheadh eascanna ann. Bhí bó tinn ar ghamhain tigh Dhonnchaidh Óig, agus ba é sin an rud ba chúis leis an tsolas. Lena chois sin, bhí buachaillí na comharsan ag airneál ann. Cheap mac de chuid Dhonnchaidh Seonaí Bheití ag doras an bhóithigh.

‘Dom pingin, dom pingin, agus inseoidh mé duit é,’ arsa Seonaí.

Mhorthaigh mac Dhonnchaidh na cnaipí.

‘Ní hea, ach bainfidh mé díot na cnaipí mura n-insí tú dom é.’

‘Maith go lecr. Tá fir ar shiúl síos ansin agus an Druma leo.’

‘Bhí eireas agam gur sin buille de dhruma,’ arsa Niall Dhonnchaidh. Chuaigh sé go dtí an doras. ‘A fheara, bígí amuigh.’

Nuair a bhain an taisme don mhuintir a bhí ag tabhairt leo an Druma d’imigh siad ina rith. Bhí tréan ama acu, ach gurb é gur thit Seán Mhacadáin trasna ar chlaí agus go mb’éigean dóibh seasamh.

‘Damnú ar do dhá chois!’ arsa Diarmaid.

Ach leis sin chuala siad an scairt: ‘Seo iad!’ Dar leo go raibh na creagacha dubh le fir. Sciob Seán Óg an Druma amach as lámha Sheáin Mhacadáin, agus chuir sé ar ghualainn amháin é agus na claimhte maide ar an ghualainn eile.

Bhí Seán Óg neartmhar lúfar, mar ba dúcha dó. Bhí a athair mór, Muircheartach Mór Ó Gallchóir, gartha as lúth a chuid cos. D’insítí sa táin fán mhaidin a tháinig na ribhínigh air agus é ina luí ar a leaba. Chuaigh a mháthair suas agus mhuscail sí é. ‘A mhic,’ ar sise, ‘is é do chodladh an codladh a chloígh d’éifeacht!’ D’éirigh Muircheartach agus chuir sé a chos ina bhríste. Bhí an stil folaithe faoi bheart muiríní sa gharraí, agus bhí dhá chloigeann déag ribhíneach ag siortú agus ag polladh thart fá dtaobh di. Chuaigh sé amach ceanntarnocht, costarnocht, chaith sé an mhuiríneach den stil, chuir ar a ghualainn í, agus chuaigh de léim thar chlaí an gharraí. Shín an rása. Bhain Muircheartach an tráigh amach. Nuair a bhí sé ag gabháil amach an tráigh chaith fear acu an gunna air ag iarraidh é a bhualadh sna hioscadaí, ach d’fheall air. Chuaigh

Muircheartach de léim san fharraige agus trasna an deáin go Rinn na bhFaoileog. Leag sé a ucht ar chlaí thall agus choimhead sé iad. B'éigean dóibh an bealach a ligean dó.

Sin mar a bhí an scéal sa táin. Anois, bhí Seán Óg chomh neartmhar agus chomh lúfar leis an athair mhór. B'éadóiche aon duine labhairt chomh filiúnta leis agus a labhair a mháthair le Muircheartach, nó bhí aois na litríochta ar shéala a bheith thart. Ach thabhaigh sé filíocht an oíche sin. Thug sé leis an Druma ar a ghualainn deis agus na claimhte maide ar a ghualainn chlí agus d'imigh sé mar bheadh each mear a luífí brod air, thar chreagacha agus chlaitheacha agus thar fhargáin agus dhíogacha, tríd treabhaire agus draighean agus dreas.

D'éirigh madaí sa bhealach aige agus thoisigh na tithe a mhuscladh ar gach taobh de. Buaileadh le cloch sa tslinneán é. Dhruid sé a char ar a chéile. Dá mbeadh greim aigesean ar an fhear a chaith an chloch sin ní chaithfeadh sé an dara ceann go dtéadh an t-earrach amach. Tháinig sítheadh feirge air agus ghlan sé claí ard de léim. Baineadh truisle as ar cloich ach d'imigh sé leis. Anall an Pollán Lín scoith sé a raibh ina dhiaidh. Ag teacht aníos an mhala dó bhí siad ag druim leis arís. Ach nuair a thóg sé an t-ard d'fhág sé síos siar ina dhiaidh iad, agus thug an chreach slán go dtí an t-ionad a ba dual di.

Ach rinne Proinsias Bheagaide éacht an oíche sin nach raibh beag ná suarach ach a oiread. Ba é a bhí ar deireadh nuair a thoisigh an tseilg. Bhí an bhratach ar a ghualainn cornaithe, ach mar sin féin bhí sí míshásta agus bhí sí ag ceapadh na gaoithe. Bhí druma beag ina láimh chlí leis. Bhí a fhios aige i gceann a leathchéad bliain thall nach n-imeodh sé ar bhuachaillí óga. Choinnigh sé siar ón cheathrar eile agus tharla garraí cruach Chonaill Pheadair

air. Chuaigh sé thart taobh thiar de agus streachail sé é féin thar an chlaí, agus ní raibh ann ach go raibh sé ar scáth cruaithe nuair a chonaic sé an fear a bhí ina dhiaidh ina rith thart le claí an gharraí. Bhí faill aige seasamh agus a anáil a tharraingt, ach bhí a fhios aige go raibh sé ar bhealach na bhfear ag teacht chun an bhaile dóibh agus gurbh éadóiche é imeacht orthu. D'fhan sé gur mheas sé go raibh an tseilg leathchéad slat roimhe, agus ansin soir leis an Pollán Lín mar bheadh sé ag tarraingt ar an chladach. Bhí sé ag brath cor a thabhairt thart taobh amuigh ar na fir a bhí sa tóir orthu, agus a theacht ón taoibh thuaidh ar theach Sheáin Mhacadáin.

Ach rinne sé dearmad de Charraig an Fhíodóra. Bhí sí ina bábhún fhada sa bhealach aige, agus b'éigean dó a dhul suas lena taobh agus an t-ard a thógáil ag an cheann thoir de theach Sheáin Mhacadáin. Ní luaithe a chuir sé a chos ar mhullach an aird ná fuair sé fear den namhaid fá dhá choiscéim dó. Thug sé iarraidh bhuille de mhaidí na brataí air. Chuaigh an fear i bhfostó iontu, agus scairt sé ar chuidiú. Thoisigh an tarraingt. Bhí beirt eile fá dhá shlat dó nuair a fuair Proinsias leis an bhratach. Nuair a lig an fear eile amach í chuaigh Proinsias ar a chúl, agus amach thar bhruach binne leis. Síos leis tríd choll agus chál faiche agus chrainn chreathacha. Chaill sé an drumma beag. Fuair sé fiche buille agus scríobóg fán chorp sular fágadh ina luí ar chuisleán ghlas eadar dhá chreig é. D'éirigh sé agus buaileadh a chos ar an drumma bheag.

Rinne an taisme tarrtháil air. Bhí sé i Scealpaigh an Ghearria agus bhí eolas maith aige uirthi ó bhí sé ina ghasúr. Ní raibh ach bealach amháin réitithe isteach inti, aníos ón chladach. Bhí bealach folaithe amach aisti faoin talamh ag an cheann eile. Ní raibh eolas rómhaith ag

muintir an bhaile thiar uirthi, go háirid ó bhí sé de chliú uirthi nach raibh sí sona. Bhí sé ráite gur chuir Cormac Rua agus a dhá chú gearria ina shuí sa tsliabh i dtús eadra agus gur lean siad é go raibh nóin bheag agus deireadh an lae ann, agus go ndeachaigh sé as amharc sa sceilp seo agus nach bhfaca siad ní ba mhó é. Bhí daoine ann a chreid go raibh poll inti a bhí ag gabháil go hoileán mara a bhí ag bun na spéire. Ach bhí a fhios ag Proinsias ó bhun barr í, nó bhí sé i bhfolach ón scoil inti lá amháin nach raibh bróga ar bith aige, agus an máistir ag cur trom air agus na páistí eile ag magadh air dá thairbhe. Chuaigh sé isteach suas sa sceilp, agus mhothaigh sé an driúcht ag dul go dtí an craiceann ann agus an duilliúr bog fána leicne. Bhí an dúshaothar leis an bhratach aige, nó bhí sí ag gabháil i bhfostó. Ach fá dheireadh d'éirigh leis a cheann a sháthadh in airde eadar dhá thom cáil faiche. Ní raibh teach Sheáin daicheadslatuaidh, agus ní raibh duine ar bith le mothachtáil.

D'fhan sé ceathrú uaire agus níor mhothaigh sé aon duine. D'éirigh sé agus rith sé. Nuair a bhí sé ag tarraingt ar an doras chonaic sé arís iad. Chuaigh cloch thart leis agus bhuail sí an doras.

'Foscail,' arsa Proinsias.

'Cé thú féin nó scoithfidh mé an ceann díot leis an tua bheag?' arsa Seán Mhacadáin.

'Proinsias,' ar seisean.

Ligeadh isteach é. Bhí an teach tógtha ó lár. Bhí Eibhlín tríd an teach ag mairgnigh. 'Cuirfidh siad an teach le thine os ár gcionn.' Bhí lán a gcroí d'áthas ar na buachaillí agus achan fhear ag aithris a chuid gníomhartha féin. Ach bhí Proinsias ag smaoineamh go raibh an aois ag teacht air, go raibh sé trom ar a chois agus gairid san anáil, agus cibé áthas a bheadh feasta aige gur as an smaoineamh agus nach as an ghníomh a bhainfeadh sé é.

Bhí sé i ndiaidh an mheán oíche an t-am seo, agus ina dhiaidh sin rinne na fir a n-airneál go dtí go raibh an dream a bhí ar a dtóir i bhfad ar shiúl. Níor mhothaigh aon duine an t-am ag gabháil thart, go dtí gur amharc Diarmaid ar an chlog agus gur dhúirt sé gur seo náire shaolta. Nuair a d'imigh siad bhí Seán Mhacadáin faoi imní, dálta achan duine a raibh taisce riamh aige. Ní raibh cuma air go raibh sé ag brath a dhul a luí ar chor ar bith. Shiúladh sé go dtí an doras agus níodh sé leathfhoscladh air. Thigeadh sé go dtí an Druma Mór agus d'amharcadh sé air, agus chuimlíodh sé a mhéar de scríobóg a bhí ar an fheadhán.

'A Sheáin, a rún,' arsa Eibhlín go séimh, 'is fearr dúinn a dhul a luí. Beidh sé gearrdhoiligh éirí amárach.'

'Tá mé mar atí Dia mé,' arsa Seán, 'gan a fhios cá huair a thiocfaidh siad agus ghoidfidh siad mo Dhruma Mór uaim.'

Bíonn eagla mhór ar mhná i láthair géibhinn, ach ní bhíonn baol ar a oiread imní orthu leis na fir fá rudaí a d'fhéadfadh a theacht. Bhí an dóchas seo ag Eibhlín anois nuair a chonaic sí go raibh achan rud socair.

'Goidé atá le theacht air?' ar sise.

'Achan rud, mura mbeadh ann ach cuid Gasraí Caola Bheití.'

‘Maise, is tú an duine gan dóigh. Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil siadsan féin fá chónaí an t-am seo d’oíche.’

‘Is réidh agat é. D’imigh siad uilig agus d’fhág siad mise in áit mo chartaithe. Dar an leabhar, an chéad *Hibernia* a thiocfas isteach, bainfidh mise an inchinn as leis an tua bheag.’

‘Seo, seo, bíodh ag an tua bheag. Dá mbeadh a bhfuil de dhrumaí ó seo chun na Bóinne i do theach, ní bheifeá beo gan chodladh.’

‘Is réidh agat é! Is réidh agat é!’ arsa Seán, agus é aníos agus síos an t-urlár. ‘A Eibhlín, cá bhfuil mo píopa?’

‘Sin ar an dreisiúr é.’

Dhearg sé an píopa agus d’imigh Eibhlín a luí. Níor chaith Seán ach na cúig nó sé de thoiteanna gur lig sé as an píopa. Shiúil sé aníos agus síos an t-urlár, agus a scáile ar fud an taobh-bhalla uilig, agus an Druma ina thoirt mhór ghalánta i gceann an tí. Bhí a chroí ag inse dó go raibh rud éigin i bhfolach amuigh faoin oíche, rud éigin a bhí contúirteach. Shíl sé gur mhothaigh sé tormán cos, ach nuair a d’éist sé bhí a fhios aige gur geafta an gharraí a bhí ag déanamh gliogair sa ghaoth. Phill sé aníos ón doras agus thug sé faoi deara an tine coigilte agus mhothaigh sé an tuirse agus an codladh. Chuaigh sé síos go dtí an Druma Mór agus d’amharc sé air go himníoch agus go gradamach agus chuir sé as an solas agus chuaigh sé a luí.

Nuair a scar Proinsias Bheagaide leis na fir eile shiúil sé anonn an léana ag tarraingt ar a theach féin. Nuair a bhí trí choiscéim tugtha aige tharraing sé anáil mhór, cineál d’osna mhór lúcháireach. D’imigh an ghruaim a tháinig air nuair a chuala sé an t-áthas a bhí i gcuid cainte na bhfear óg thall tigh Sheáin agus smaoinigh sé go raibh an

aois ag teacht air féin. Mhothaigh sé é féin chomh sásta le fear ocrach a gheobhadh tráth bídh, nó le fear tuirseach a gheobhadh scíste. Mhothaigh sé seirbhe na díomua fiche uair ina shaol, ach d'aisíoc bua na hoíche seo uilig iad. Ní raibh fear ar an domhan chláir a chuirfeadh aiféaltas ar Phroinsias Bheagaide an bomaite sin. Má ba bheag an teach sin a raibh sé ag tarraingt air agus a raibh an marbhsolas ann, níor bheag leis é féin. Tá dúichí ann a thógas fir mhóra; bhí rud éigin sna creagacha sin nach ligfeadh don chine daonna meath. An té a dtiocfadh leis solas tréan a lasadh ag taobh Phroinsias Bheagaide an t-am sin, tífeadh sé pearsa éifeachtach ag teacht chuige amach as an dorchadas. Nochtadh an solas an uaisle nádúrtha a bhí ina chrothaíocht agus an ciúnas domhain tintrí a bhí ina shúil. Bheadh sé chomh hiontach i lár an tsolais agus a bheadh an solas é féin i lár an dorchadais. Ar an bhomaite chéanna, ba mhór leis an tsaol tormán a bhróige ar an scainneagán ag tarraingt chun an dorais. Is iomaí uair a réab cnoic agus gan ciall leis, agus ar lig an neach folaithe a dtugaimid an saol air thar a chluais iad. Ach ní féidir sin a dhéanamh le dada a bhaineas le fear nuair a fuair sé bua agus rinne sé gníomh ba dual dó. Déarfainn gur choimhead an neach Proinsias gur fhoscail sé an doras agus go ndeachaigh sé as amharc faoin fhardoras.

Ar maidin lá arna mhárach chuir Seán Mhacadáin braillín ghlan ar an Druma agus d'fhág sé amuigh ar an lochta é. Ansin chuaigh sé féin amach a rómhar i gcuibhreann an dorais. Ní raibh lá rúin aige cuibhreann an dorais a rómhar go dtí sin. Nuair a bhíodh cúig nó sé de phreabanna tiontaithe aige d'amharcadh sé suas ar an scioból. Tháinig Gasraí Caola Bheití thart mar a bheadh na

mulcadáin mhaola rua a tháinig ar Gholl ann, agus chaith siad cat ar chearc éillín agus d'éirigh Eibhlín á seilg.

Bhí Proinsias Bheagaide céad slat taobh thall de Sheán agus é ag rómhar conlach chomh dícheallach le fear nach mbeadh a athrach ar a intinn, agus gan é ag tógáil a chinn ar chor ar bith.

I I

Bhí Niall Óg agus a mhac ag rómhar fiaraigh os cionn an chladaigh thoir i gCarraig an Eidhinn. Fear íseal daingean a bhí i Niall, agus aghaidh shultmhar dhearg air agus soc d'fhéasóg faoina smigead. Bhí a chuid éadaigh de go dtí an léine agus an bríste, agus bhí beilt fána bhríste ach, má bhí, chan thart ar a choim a bhí sí ar chor ar bith ach thart ar a thóin. Bhí boilsí air fúithi agus os a cionn, mar bheadh sac mine a gcuirfeá gad tarr air.

Bhí Éamann, an mac, i gceann a shé mblian déag. Ní raibh mórán de chosúlacht an athar leis, nó bhí sé inbhuailete ar na sé troithe cheana féin. Ábhar fir bhreá a bhí ann ach go raibh sé bog go fóill, dálta gach rud dá bhfásann go gasta. Bhí dreach soineanta cóir air, agus bhí amharc bog filiúnta ina shúile—bhí, lán ní ba bhoige ná bheifeá ag dúil leis ón óige féin. Bhí sé ag obair leis go luascánach ach ní raibh cuma air go raibh toil ar bith do lá fada i gceann spáide aige. Thógadh sé a cheann go minic. Uair amháin sháith sé an spád. D'amharc Niall anall air.

‘Cá bhfuil tú ag gabháil anois, a Éamainn?’ ar seisean. ‘Ar ndóigh, chan ag brath stad a bheifeá?’

‘Tá mé ag gabháil suas chun an tí go bhfaighe mé deoch bhláiche.’

‘Tá mise amuigh ó mhaidin agus ní bhfuair mé deoch

bhláiche ná deoch ba táire ná í. Sin an tríú deoch agat ó bhí am dinnéara ann. Nuair a bhí mise i d'aois dhéanfainn lá oibre le fear ar bith. Ach tá tusa róbhog. Níl ionat ach gas fada marbh a ndeachaigh barraíocht de leas mhéith leis. Tá a dhá oiread talaimh tiontaithe agam ó mhaidin leat, agus mé i mo sheandúine. Lean tú do sheanchleitheamán breoite máthara, rinne tú sin.'

'Níl neart agam air; tá tart orm.'

'Imigh anois, agus má bhíonn tú níos mó ná cúig bhomaite ar an bhealach ní bhfaighidh tú cead airneáil anocht. Agus má fhaighimse greim ort ag bualadh ar sheanbhucaeid feasta ní dhéanfaidh tú aon oíche airneáil go Féile Eoin seo chugainn.'

Bhí Niall iontach trom ar Éamann. Chan cion corr a bhí tógtha aige dó, ach oiread le duine ar bith eile sa teach, ach bhí Éamann san aois a rachadh sé go dtí an smior ann a rá nach raibh sé ar an neamhacra. Bhí an chéad séasúr déanta in Albain aige. Cheannaigh sé péire bróg éadrom ag teacht chun an bhaile dó agus choinnigh sé féin agus a mháthair folaithe ar Niall iad ar feadh coicíse. Ach, ar ndóigh, níl coisbheart ineachanta, agus chonaic Niall na bróga agus bhí sé ag éileamh air i rith an gheimhridh. Rinne sé gníomhartha eile nach gcuala Niall riamh, ar an dea-uair dó. Cheannaigh sé luach dhá phingin de *woodbines* Oíche Shamhna; agus chaith sé píopa tobaca go raibh a cheann ag gabháil thart, ar fhaire Tharlaigh Ghráinne.

Níor ghoill a dhath riamh air a oiread leis an rud a rinne an t-athair leis an lá a bhí beirt stócach as an Mhachaire Dhearg, a bhí muinteartha dóibh, ag cuartaíocht acu. Bhí an gasúr ab óige ná é tinn, agus ní raibh aon duine leis an bhuachailleacht a dhéanamh. 'Éirigh, a ghiolla na loirgneach fada,' arsa Niall, 'agus lig amach an t-eallach. Agus

caith díot na bróga galánta agus ná mill thríd an fhéar fhliuch iad.' Ní raibh neart air, agus chuaigh sé go dtí an croí in Éamann bhocht. Nár chuma, i dtaca le holc, dá mbíodh gan na stócaigh choimhthíocha a bheith istigh. Ach gurb é nár mhaith leis a shásamh a thabhairt rachadh sé a chaoineadh. Ní raibh dea-bharúil dó féin aige go ceann seachtaine ina dhiaidh—go dtí gur smaoinigh sé go raibh sé maith go leor nár cuireadh a choimhéad cearc é. Thigeadh amanna sa bhliain nach mbíodh Niall róthrom ar chor ar bith air, ach go háirid ó thoisíodh an baile a dhéanamh réidh fá choinne lá Fhéile Pádraig ní raibh suaimhneas le fáil aige.

Ní raibh, nó bhí barraíocht dúile aige sa Druma agus sa cheol. Ní raibh aon earrach ó chuaigh bríste air nár bhuail sé bucaeid fá na hairde an t-am sin de bhliain. Rinne sé an bhliain sin féin é, i ndiaidh a raibh de leisc air aon duine gasúr a thabhairt air. Tháinig an t-athair air an tráthnóna roimhe sin, agus é ag greadadh leis, agus Gasraí Caola Bheití ina dhiaidh agus trí fideoga leo. Fuair sé léabairt den teanga ansin agus bhí a chroí dubh go ceann uaire ina dhiaidh, nó go dtáinig dearmad na hóige air. Bhí sé chomh dóirte don Druma an lá ar na mhárach agus a bhí riamh, agus bhí sé ag bualadh a thaobhanna lena dhoirne agus ag casadh a chuid sciathán san aer ag gabháil suas an mhala dó.

Ba í a mháthair a d'iarr air a theacht isteach nuair a bheadh an bainne buailte. Bhí sí ag baint an ime den chuinneog agus thug sí deoch den bhlách úr dó, agus d'iarr sí air suí agus a scíste a dhéanamh, ach bhí barraíocht eagla roimh an athair air. Ina dhiaidh sin bheir sé ar phigín agus chuaigh sé síos agus aníos an t-urlár agus é ag bualadh a chuid sál ar an urlár agus ag feadalaigh agus ag cur leis an phort lena chuid alt ar an phigín.

‘M’anam i mo ghasúr mór!’ arsa an mháthair. ‘Is tú a dhéanfas an drumadóir breá go fóill.’

Nuair a chuaigh sé síos bhí Niall in achrann le cloch a bhí i lár na páirce. ‘Goitseo,’ ar seisean. ‘Cuir do lámha anseo. Anois, a chailleach!’

Ní raibh dul acu an chloch a bhogadh.

‘Níl maith ionat. Níl ionat ach spairt gan mhothú. Nuair a bhí mise i d’aois bhí mé chomh maith i gceann cloch le haon fhear ar an bhaile. Imigh siar tigh Mhurchaidh agus iarr an t-ord mór. Agus ná lig dó titim sna ladhra ort.’

Thiocfadh Éamann gan an chomhairle seo, ach níor lig sé dada air ach imeacht siar.

Bhí teach Mhurchaidh Mhic an Bhaird déanta ar bhruach an chladaigh. Teaghlach a bhí iontu a bhí geallmhar ar an fharraige agus bhí bád acu thíos sa chaslaigh, agus tífeá spiléad crochta ar phionnaí an tí. Bhíodh iasc fán teach go minic. Bhí a fhios ag na stócaigh a bhí ann ainm achan éan mór, ón éan geadhrainn go dtí an muir-dhúchaill, agus thiocfadh leo bád ar bith sa phobal a aithne leathmhíle uathu.

Teach leathdhorcha a bhí ann, nó ní raibh air ach fuinneog bheag. Bhí céasla agus stiúir báid ina seasamh le binn an tí. Bhí bád beag a rinne fear de na stócaigh as blocán crochta ar an taobh-bhalla agus iomlán éadaigh uirthi. Bhí cuid mhór pioctúirí beannaithe ar na ballaí: bhí toil ag Brídeog, bean an tí, don chineál sin. Chuir Éamann ceist uair amháin ar Eoin Mháirtín—ba ua do Mhurchadh Eoin—cá bhfuair siad pioctúir Naomh Antain.

‘Brídeog a fuair ina luí taobh amuigh de chlaí an mhisin é,’ arsa Eoin.

‘A thiarcais ó, ’Eoin an chinn mhóir!’ arsa sean-

Mhurchadh. ‘Cé a chuala riamh claí a bheith ar mhisean? Misean, sin faoiside agus seanmóir a bheir Ord de chuid na hEaglaise uathu go bliantúil le daoine a chur ar staid na ngrásta nach ngéilleann go rómhaith dá gcuid sagart féin.’

‘Dar brísce, síleann na seandaoine gur acu féin atá fios ar achan rud!’ arsa Eoin.

Ach bhí a fhios ag seanMhurchadh an méid sin, agus a lán eile nach raibh a fhios ag an dream óg. Ba é an fear deireanach de na seanchaithe é, agus bhí sé i measc na ndaoine a bhí an t-am seo ann mar bheadh Oisín i ndiaidh na bhFiann. Ní raibh aon duine ag tabhairt faoi deara gur seandúine ar leith a bhí ann, go raibh míne ina dhreach agus blas ar a theanga. Dar le hÉamann gur seanfhear suarach a bhí ann cosúil leo uilig, é féin agus a shoc féasóige agus a stoc dhearg. Ach bhí bua amháin aige a bhí mór ina shúile: ba é a chasadh an snáth fá choinne chóiriú na bhfear Lá Fhéile Pádraig.

Bhí sé ag casadh an tsnátha an tráthnóna seo, ina shuí agus a chuid méar crúbach ag obair agus síocháin na haoise ar a ghrua. Bhí tachrán le hiníon dó ina shuí ag a thaobh. Bhí a bheirt mhac, Peadar agus Antain, ag geamhthroid fán iaróg a bhí ar an bhaile; bhí fear acu ar gach taobh. Bhí Eoin Mháirtín ag dul thart ar bhun an urláir agus gan é ag labhairt ach go hannamh.

Dúirt Éamann ‘Dia anseo!’ mar a bheadh fear ann. D’imigh an t-am a gcuirfeadh sé a ghualainn leis an ursain agus a n-abraíodh sé, ‘D’iarr m’athair an t-ord mór’, cé go raibh sé faiteach go leor go fóill. Hiarradh air suí, agus chuir siad míshásamh air nuair nach raibh aon duine ag tabhairt comhrá dó. D’inis siad dó, ar scor ar bith, go raibh an t-ord thiar ag Seán Mhaighréide agus chuir siad Eoin Mháirtín siar fána choinne.

‘ ‘Athair mór,’ arsa an tachrán, ‘inis scéal.’

‘A thiarna chléibh, ní éisteoidh an dream óg atá anois ann le dada ach scéalta. Is filiúnta i bhfad Laoi Fiannaíochta ná scéal. An gcuala tú Laoi Ghoill Mhic Mhoirne ar an Charraig?’

‘Ní chuala.’

‘Tá an sagart sna *Hibernians*,’ arsa Peadar, ‘agus tá achan duine ag gabháil iontu agus scuabfaimid an tír.’

‘Níl, maise, nó a shaothar air,’ arsa Antain. ‘Ní thabharfadh an t-easpag cead dó.’

‘A thiarcais ó, an mbeidh sibh in bhur dtost?’ arsa seanMhurchadh:

‘A bhean, beir leat mo léine
agus déana uaim éirghe.

Triall imeacht, a ghruadhearg ghlan,
an mhaidin roimh mo mharbhadh.’

‘Chuala mise Proinsias Bheagaide á rá go dtug an Pápa a mhallacht dóibh,’ arsa Antain.

‘Is maith a fhios ag Proinsias Bheagaide. Níl ann ach uascán de dhuine.’

‘Fear foghlamtha Proinsias Bheagaide,’ arsa Antain.

‘Tugaigí an bealach do Phroinsias Bheagaide,’ arsa seanMhurchadh. Níl sa léann ach mar shíltear dó:

‘Ionsaigh longfort Fhinn na bhFiann,
mar a bhfuil don taobhsa siar. . . .’

‘Chuala mise focla Béarla ag Proinsias Bheagaide nach bhfuil ag an tsagart,’ arsa Antain.

‘A thiarna chléibh, a Antain,’ arsa Murchadh, ‘cé rinne thusa chomh beacht is go gceartófá Béarla?’

‘A Ghoill, cia slighe a rachad?’

Mairg bhíos ar bheagán carad.

Beag bean ar a mbí rath

ó bheith gan cheann gan chodhnach.’

‘Tá, focla chomh fada le rámha,’ arsa Peadar. ‘Níl tú gan scoláire agat, Proinsias Bheagaide, agus an saol ag magadh air féin is ar Sheáinín Eoghain Mhicheáil Mhansáin.’

‘Tá Proinsias ag magadh oraibhse, an iarraidh seo ar scor ar bith,’ arsa Antain. ‘Bhain sé an Druma díbh.’

Bhí seanMhurchadh ag canstan na Fiannaíochta i measc a gcuid geamhthroda, mar bheadh file i measc bhodaigh gan oideas. Bhí an tseanÉire ag fáil bháis agus an Éire Óg ag bruínteachas fá cholbha a leapa. Ní raibh an dreach measúil ar chlann Mhurchaidh a bhí air féin, agus ní raibh deis a labhartha acu mar a bhí aige. Chan dóibh a bhí sé ag rá na filíochta, ná don tachrán ach a oiread, ach dó féin. Bhí seanchuimhneacháin aigesean a bhí míle bliain d’aois. Thuigfeadh sé Cormacán Éigeas nó Gofraidh Fionn Ó Dálaigh. Ach ní thuigfeadh an chlann a n-athair mór. Dúirt seanMhurchadh ceathrú eile:

‘Deich lá fichead beo gan bhia

tearc neach a bhí romhat riamh.

Céad laoch le do láimh, a Ghoill,

a thit sa charraig chumhaing.’

‘Fan go bhfeice sibh muidne Lá Fhéile Pádraig,’ arsa Peadar. ‘Beidh na mílte againn ann.’

‘Ní hea, ach fan go bhfeice sibhse muidne,’ arsa Antain.
‘Tiocfaimid amach oraibh.’

‘Eochaidh balldearg mac Máil,
airdrí Uladh eineach-náir,
do mheascas sa laoch mo shleagh:
thugas iad fá bhrón, a bhean,’

arsa seanMhurchadh.

‘Breast an laoi sin!’ arsa an tachrán. ‘Inis scéal.’

‘A thiarna chléibh, níl filíocht ar bith sa dream óg,’ arsa Murchadh. ‘Cé an scéal is fearr leat?’

‘Cod Mac Rí na hIoruaidhe,’ arsa an tachrán.

Thoisigh Murchadh:

‘Bhí triúr mac ag Rí na hIoruaidhe a raibh Cod, Cead agus Míchead orthu. Lá de na laethaibh agus uair de na huairibh a raibh fleadh agus féasta ag an Rí, d’éirigh Cod agus dúirt sé go raibh sé ag gabháil amach a thógáil cíos láimhe ar Thír na Sorcha a bhí ag a shean agus ag a shinsir roimhe. . . .’

‘Ní bheidh aon duine agaibh a bhuailfeas an Druma,’ arsa Peadar.

‘Buailfidh Tarlach Néill é chomh maith le haon fhear sna *Hibernians*,’ arsa Antain.

D’inis Murchadh leis:

‘Shín siad na bréidí saibhre solasmhara leis na seolchrannaibh sleamhna cruaidhe, agus d’imigh siad le seoladh na gaoithe glanfhuair, agus bhí siad ag éisteacht le lupadán, le lapadán, le búireach róna agus le scairteach na bhfaoileann fionn ag dul go fíorghlinnte an aeir.’

Tháinig Eoin Mháirtín isteach agus an t-ord leis.

‘Dar brísce,’ ar seisean, ‘drochrudaí na *Hibernians*! Ach gurb é leisc ormsa mórán a rá. . . .’

‘A Eoin a chinn mhóir,’ arsa Murchadh, ‘cé atá ag cur síos leisc nó a mhalairt duitse? Imigh amach agus amharc ar an asal.’

Chuaigh Éamann soir agus an t-ord leis. Dar leis go raibh sé trom. Bhí beaguchtach air as a chuid urraidh féin. Bhí sé ag déanamh dá mbeadh sé ina fhear nach mbeadh an t-ord sin leath chomh trom aige. Thoisigh sé ansin ag smaoineamh ar an Druma. Nárbh olc na *Hibernians* a bhí ag iarraidh é a chur síos! Goidé faoi Dhia a thug ar dhuine ar bith a bheith in aghaidh an Druma? Ba ghnách lena athair a bheith ag cur in aghaidh an Druma fosta, ach, ar ndóigh, bhíodh a athair ar thaobh na héagóra i gcónaí. Bhí daoine ar an tsaol nár chóir a bheith ann ar chor ar bith. Nárbh iontach an rud drochdhaoine—Iúdás, agus a athair féin, agus Seán Chroíáin nach sínfeadh an rámha chuig an fhear a bhíodhas a bháthadh, agus Séarlas Mac Gleadair agus an mhuintir a bhí anuas ar an Druma!

‘Goidé a choinnigh thú?’ arsa Niall leis.

‘Bhí an t-ord thiar tigh Sheáin Mhaighréide.’

‘Cibé acu a bhí nó nach raibh ní dhéanfaidh sé maith ar bith duitse bheith ag cur an lae amobha. Ní fhágfaidh tú an pháirc seo go rómhraímid síos go dtí an clái.’

Bhí an pháirc iontach dochloíte. Fiche uair uaidh sin go tráthnóna d’amharc Éamann anonn ar an chlaí go bhfeiceadh sé an raibh sé ag teacht ní ba deise dó. Agus fá dheireadh, go díreach nuair a bhí an ghrian ag dul síos, bhí siad ag bun an chlaí. Bhuaile Niall a spád ar cloich agus bhain sé an chréafóg di.

‘Seo, a mhic, dhéanfaidh sin gnoithe anocht. Ach gurb é an méid den lá a chuir tú amobha orm, bheadh an taobh

eile den chlaí déanta fosta againn. Agus, go díreach, ba é ár leas í a bheith déanta, nó níl a fhios goidé an cineál lae a bheas amárach ann: tá dhá cheann ar an spéir.'

Chuaigh Éamann suas an mhala ar cosa in airde. Bhí sé ag éisteacht leo ag bualadh an Druma thiar ag teach Sheáin Mhacadáin. D'fhág sé an spád istigh sa bhóitheach agus d'imigh sé. Scairt an mháthair leis: 'Fan bomaite, a leanbh!'

'Tá deifre orm,' ar seisean, agus d'imigh sé leis.

Rith sé go raibh sé ar an Phollán Lín. Ansin shiúil sé an chuid eile den bhealach go suaimhneach. Ní dhéanfaidh sé gnoithe dó a bheith ar sodar ag tarraingt ar na fir dó. Chaithfeadh sé an choiscéim cheart a bheith leis, agus chaithfeadh sé '*Yes, lads!*' a rá leis na buachaillí eile. Bhí crith ar a chroí ag tarraingt orthu, nó bhí cuid acu, Tarlach Néill agus iad, a raibh drochmheas acu air, dar leis. Nár mhairg nach dtiocfadh leis-sean an dreach sin a bhí ag déanamh a bheag den tsaol mhór a chur air!

Tháinig Seonaí Bheití as cúl cloiche móire air mar bheadh ceithearn choille ann.

'A Éamainn,' ar seisean, 'fan go bhfeice tú an fhideal fhrancach a fuair mé.'

Bhí Éamann ar amharc na bhfear. 'Bog leat chun an bhaile,' ar seisean le Seonaí.

'Fuair sé bróga éadroma i mbliana,' arsa Seonaí, agus gheobhadh Éamann de chroí a chuid easnacha a bhrú ar a chéile.

Bhí lucht an Druma i mbroid mhór ar na laetha seo. Ní raibh a sáith fear acu. Bhí siad ag cur cuireadh ar achan duine dár shiúil sa Druma le cúig bliana fichead. Agus b'iontach an dóigh a raibh an baile uilig ag bailiú ar a gcúl ach amháin an dornán a bhí san Ord Ársa. Bhí formhór

an bhaile an t-am seo go sásta acu. Chuir Proinsias Bheagaide an ghing sa scoilteadh agus réab sé an baile ina dhá chuid go hiomlán. Chuir sé in iúl dóibh gur ag brath ar an Druma a chur síos a bhí an tOrd Ársa. Rinne sé gach smaoineamh dá raibh in aigne na ndaoine a láimhdeachas: an doicheall a bhí roimh rud úr orthu, an t-éad a bhí orthu le daoine a chonaic siad ag fáil cumhachta, an grá a bhí acu ar a gcuid comharthaí féin a bhí acu a fhad agus go raibh siad ina ndúchas acu. Chuir sé buachaillí óga a bhagar ar a chéile, agus páistí a scairtigh le dúshlán ar a chéile, agus seanmhná a chur iomarduithe ar a chéile. Agus ní théadh sé féin chuig an Druma ach go hannamh. Corrráthnóna thigeadh sé anall agus d'amharcadh sé orthu, agus níodh sé ceathrú uaire de chomhrá leis an fhear ba mheasúla a bheireadh sé faoi deara ina measc, agus d'imíodh sé ansin.

Bhí Seán Mhacadáin ag cuntas, agus dá dtigeadh leis míorúilt na gcúig arán agus an dá iasc a dhéanamh ar chuid fear an bhaile dhéanfaidh sé í. Bhí Tarlach Néill searbh; bhí fearg ar Dhiarmaid. B'fhurast an Druma a ghoid, i dtaca le holc; ach níorbh obair bheag nó shuarach a thabhairt amach go fiúntach Lá Fhéile Pádraig.

'A Tharlaigh,' arsa Eoghan, 'dhéanfaidh tú féin scoith gnoithe leis an Druma.'

'Maise, leabhra, ní dhéanfaidh,' arsa Tarlach. 'Dheamhan a bhfuil mé ach mar bheadh bó ag tabhairt sucaíocha do ghráig ann.'

'Tá dhá *sergeant* a dhíth orainn,' arsa Diarmaid.

'Goidé do bharúil de Chalifornia?' arsa Seán Óg Sheáin Mhóir.

'Dar Dia, dúirt tú é!' arsa Seán. 'An bhfuil tú ag déanamh go dtiocfadh sé?'

‘Ná bíodh ceist ort,’ arsa Tarlach, ‘nó tiocfaidh California má gheallann sibh leathphionta uisce bheatha dó.’

‘Sea, ach tá sé thiar ar an Mhachaire Dhearg le cupla lá,’ arsa Seán Óg.

‘Níl a fhios agam cá huair a bheas sé ar ais,’ arsa Seán. ‘A Sheáin Óig, a dheartháir, gabh chuige chomh tiubh géar agus tiocfaidh sé chun an bhaile.’

‘Maith go leor,’ arsa Seán Óg.

‘Tá sin ceart go leor,’ arsa Tarlach. ‘Is furast *sergeant* a chur isteach lá ar bith. Ach goidé fán Druma Mhór?’

Bhí Éamann Néill Óig ina sheasamh ag amharc ar an Druma, agus gan aon duine ag cur chuige nó uaidh. Bhí aithne aige ar an uile orlach ann, ar an fheadhán bhuí a bhí air, agus an dóigh a raibh na hiallacha ann, agus an leithead a bhí ann, agus an dóigh a raibh na héadain ní ba mhíne an áit a mbuailtí iad. Ní raibh sé á shamhailt go raibh siopaí ann a raibh drumai den chineál seo ina luí iontu chomh fairsing le móin. Dar leis go raibh an druma seo mór go leor le machairí an domhain a fholach agus a dhul in airde in araicis na réalta, mar bheadh an cnoc dúchais a dtógfaí fear ag a bhun.

Bhí an Druma Mór in airde ar cloich agus greim ag Muiris Dhonnchaidh air. Bhí cúl na bhfear leis agus iad ag díospóireacht. Ní raibh eagla ar bith ar Éamann roimh Mhuiris: ní raibh ann ach a mhacasamhail féin eile. Bhí glas-stócach eile in aice leo agus é ag seinm ar fhliúit. Bheir Éamann ar na buailteoirí agus thoisigh sé a bhualadh an phoirt.

Thiontaigh Seán Mhacadáin thart.

‘Spréadh ort, a smugacháin, ná bain don Druma!’

‘Lig dó,’ arsa Tarlach. ‘Títheas domh go bhfuil sé gníomhach ina cheann.’

‘Tá, ina scoith,’ arsa Seán Óg.

‘Fan go gcuire mé ort é,’ arsa Tarlach Néill. ‘Bhí rún againn *constable* a dhéanamh díot, ach b’fhéidir go ngnóthóimis níos mó ná sin ort.’

Chuir siad air an Druma agus bhuail sé a dó nó a trí de phortanna agus a chroí ar crith. Ní raibh a oiread eagla riamh air roimh an dreach thormasach a bhí ar na fir seo agus a bhí an tráthnóna seo.

‘Mhuire, tá scoith láimhe aige air,’ ar siadsan as béal a chéile.

‘Dhéanfaidh tú sealaíocht liomsa,’ arsa Tarlach Néill. ‘Agus, má chuireann tú leis, beidh tú *degree* beag eile níos airde ar an bhliain seo chugainn.’

Ní raibh a fhios ag Éamann, ag gabháil chun an bhaile an oíche sin dó, go raibh aon duine bocht ar a chine. An port feadalaí a bhí leis, ag tarraingt ar an doras dó, bhain sé cliseadh as a mháthair. I ndiaidh a dhul a luí an oíche sin bhí sé ag bualadh ar an Druma. Mhuscail sé an gasúr eile a bhí ina luí aige, ag bualadh *The Wearing of the Green* ar bhos a shlinneáin i lár na hoíche. ‘Tá Éamann a mo bhualadh,’ arsa an gasúr, ag ligean béice as féin. ‘Dar an leabhar, a ghiolla mhóir,’ arsa Niall anuas as an tseomra, ‘má éirímse fágfaidh mé fearbacha sna másaí agat!’

Thit a néal ar Éamann arís, agus ní raibh le cluinsteán aige ina chodladh ach ‘drumaí á dtógáil ón talamh’.

AN oíche arna anórtar ina dhiaidh sin chuaigh Seán Óg Sheáin Mhóir anonn tigh Pheadair Uí Bhaoill. Tigh Pheadair Uí Bhaoill a bhí California ina chónaí. Baintreach a bhí i bPeadar, agus ba é uncal Chalifornia é. Nuair a tháinig California chun an bhaile, i ndiaidh dhá bhliain déag a chaitheamh sna Tíortha Cúil, chuaigh sé isteach chuige. Ní raibh ag an tseandúine ach é féin agus bhí lúcháir air comhrá an *Yankee* a bheith aige. Ní raibh sé mór a dtugadh California de chabhair dó ach bhí neart seanchais aige, nó chonaic sé iontais, agus d'insíodh sé fosta go bhfaca sé iontais nach bhfaca sé féin ná aon duine eile riamh.

Ní raibh istigh ach seanPheadar ag teacht chun an tí do Sheán. Seandúine aosta cruptha a bhí ann agus gan aon chuid mhór urchóide ina sheanchas, seandúine gan choir a mbeadh trua agat dó. Bhí dúil mhór i snaoisín aige, agus chomh luath agus tháinig Seán Óg isteach chuir sé an bosca ina láthair. Bhí aithne mhaith aige ar Pheadar agus bhí a fhios aige go mb'fhearr an snaoisín a ghlacadh. Shuigh sé ansin ag comhrá leis agus é staidéarach, faiteach, nó ní raibh gléas air labhairt mar ab áin leis i láthair an tseandúine. Bhí sé deacair aige dearmad a dhéanamh de na cleasa crosta a níodh sé ar Pheadar fada ó shin, nuair a bhí

sé ina ghasúr ag teacht ón scoil. Smaoinigh sé ar lá amháin a bhí Séamas Isibéile á sheilg as a bheith ag siúl ar a chuid talaimh. Bhí Peadar ag coimhhead air agus thoisigh an duine bocht a dhéanamh fiúntais.

‘Dar muige!’ ar seisean, ‘beidh an talamh ina dhiaidh ann. Ná coigligí mo chuid talaimhse. Siúlaigí libh thríd an choirce más mian libh é.’

Leis sin thug Seán Óg rúid, agus a chuid meallta móra geala ag dul san aer, isteach tríd choirce Pheadair go dtína dhá ascaill, agus beirt eile ina dhiaidh, agus d’imigh leo ag dramhaltaigh trasna lár na páirce. Ní nach ionadh, níor shamhail Peadar gránna go nglacfadh siad lom dáiríre an áibhéil a rinne sé le caoideanas agus bhí sé ag caint orthu go Samhain ina dhiaidh sin:

‘Dar muige, goidé do bharúil den triúr a shiúil thríd mo chuid coirce go dtína muineál, os coinne mo dhá shúl? Agus dá ndéanadh coimhthígh é ní ghoillfeadh sé a oiread orm, ach mo comharsana féin!’

Bhí Seán ag smaoineamh ar an lá seo agus Peadar ag inse dó goidé a dúirt an sagart leis fá phian a bhí ina scorróg. Ní raibh trua ar bith don scorróg aige—níor shamhail sé gur chóir dó trua a bheith aige di—ach bhí sé ar a dhícheall ag iarraidh gan focal ar bith a rá a bheadh magúil ar Pheadar agus a bheadh in aice lena thoil féin. Tháinig beirt eile fhear isteach agus thóg sin cuid mhór de mheáchan an chomhrá de Sheán Óg.

Níorbhfhada ina dhiaidh sin go dtáinig California isteach agus páipéar nuachta leis. Bhí toil mhór ag Peadar do na páipéir, siúd is nach mó ná go dtuigeadh sé focal as an chéad dá léití astu. D’éisteodh sé i rith oíche le tuilte Béarla a mbeadh achan fhocal iontu a bheadh cromadh ar fad, agus é ina shuí agus a bhata eadar a dhá chois, agus a

dhá bhois ar cheann an bhata agus a shoc liath leagtha ar na lámha. Nuair a bheadh deireadh léite thógfadh sé a shoc agus déarfadh sé gur bhreá an chaint í sin.

Fear ard scaoilte a bhí i gCalifornia, agus culaith de dhéanamh an Oileáin Úir air, culaith a raibh guailleacha móra uirthi. B'éigean dó go raibh cuid mhór de na cultacha sin aige, nó bhí sé dhá bhliain déag sa bhaile agus bhí siad air Domhnach agus dálach go fóill. Bhí fiacail óir aige, agus bhí an snas sin air nach gcuala aon duine riamh ar aon fhear a tógadh san Oileán Úr, ach a bhíos ar iomlán na nÉireannach nach mbíonn thall ach tamall dá saol.

‘Goidé mar tá an *Yankee*?’ arsa Seán Óg.

‘*Yankee no longer, I guess,*’ arsa California. ‘Tá mé go measartha.’ Agus chaith sé an páipéar san fhuinneog. Luigh na fir leis an chomhrá. Ach ní raibh fonn comhrá ar bith ar Pheadar. Thoisigh sé a bhogadaigh, agus sa deireadh labhair sé:

‘A Shéimí, an bhfuil dada ar an pháipéar?’

Rinne California leamhadh gáire agus bheir sé ar an pháipéar.

‘*President Wilson’s Message.*’ Léigh sé stiall mhór fhada fá cheisteanna tíortha agus airgid nach dtuigfeadh Peadar dá mbíodh an teanga go maith féin aige. Agus d’éist na fir go hiontach dúthrachtach leis. Léigh sé ar feadh leathuaire.

‘*Crassident Wulson!*’ arsa seanPheadar. ‘Dar muige, tá tréan Béarla aige!’

‘Is mór an t-eolas a bhíos sna páipéir,’ arsa fear eile.

‘Á, ní bhíonn iontu ach amaidí mhór,’ arsa California. ‘Bhí aithne agamsa ar *editor* i Chicago. Is iomaí uair a dúirt sé liom: “*Boyle, a newspaper is as untruthful as a folktale, and not half so poetical.*” ’

‘Agus goidé is ciall dó sin, a Shéimí?’

‘Tá, go bhfuil an páipéar chomh bréagach le seanscéal agus nach bhfuil sé leath chomh fliúnta.’

‘Maise, chuala muid uilig na seanscéalta,’ arsa fear acu, ‘ach níor shamhail muid riamh go sílfeadh fear foghlamtha an oiread sin díobh.’

‘Ina dhiaidh sin, bhí *professor* thall anseo tigh Sheáin Eoin,’ arsa Peadar Bhrídeoige, ‘agus scríobh sé síos *Cnochúr an Dá Chaorach* agus thug sé leis go Baile Átha Cliath é.’

‘*Cnochúr an Dá Chaorach!*’ arsa Eoinín Dhónaill Shorcha, fear a bhí cineál dall san inchinn. ‘Goidé faoi Dhia mar bheadh a fhios aigesean fá pháipéir? Ar ndóigh, ní raibh Cnochúr an Dá Chaorach ina fhear páipéir riamh!’

‘Agus deir tú liom, a Shéimí,’ arsa Peadar Bhrídeoige, ‘gur dhúirt an *t-editor* leat gurbh fhearr scéal acu sin ná a dhath dá mbíonn sna páipéir?’

‘*He sure did,*’ arsa California.

Ach chroith seanPheadar Ó Baoill a cheann. ‘Dar muige, ní chreidim é!’ ar seisean. ‘Fir ghasa a scríobhas na páipéir sin.’

‘Nuair a bhí mise thíos i bhFlorida . . .’ arsa California.

‘Dar muige, a Shéimí,’ arsa Peadar, ‘ar bhris aon duine a mhuineál?’

Rinne California gáire agus léigh sé fá fhear a thit ó ghearrán iarainn agus a maraíodh. Ní iarrfadh sean-Pheadar de phléisiúr ach ag éisteacht leis an chineál sin á léamh as an pháipéar. Dá n-insíodh duine dó gur thit fear as a cheantar féin de ghearrán iarainn agus gur maraíodh é, choscródh sé é. Ach níorbh ionann ar chor ar bith é a léamh as an pháipéar. Stad California de léamh. Thóg Peadar a shoc den bhata.

‘An bhfuil dada ag an *Local Government* ansin? Is annamh

uair nach mbíonn a chuid den tseanchas ag an bhoc chéanna.'

'An bhfuil gaol aigesean don *Ghoovernment*?' arsa Eoinín Dhónaill Shorcha.

'*Oh, sure,*' arsa California, 'tá siad an dá ua.'

Bhí Seán Óg i gcruachás ag iarraidh rún a dhéanamh ar na gáirí.

'Tháinig an *Government* é féin go Log na Daraí anuraidh,' arsa Eoinín Dhónaill Shorcha. 'Bhí coiléar air a bhfeicfeá do scáile ann, agus bhí *numberell* mór leis. Níl aon doras i mbaile Ros Cuain a ligfeadh isteach é, bhí sé chomh toirteach sin.'

'Dar muige, is dó is fusa *dickie* geal a bheith air!' arsa seanPheadar. 'Tá an léann aige sin.'

'Chonaic mise fir nach raibh splanc léinn acu a rinne rudaí gasta,' arsa California. 'Bhí fear i Nebraska a raibh Cody air. . . .'

'Seo, seo!' arsa Peadar, 'Lig dúinn le Cody Nebraska. Goidé deir an *Local Government*?'

B'éigean do Chalifornia léamh leis go raibh bunús an pháipéir léite aige, agus léigh sé na fógraí fosta. Bhí fógra amháin a bhí ar na páipéir achan lá an t-am seo: cógaisí cneácha darbh ainm *zam-buk*. Má léigh California an fógra do Pheadar uair, léigh sé fiche uair é. Léigh sé an oíche seo fosta é.

'Dar muige,' arsa seanPheadar, 'tá deis a labhartha ag Sam Buck! Agus níl lá le ligean thairis aige gan rud éigin a rá. Do bharúil, a Shéimí, an ndéanfar crassident a choíche de?'

'*Well, I guess,*' arsa California, 'nuair a bhéas seal Wilson thuas go mbeidh sé ar an dara fear.'

'Arú, níl a dhath de shuim ina chuid comhrá agam,' arsa

Eoinín Dhónaill Shorcha. ‘Ní raibh sé ar na bádaí riamh. D’oibir mise ar na bádaí.’

‘Dar muige, ná bac leis sin!’ arsa seanPheadar. ‘Ógánach líofa Sam Buck.’

Mhair an comhrá gan cheilg seo go dtí go raibh sé de chomhair am luí sula bhfuair Seán Óg é féin a scaradh uathu. Bhí sé ag snaidhmearnaigh ar an chathaoir le fonn gáire agus ní iarrfadh sé de phléisiúr ach ag éisteacht leo. Ach smaoinigh sé air féin i ndeireadh ama.

‘A Pheadair,’ ar seisean, ‘an mbeidh tú gnoitheach le do shleán amárach?’

‘Ní bheidh, dar muige, ní bheidh,’ arsa seanPheadar. ‘Gheobhaidh tú é, agus gheofá dá mba sleán óir é. Éirigh, a Shéimí, agus faigh an sleán dó.’

D’éirigh Séimí agus chuaigh sé amach chun an bhóithigh, agus lean Seán Óg amach é. Bhroid sé amuigh é agus nocht sé buidéal naigín uisce bheatha.

‘Dar liom,’ ar seisean, ‘nach raibh cuid na ranna ann agus go mbeadh sé againn féin i leataobh. Ól, a chailleach!’

‘Níl mórán cleachta agam air,’ arsa California, ‘anois le fada. *But, as an American citizen, I hope the land of the stars and stripes may never go dry.*’

Bheir sé ar an bhuidéal. ‘Seo sláinte daoibh agus go n-éirí an Fhéile Pádraig libh!’ ar seisean, agus thug sé súil rógánta thuigseach ar Sheán Óg.

‘Íocshláinte duit!’ arsa Seán Óg. ‘Agus, ó thrácht tú ar an Fhéile Pádraig, ba mhaith do chuidiú féin againn an lá sin.’

‘Is fada an lá ó bhí baint agamsa le drumaí,’ arsa California.

‘Ach chonaic tú drumaí i d’am,’ arsa Seán Óg. ‘Ól suas é, a chailleach!’

‘Go raibh maith agat,’ arsa California. ‘Sea, chonaic mise drumaí. Is cuimhin liomsa muid cruinniú i New York lá Fhéile Pádraig amháin, agus bhí a oiread drumaí linn agus dá mbeadh siad i gcuideachta go ndéanfadh siad moll chomh mór leis an teach seo. *Twenty thousand strong we were.* An dtuigeann tú, thig rudaí a dhéanamh ar dóigh sna States. Seo, ól braon de seo. . . .’

‘Chan ólaim,’ arsa Seán Óg. ‘Níor bhain tú a dhath ab fhiú as.’

Ní raibh ann ach silín beag an t-am seo agus chuir California ar a cheann é agus dhiúrn sé é.

‘An dtuigeann tú, sna States,’ ar seisean, ‘bhí druil ag na fir agus thiocfadh leo coiscéim a choinneáil le chéile. Ní bhíonn siad mar na fir anseo, mar bheadh bearach is bardal ag siúl le chéile. A dhuine, níl a fhios ag na daoine anseo dada.’

‘Leabhra, níl a fhios,’ arsa Seán Óg.

‘Ní raibh mise mí amháin i New York gur aithin mé an t-athrach,’ arsa California. ‘Féadaim a rá gur shiúil mé isteach chuig obair nuair a chuaigh mé anonn. Ansin bhí *halls* againn achan áit ar fud New York agus tífeá na hÉireannaigh cruinn ansin achan oíche Shathairn. . . .’

‘Nach iomaí do leithéid a dhéanfadh a leathbhreac anseo dúinn?’ arsa Seán Óg.

‘*Man dear,*’ arsa California, ‘ní thiocfadh a dhéanamh anseo. Níl an faobhar ar na daoine. Tá a fhios agat. . . .’

‘Sea,’ arsa Seán Óg, ‘ach anois tá a fhios againn go síleann muid cuid mhór duitse agus go ndéanfaimis do chomhairle. Agus mise i mbannaí ort go gcuirfeá tréan faobhair ar na fir. Fear a chonaic a oiread leatsa, fear a bhí san arm fosta, d’fhéadfá bail iontach a chur ar an scaifte sin.’

Shásaigh seo California.

‘Maith go leor,’ ar seisean. ‘Rachaidh mé anonn san oíche amárach go bhfeice mé goidé atá sibh a dhéanamh.’

Chuaigh California isteach agus shuig sé sa chlúdaigh tamall agus é ag meabhrú. Fear a shiúil a oiread leis-sean, níorbh fhiú dó é féin a fhágáil thíos le Druma Ros Cuain. Bhí sin maith go leor, ach bhí a fhios ag California go maith go raibh an nuaíocht ar shiúl as a chuid siúil. Agus bhí grá an domhain aige ar dhrumaí. Sa deireadh d’éirigh sé agus chuaigh sé go dtí trunca a bhí aige agus fuair sé leabhar fá umhlóid airm—leabhar a cheannaigh sé fada ó shin nuair a bhí sé san arm san Oileán Úr agus é ag dúil go gcuirfí go Cúba é. Ní dheachaigh sé go Cúba; agus ba dona an mhalairt Ros Cuain. Ina dhiaidh sin, ní bheadh a fhios cá raibh an ghaisciúlacht i ndán dó.

AR feadh coicíse ina dhiaidh sin bhí glór Chalifornia le cluinsteán achan oíche fá na hailteanna agus é ag tabhairt oidis dá chuid fear. Nuair a bhíodh cupla uair déanta acu ag cleachtadh na ngléasraí ceoil bheireadh sé leis iad agus théadh sé a theagasc siúil dóibh. Fir a chaith a saol crom ar an úir, ag obair le huirnisí maslacha agus ag cargáil le meáchain throma, ní raibh sé furast a theagasc dóibh bogadh go healaíonta. Ach bhí siad fonnmhar i gceart ag foghlaim, agus má bhí California sócúlach air féin i gceann spáide nó speile níor choigil sé é féin ag teagasc na humhlóide. Bhí glór cinn aige a d'fhéadfaí a chluinsteán an taobh eile den chuan; bhí sé chomh lúfar le gearria, agus bhí ceannasc ann a bhéarfadh áit ar bith é. An áit a bhí aige, ní raibh sí róchothrom. Ní mó ná go raibh páirc ar bith i Ros Cuain a raibh áit ag na fir uilig inti. Ach dá mbainfí truisle as fear ar chlaí nó ar chloch b'amhlaidh ba mhó greann a bheadh ag California. Ní raibh leisc ar bith air iad a thabhairt tríd uisce nó abar nuair a bhuaileadh an tallann é. Dúirt sé rudaí leo a mbrisfí a chloigeann ina n-éiric dá n-abraíodh sé ar ócáid ar bith eile iad. Tuigeadh gur den tsaighdiúireacht na coranna beaga goilliúnacha seo.

Bhí siad in inmhe coiscéim a choinneáil le chéile maith go leor i gceann na coicíse. Agus tháinig siad amach Lá Fhéile

Pádraig agus níos mó de chóiriú orthu ná a bhí riamh roimhe. Ní dheachaigh a oiread daoine thart an bealach mór, agus chuaigh ní ba mhó an aichearra; ach mar sin féin bhí siad slua mór ann, nó níor fhan duine ar bráid de lucht a leanúna nach ndeachaigh leo, ná ní raibh dáimh ar bith an lá seo acu leis na daoine a rinne troscadh ar an ghreann.

Bhí Ord Ársa na nÉireannach amuigh an lá sin ina líon slua. Bhí siad uilig ina dtroscadh, agus shiúil siad leo féin agus beirt fhear ar a dtús agus dhá thua mhaide leo. Chuir siad an dá thua mhaide trasna ar a chéile i ndoras theach an phobail agus chuaigh na fir isteach fúthu ina mbeirt-eanna. Bhí siad ina sreang fhada dhubh anuas an cabhsa agus amach an geafta—suas le míle fear—nuair a nocht bratach Ros Cuain ag teach Néillín Sheonaí. Tháinig siad anoir agus California leo, agus ba mhór a fuarthas iad as a bheith in inmhe an choiscéim a choinneáil mar a bhí siad.

Ag teacht chun tosaigh dóibh d'amharc achan duine orthu. D'amharc an Sagart Mac Eiteagáin féin orthu. Ní chluinfeadh seisean aon iomrá orthu ach gurb é an cailín aimsire a bhí aige; ach bhí sise inchurtha le huaigneas an tsagairt agus ní ghearrfadh tachrán a mhéar sa phobal nach gcluinfeadh sé é. Ní raibh sé ag cur mórán suime go fóill iontu, nó is doiligh an Eaglais a bhogadh. D'amharc Micheál Mór, fosta, orthu agus dreach dúrúnta air. An dá luas is a thug seisean faoi deara go raibh an tOrd Ársa ag leitheadú chuaigh sé féin ann, mar gheall ar a chuid earraí a dhíol. Ar a lochta a bhíodh na cruinnithe acu. D'amharc sé ar an dream seo a d'éirigh ina aghaidh, agus bhreathnaigh sé na fir a bhí domhain ina chuid leabhar. Bhí sé ag machnamh go mbeadh siad á fhágáil, agus ansin go gcaithfí próistí a thabhairt dóibh. B'fhearr sin gan déanamh.

Ní dheachaigh druma ar bith in araicis mhuintir Ros Cuain an lá seo. Ag teacht anoir dóibh bhí an dá dhruma eile ag imeacht isteach an geafta agus b'éigean dóibh féin a bheith ar deireadh. Ach is iomaí duine a chuir ceist cé hé California, agus é ina rith ag scairtigh orduithe agus gan cóiriú ar bith air ach crios ghlas.

Bhí ardán taobh istigh de bhalla theach an phobail agus sheasaigh Proinsias Bheagaide air agus chuir sé a dhá láimh taobh thiar de chúl a chinn. Bhí a dhá chois mhóra scartha ó chéile, agus greim maith daingean ar an talamh acu. Bhí a cheann crom chun tosaigh agus bhí a ghnúis chomh daingean le cloich. Ní raibh ag bogadh ach na súile. Bhreathnaigh sé achan rud agus níor bhreathnaigh aon duine é: bhí sé ceilte ar shúile dalla na ndaoine. Chonaic sé an tsreang mhór fhada dhubh de fhearaibh ag dul suas agus isteach faoin dá thua chatha. Bhí fir ansin a rinne a ndícheall dochair dó nuair a bhí sé ag iarraidh dul san Ord. Bhí fir ann, dar leis, nach bhfeicfeadh aon duine ina leithéid de chumann choíche: fir gan chasadh, gan bhéal, gan teanga. Bhí dúil aige ina leithéidí sin. Bhí sé iontach furast treabhadh leo agus—is maith mar tharla an focal anseo—ag treabhadh a bheifí leo go deireadh a saoil. Bhí fir eile ann ar ghnáth leis a bheith mór leo, fir a bhí lách leis in Albain agus ar mhaith leis a chomhrá a dhéanamh leo nuair a chastaí air sa bhaile iad.

Eadar achan chineál bhí siad slua mór ann. Bhí bunús fheara an phobail ann, agus bhí brón i gcroí Phroinsís Bheagaide nach raibh sé ar fhear acu. Bheadh níos mó de sheanchas ag a gcuid cruinnithe; bheadh níos mó sílte ag na daoine dóibh; bheadh siad ar an pháipéar. Cinnte, ní raibh mórán gléas air a bheith ina cheann feadhna orthu: bhí barraíocht sa bhealach aige. Bhí Micheál Mór ina

uachtarán; bhí Dónall Fheargail ina rúnaí; bhí triúr nó ceathrar eile ansin a raibh ní ba mhó ar a gcúl ná bhí ar a chúlsan. Ní bheadh mórán aigesean ach muintir a bhaile féin agus bhí siadsan ar chúl Dhónaill Fheargail. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach a bheith ina rí ag teach Sheáin Mhacadáin in áit a bheith ina fhear den tslua i Log na Daraí.

D'amharc sé anonn ar Dhruma Ros Cuain. Bhí Éamann Néill Óig ag bualadh an druma agus lán a chroí de áthas air go bhfuair sé seal air os coinne an phobail. Ach ní thug Proinsias Bheagaide faoi deara sin. Ní thug sé faoi deara ach California agus an sítheadh beo a bhí ann. Bhí a eireas aige an chéad oíche a tháinig an fear sin gurbh fhearr dóibh gan é. Ní raibh tuigse ar na daoine aige, ag tabhairt cibé a d'fhoghlaim sé in arm na Stát ina measc. Ní raibh sé dáiríre, agus ní raibh sé dh'iarraidh ach caitheamh aimsire agus a sháith biotáilte.

Sin mar a d'inis Proinsias dá chroí féin é, ach ní hé sin an rud a d'inseodh an croí dó. Is beag duine ar an tsaol nach n-insíonn an ceann an bhréag don chroí aige. Ba í an fhírinne a bhí i gcroí Phroinsís go raibh California ina cheannfort ar na fir seo cheana féin, agus mura ndéanadh sé féin gníomh eile gur ghairid a bheadh cuimhne gurbh é a thóg an Druma ón Ord Ársa. Chrom sé a cheann ní b'ísle, amach as an amharc agus an éisteacht a bhí ag bualadh a chuid súl agus a chuid cluas, agus mhachnaigh sé goidé ab fhearr dó a dhéanamh. Thoisigh na daoine a dhul isteach. An chéad rud a bhain cliseadh as, an mhuintir a bhí ag a thaobh á bhrú, agus chuaigh sé isteach go teach an phobail.

Níor choinnigh sé mórán iúil ar a chuid urnaí an lá sin. Goidé a leithéid de leabhar a thiocfaí a scríobh ar an méid smaointe nach den urnaí a thig tríd phobal Aifrinn, saoire

ar bith sa bhliain! Ba ghnách le Proinsias suí i ndiaidh an tSoiscéil ag déanamh aithrise ar na daoine a bhí mórluachach sa phobal. Rinne sé dearmad dul ar a ghlúine an lá seo go raibh an Coisreacadh thart, agus baineadh lasadh as nuair a fuair sé é féin ina shuí suas i láthair na Sacraiminte. Nuair a bhí an sagart ag seanmóir ní raibh sé a chluinstean ach corrfhocal; agus ba ghnáth leis riamh cluas mhaith a thabhairt don tsagart, ag iarraidh cuimhne a choinneáil ar na focla móra Béarla a bhí aige. Ach chuala sé a oiread den tseanmóir agus rinne a ghnoithe.

‘Is muidne clann Naomh Pádraig,’ arsa an sagart, ‘agus is dúinn is dual a chuimhne a choinneáil go measúil.’

Mar thig an ghrian amach as faoi néalta tháinig solas fána aigne. Ní raibh ann ach nár labhair sé go hard. Tháinig loinnir ina shuíl agus théigh a chuid fola. Ach ní thug aon duine faoi deara é. Istigh anseo i ndídean na n-anamacha bhí anam achan duine ceilte ar an chuid eile den tslua. Bhí an altóir gheal mhaiseach ina seasamh ansin rompu, agus an sagart ag seanmóir agus é dallta ag a chuid focal féin. Agus bhí an saol mór ag gabháil thart. Bhí an mhaith agus an t-olc ag comhrac i bhfolach mar bheadh tinte a bheadh ag fadú faoin talamh ann.

Chuaigh Proinsias chuig an damhsa an oíche sin. Chan sa tseanscoil a bhí sé—ba le Dónall Fheargail an tseanscoil—ach ar lochta Sheáin Mhacadáin. Bhí oíche acu a bhí inchurtha le haon Oíche Fhéile Pádraig dá raibh riamh roimhe acu. Bhí an teach ní ba chúinge agus bhí ceoltóir agus damhsóir cailte orthu a chuaigh leis an Ord Ársa; ach an méid a bhí fágtha, bhí siad chomh fonnmhar agus nach n-aithneofa ainimh nó easpa orthu. Sheasaigh Proinsias Bheagaide ar an doras. Bhí a cheann liath agus a

ghnúis seargtha i measc an aois óig; agus bhí an chulaith ghorm a bhí as Albain leis as stá. Ní thug sé cuid ar bith dó féin de uabhar na hoíche. Sheasaigh sé go fuar ansin agus buachaillí óga ag brú amach thart leis ag iarraidh fionnfhuaraithe i ndiaidh a bheith ag damhsa.

Bhí Tarlach Néill agus Seán Óg agus Diarmaid ag stiúradh an damhsa, agus chas sin i gcuideachta iad go minic. Choimhéad Proinsias iad mar choimhéadas an cat an luch. Bhí siad ar leathmheisce agus cuma orthu go raibh a sáith suilt san oíche acu. Bhí cuma orthu chomh sámh soineanta agus gur mheas Proinsias gurbh fhearr gan labhairt go fóill leo. Bhí sé in am go leor go scabadh an damhsa, agus go mbeadh faill ag a n-intinn síothló chun meabhraithe. Os a choinne sin, b'fhéidir gurbh fhearr labhairt sula scabadh an t-aos óg. Dá scabadh siad an oíche sin b'éadóiche iad cruinniú go ceann bliana eile. Bhreathnaigh sé na fir óga a bhí ar fud an tseomra, cuid ag damhsa go garbh, aigeantach, cuid ina suí leis na ballaí, cuid ina seasamh ag caitheamh tobaca. Bhí cuid mhór ar a n-iúl, mura mbeadh ann ach na mná. Ba bheag ba lú air ná na mná. Thigeadh siad agus mhealladh siad leo na fir ar seachrán nuair a ba chruaí a bhí riachtanas leo. Ní éisteadh níos mó ná trian dá raibh istigh leis dá labhradh sé leo ar an rún a bhí aige. Ina dhiaidh sin b'fhearr dó labhairt. Chuaigh sé anonn a fhad le Diarmaid agus le Seán Óg.

‘Goidé bhur mbarúil den oíche, a bhuachaillí?’ ar seisean.

‘Tá, scoith,’ arsa Seán Óg.

‘Ní fhaca mé féin aon oíche ba suaimhní ná í le mo chuimhne,’ arsa Proinsias.

‘Is mór an gar go bhfuil coiste againn,’ arsa Diarmaid.

‘Dar an leabhar, ach gurb é go bhfuil ní bheadh siad chomh socair sin.’

‘Cinnte, ceart go leor,’ arsa Seán Óg, gan mórán dúthrachta, nó fear a bhí ann a thiocfadh i gceart le teach ráscánta gan stiúradh.

‘Ó,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘níl rath ar rud ar bith gan ordú. Agus deirimse an méid seo libh, mura ndéanaimid tuilleadh dúthrachta beidh leath a bhfuil anseo sna *Hibernians* ar an bhliain seo chugainn.’

‘Dar Dia, is fíor duit,’ arsa Tarlach.

‘Ba cheart dúinne *organization* a chur ar bun dúinn féin,’ arsa Proinsias, ‘a choinneodh le chéile an t-aos óg seo, agus gan muid féin agus ár nDruma a bheith fágtha ar an tráigh fhoilimh.’

‘Is doiligh liom a rá nó seasóidh siad don Druma,’ arsa Diarmaid.

‘Coinnigh thusa cuimhne ar mo chuid caintese,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘rachaidh siad an áit a bhfuil formhór na mbailte cheana féin. Chonaic sibh an t-amharc fear a bhí ag na *Hibernians* inniu.’

‘Ceart go leor,’ ar siadsan, agus chrom siad a gceann. D’éirigh Proinsias ní ba díbhircí.

‘Ní bheidh beo orainn, ní bheidh ionainn ach eala mhagaidh, má théid an saol mar atá sé ag gabháil go ceann bliana eile. Ach tá leigheas agamsa air.’

D’amharc siad air.

‘Dúirt an sagart inniu gur muid clann Naomh Pádraig,’ ar seisean.

Rinne siad leamhadh gáire.

‘Más muid clann Naomh Pádraig . . .’ arsa Proinsias.

‘Dar Dia,’ arsa Tarlach, ‘más gaolmhar ní cosúil!’

Nuair a stad na gáirí chan Proinsias leis.

‘Ba chóir dúinn níos mó a dhéanamh do Phádraig ná táimid a dhéanamh. Ba cheart dúinn cumann a chur ar

bun a choinneodh Lá Phádraig agus a bhéarfadh comhrac dá namhaid. Ba mhaith liomsa cumann a bheith anseo i Ros Cuain againn a dtabharfaimis *The Sons of St. Patrick* air.'

Ní raibh a fhios acu goidé b'fhearr dóibh a rá. Ní raibh a leithéid ar an bhaile riamh roimhe.

'Ba chóir labhairt leis an aos óg sula scaba siad,' arsa Proinsias.

'Labhair thusa leo,' arsa Tarlach.

'Cha labhraim,' arsa Proinsias. 'Tá mo lá-sa thart. Chan den aos óg mé. Labhair féin, a Tharlaigh.'

'Maise, cha labhraim, nó dheamhan a dtabharfadh na huascáin sin de aird orm,' arsa Tarlach.

'Labhair thusa, a Sheáin Óig,' arsa Proinsias.

'Á, níl deis mo labhartha agam, ná cleachtadh ar bith ar an chineál sin agam,' arsa Seán Óg.

Tháinig fearg ar Dhiarmaid.

'Dar Dia, murab fhuil an dara fear a bhfuil uchtach aige labharfaidh mise.'

Bhí a fhios ag Proinsias Bheagaide go maith gur seo mar bheadh, go loicfeadh an bheirt eile agus go dtiocfadh fearg ar Dhiarmaid.

'Anois d'am,' ar seisean, 'sula scairtfear an cúrsa seo.'

'Maith go leor,' arsa Diarmaid. 'Goidé déarfaidh mé, a Phroinsís?'

'Abair gur mhaith leat na fir fanacht nuair a bheas an damhsa thart, go bhfuil rudaí áiride le cur i gcrích. . . .'

'Maith go leor,' arsa Diarmaid. 'Labharfaidh mé anois.'

'Tabhair buíochas dóibh de chéaduaire as an dóigh shocair, shuaimhneach, ghreannmhar, chroíúil ar chuir siad isteach an oíche, agus abair leo go bhfuil dúil agat. . . .'

Ach bhí cearthaí ag teacht ar Dhiarmaid.

‘A fheara,’ ar seisean, ‘tá gnoithe againn libh nuair a bheas an damhsa thart. Agus—agus—tá dúil agam go bhfanfaidh achan fhear a dtig leis é.’

Bhí súile ag teacht air ó dhá cheann an tí agus las sé san aghaidh.

‘Ní fhanfaidh mórán acu,’ arsa Tarlach. ‘Beidh siad ar shiúl le hóinseacha ban.’

‘Is fearr daoibh dul thríothu agus labhairt leis an chuid is céillí,’ arsa Proinsias. ‘Agus má fhaighimid leathscór a fhanfas, tá linn.’

Chuaigh, agus an uair dhubh roimh an lá d’fhan dháréag ar lochta Sheáin Mhacadáin agus cuireadh tús ar an chumann sin, Clann Naomh Pádraig: an cumann dar dhual cor a chur sa tsaol i Ros Cuain. Bhí an bhratach mhór i dtaobh an tí agus Pádraig ag amharc amach aisti orthu. Dá mbeadh sé beo ina sheasamh ansin, an gcuirfeadh sé cúl orthu nó an abródh sé: ‘A Oisín is binn liom do ghlór?’ Ag Dia atá a fhios.

Chan siad agus mhachnaigh siad go dúthrachtach ansin, agus shocair siad cruinniú an oíche arna anórtar arís. Nuair a bhí deireadh thart chuaigh siad síos staighre na gcloch, ar dheireadh an tsaoil, mar bhíos an chiall agus an imní sa tóir ar an tsonas.

‘Go soirbhí Dia daoibh, a fheara!’ arsa Proinsias Bheagaide go cráifeach, agus chuir sé a chos bhacach trasna díge, ag tarraingt ar an bhaile. Bhí sé ag mothachtáil cumhachta ann féin. Dar leis go raibh a thoil ní ba tréine agus ní ba righne ná a mhothaigh sé riamh í, agus go raibh a aigne in airde i measc na n-anamacha dá ngéilleann an saol.

Ag dul a luí dó bhog a bhean go cianach, agus labhair an tachrán go soineanta as a chodladh.

Bhí crann caorthainn taobh thall de theach Sheáin Mhacadáin. Tráthnóna amháin, nuair a bhí sé ag éirí ina thoirt dhoiléir i ndiaidh luí gréine, bhí scaifte fear cruinn ag a bhun. Bhí, ní ba mhó ná a raibh Proinsias Bheagaide ag súil leis, nó ní mó ná gur fhan fear ar bith de lucht an Druma sa bhaile. Bhí sé ag cur iontais air, na daoine a tháinig—cuid de na fir ba seachantaí sa phobal—agus díbhirce iontach orthu. Thuig sé nach raibh feidhm air dul ar chúl scéithe lena bharúlacha. Chan sé ar feadh leathuaire leo, agus chuir sé a chliú leis an Ord Ársa má chuir aon fhear riamh leis í. Ansin chuir sé ina láthair eagar an chumainn a bhí sé féin ag brath a chur ar bun. Níor loic fear ar bith. Déarfadh go leor daoine i Ros Cuain gur chuir sé mionna orthu an oíche sin a chuirfeadh eagla ar chroí duine: mionna gan gar a dhéanamh d'aon duine dá mbeadh san Ord Ársa, mionna go rachadh siad go dtí a nglúine i bhfuil sula ngéillfeadh siad don dream sin, agus fiche rud eile. Ach níl stair bheacht ar an méid sin. Níor inis aon duine de na *Sons of St. Patrick* iad féin riamh go raibh mionna orthu, agus ní raibh Muiris Phaideáin ann.

Nuair a bhí na gnoithí thart d'imigh siad. Ach bhí stócach óg ansin agus ghearr sé an scríbhinn seo sa chrann le scian phóca:

20th March 1912. *Up the Sons.*

Bhí sin le feiceáil ag muintir an bhaile ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin. Agus chuir sé tús ar chineál de iomarbhá a mhair a fhad agus a bhí an baile ina dhá leath. Bheadh gasúr nó glas-stócach éigin, a raibh a bhunadh san Ord Ársa, ag dul chun an phortaigh agus tífeadh sé *Up the Sons* scríofa i scainneagán an bhealaigh mhóir. Mhillfeadh sé é agus scríobhfadh sé *Up the A.O.H.* Thiocfadh gasúr den taobh eile agus mhillfeadh sé sin, agus bheadh malairt mana ag an bhealach mhór ó lá go lá agus ó mhaidin go nóin.

Rud iontach agus ábhar machnaimh dhá dhream in aghaidh a chéile, go háirid dhá dhream a bhfuil aithne mhaith acu ar a chéile. Ní bheadh gar a rá le ceachtar acu go raibh ceart, dá laghad é, ag an taobh eile. An té is fearúla a throidéas ar son a thaobh féin, is é is mó a mbíonn fuath ag an taobh eile air. Agus lena chois sin, an té is fealltaí dá thaobh féin, is é is mó a mbíonn meas ag an taobh eile air. Chuala muid daoine á rá go raibh cuid mhór sílte acu de namhaid onórach. Tá an chaint sin maith go leor le cur ar thús seanchais a dhéanfas loit don namhaid sin: is tearc onóir eadar namhaid. An té a bheadh onórach ar an dóigh sin, bheadh an dá dhream anuas air. Agus dá mhéad aithne dá bhfuil ag an dá dhream ar a chéile, sin mar is díbhircí in aghaidh a chéile iad. Tá a oiread eolais acu ar a chéile agus gur milis leo bua a chéile. Nuair a bhíos a leithéid de bhruíon ar cois bhéarfadh sé ort smaoineamh nach raibh sa Chríostúlacht ach aisling file agus, cár bith fáth ar cuirfeadh chun an tsaoil muid, gur dual dúinn go brách a bheith ar ár ndúdhícheall ag cur smaicht ar a chéile.

Maidin Dé Domhnaigh tífeá lucht an Oird Ársa ag siúl chun an Aifrinn ina scaiftí, agus na *Sons* ar leith leo féin mar an gcéanna. Dá dtiocfadh scíontachán cóngarach do

scaifte den taobh eile dhéanfadh sé a dhícheall deifre ag iarraidh dul thart leo, nó shiúlfadh sé go mall ag fanacht ar deireadh. Dá gcasfaí dhá scíontachán den dá thaobh ar a chéile labharfadh siad le chéile, agus b'fhéidir go ndéanfadh siad corrfhocal comhrá le chéile, nó ní raibh na daoine dubh ar fad dá chéile go fóill. Bhí tús ar an iaróg, agus bhí focal éigin á rá achan lá a bhí á buanú. B'iontach an dóigh a dtéadh achan fhocal ar fud an bhaile, mar bheadh cluasa ar dhaoine a chluinfeadh an féar ag fás.

D'éirigh an saol pianmhar i Ros Cuain, agus ina dhiaidh sin bhí oibriú air i dtólamh a choinnigh intinn na ndaoine ag obair, agus a cheil méanfach orthu, má bhí siad ag osnaíl ní ba mhinice. Ba iad an t-aos óg ba mhó a bhí i gcontúirt achrainn agus, leis an fhírinne a dhéanamh, níor chuir na seandaoine cúl ar bith orthu. Is minice, b'fhéidir, a bheadh siad ní ba shuaimhní dá mbeadh na seandaoine ina dtost. Agus ní raibh troid ar bith ann an bhliain sin, agus sin mar ba chontúirtí é agus mar ab fhaide ón tsíocháin é. Bhí néalta ag cruinniú os cionn Ros Cuain agus an toirneach ag bailiú urraidh le briseadh nuair a thiocfadh a seal.

Agus an coimhthíoch a thiocfadh isteach chun an bhaile, ní thabharfadh sé faoi deara dada ach obair an earraigh á déanamh mar ba ghnáth; beirt chomharsan ag fágáil síos a gcuid uirnisí agus ag déanamh a gcomhrá le chéile thar chlaí; meithleacha ag dul chun an phortaigh; bádaí ag dul chun na farraige; daoine ag iarraidh iasacht sleánta nó ag ceannacht póir ó chéile; páistí ag buachailleacht agus ag déanamh cuideachta le chéile. Tá an oiread sin de chur i gcéill i gcaidreamh daoine. Ach, de réir a chéile, tífeadh sé go raibh comharsana áiride nach ndéanfadh comhrá ar bith thar chlaitheacha le chéile; go mbíodh na fir a bhíodh

ag siúl le chéile Dé Domhnaigh sna meithleacha le chéile lá den tseachtain; nach raibh cead ach ag leath an bhaile a chos a chur isteach i mbád ar bith; go mbíodh na páistí ag troid le chéile ní ba mhinice ná a bhí nádúrtha.

Dá mbeadh sé amuigh ar an bhealach mhór, oíche Dhomhnaigh ar bith, tífeadh sé rud eile a gcuirfeadh sé iontas ann. Bhí gnás ag aos óg an bhaile dul amach an bealach mór oíche Dhomhnaigh. Gnás folláin a bhí ann, cé nach mbíodh de chaitheamh aimsire acu ach ag siúl thart. Is iomaí sagart ar bhuail sé isteach ina cheann é nach raibh an gnás sona, agus a rinne a dhícheall le deireadh a chur leis. Ach sháraigh orthu uilig, agus ní thiocfadh a rá go raibh an t-aos óg ní ba mheasa leis ná dá mbeadh siad ina suí fá na tithe. Ach an bhliain seo, an té a rachadh amach an bealach mór, gheobhadh sé dhá scaifte scoite ó chéile agus gan duine ar bith ag dul eatarthu. Bhéarfadh sé faoi deara fosta gur stad daoine de shiúl ar bheagán cuideachta, go mbíodh baicle láidir den aos óg le chéile i gcónaí.

Proinsias Bheagaide, an fear ba chúis leis an iomlán, bhí sé ina bhall mhór fá dheireadh. Is iomaí duine a bhí ag caint air. Ní raibh gar do namhaid a bheith ag tabhairt Phroinsís na Coise Bacaí air. Ní raibh siad ach ag cur feirge orthu féin, nó bhí a fhios acu ina gcroí, eadar chois bhacaigh is uile, gur threise leis orthu. Bhí siad riamh ag déanamh a bheag de, riamh ag tuar nach ndéanfadh sé éifeacht, riamh ag cuimhniú ar Bheagaide sa chró. Níor chiall a chiall agus níorbh fhiúntas a fhiúntas. Ach bhuail sé an buille orthu is troime a thig a bhualadh ar dhaoine: d'fhág sé achrann acu nach raibh dul acu a réiteach.

Ní thiocfadh leo a thuigbheáil cad chuige a raibh na *Sons of St. Patrick* chomh teann, dochloíte achan lá leis an lá roimhe sin. Ní thiocfadh leo a thuigbheáil cad chuige

nach raibh dul acu dímeas a fháil orthu. Ní thiocfadh leo a thuigbheáil cad chuige a raibh a oiread eagla rompu agus a bhí. D'fhág sin fonn ar fad orthu a bheith ag caint orthu agus, ar ndóigh, ar Phroinsias go háirid.

An fuacht a mharaíos gach beatha. An fuacht a bhí eadar Proinsias agus a chomharsana ó tógadh bocht ag Beagaide é agus chuaigh sé chun an Lagáin agus chaith sé beatha a scar ó na daoine é, bhí an fuacht sin ar shiúl an t-am seo ar thaobh na ndaoine. Ach níorbh amhlaidh do Phroinsias é, agus sin mar ba mhó a bhí fuath air. Dá ligfeadh sé dóibh a mhíthapadh a bhaint as agus dul a throid leo, agus iad gléas a fháil ar é a bhualadh, bhéarfadh siad maithiúnas dó. Ach níorbh eagal dó. Labhradh sé go pléisiúrtha le achan duine agus bhíodh a chuid seanchais chomh céillí agus nach dtiocfadh focal a thriosc ina bhéal. Bhí sé in airde os cionn an tslua, bhí anam dó féin aige, bhí an chuid ab fhearr den iaróg aige, mar tá an chuid is fearr den dúiche ag an Té a roinn neamh agus talamh.

Agus, dáлта an bhaile uilig, shílfeá gur ar a spáid agus ar a shluasaid agus ar a chliabh móna a bhí a chuid smaointe uilig. An té a tífeadh ag teacht amach maidin earraigh é, agus a spád ar a ghualainn agus a choiscéim trom agus a cheann crom go humhal, ní aithneodh sé gur éirigh a aigne riamh as an úir. Má bhí aonfhear riamh ann a raibh beatha faoi choim dó féin aige, ba eisean é. B'fhada an lá ó d'fhabhair an bheatha sin, nuair a bhí sé ag buachailleacht agus gan fá dtaobh de ach páistí as Tír Eoghain agus gan duine ar bith ag déanamh iontais de nuair a ghearradh sé a ladhar. Neartaigh sé le linn a theacht i méadaíocht agus, anois nuair a bhí sé ag tarraingt ar an aois nach mbíonn daoine a iarraidh ach duine éisteacht leo ag caint ar an tsaol a bhí ina n-óige acu, bhí eachtraí agus iontais roimhe go fóill.

Na haislingí a bhí ina óige aige, tháinig cuid díobh isteach fíor—b'fhéidir an t-iomlán acu. Nó nár dhúirt Caesar fada ó shin go mb'fhearr leis ar an chéad fhear sa bhaile beag a ba suaraí ar dhroim an domhain ná ar an dara fear i gcathair na Róimhe? Ní hé méid an domhain ach méid an duine a ndearcann an fear air arb áin leis cumhacht. Ní raibh bréag ar bith ann nó ba é Proinsias Bheagaide an fear ba mhó i Ros Cuain. Bhí sé ina sheasamh mar bheadh Cnoc Loch na Cuiscirí ann agus gan an dara hairdeacht le bagar air.

Is iomaí smaoineamh a thigeadh tríd a cheann agus é crom ar an úir. Ach bhí rud amháin a bhí ina intinn i dtólamh: fuath ar an Ord Ársa. Ní fhéadann mórán againn cloch a chaitheamh air dá thairbhe sin, nó na daoine is mó a cháineas an fuath, tig sé ina thallannacha tríothu achan bhomaite sa lá, agus dá mbeadh sé uilig in aon mhol amháin iontu bheadh níos mó de fhuath iontu ná a bhí i bProinsias ghránna.

Ar dhaoine áiride is mó a bhíos fuath ag formhór an tsaoil, ach is ar an Ord go hiomlán a bhí fuath ag Proinsias. Ní raibh aon fhear eile sna *Sons* nach raibh fuath aige ar Dhónall Fheargail. Ach ní raibh Proinsias a dhath ní ba duibhe do Dhónall Fheargail ná a bhí sé do fhear ar bith eile acu. Bhí fuath aige ar an áit ar fágadh iad, agus gur tharla eisean ina n-aghaidh. Bhí siad ina ndream ar dhual dóibh dochar a dhéanamh do Phrionsias Bheagaide, agus ní raibh lá loicht aige orthu mar dhaoine ach gurbh iad an tOrd Ársa iad.

Bhí maithiúnas tugtha aige do iomlán lochtanna an chine dhaonna, ach ní raibh mórán grá ar an chine dhaonna aige. Dar leis gur bhuail siad riamh go fabhtach é féin. Ní fear a bhí ann a raibh daoine ar leith á loit. Cér bith bua a bhí

air, théadh daoine i gcomhar ina dheabhaidh i gcónaí. An lá sin a rinne sé an óráid ag teach an phobail níor sheasaigh ar a ghualainn ach Seáinín Eoghan Mhicheáil Mhansáin, i ndiaidh a dtoil a bheith leis an rud a bhí sé a iarraidh. D'fheall orthu riamh an fhírinne a fheiceáil ann, agus bhí a chúiteamh aige sa deireadh.

Ní raibh sé gan imní ach a oiread. Bhí eagla air go ndéanfadh páistí eile loit dá ghasúr, agus bhí sé i gcónaí ag smaoineamh goidé an dóigh ab fhearr lena choinneáil fán teach. Ní raibh tuigse rómhaith aige féin agus ag an ghasúr ar a chéile. Bhí Proinsias ródhomhain agus róchéillí fána choinne. Bhí rudaí ina nádúir ba dóiche nach dtuigfeadh an mac choíche. B'fhiú amharc air féin agus ar an ghasúr i gcuideachta. Bheireadh sé greim láimhe air, agus bhí seisean dubh, ciar, garbhdhéanta, agus bhí an gasúr bán, dóighiúil, aoibhiúil. Bhí siad mar d'fheisteofaí bacán bán do inneoin.

Bhí sé ag meabhrú go minic ar na fir a ghéill dó. Bhí siad tuigte go maith uilig aige. Ní raibh sé doiligh a chleasa a imirt leo. Bhí siad tintrí go leor le gníomh ar bith a dhéanamh. Ní raibh aigesean le déanamh ach a spreagadh agus ansin rud éigin céillí a chur ina láthair, cleas éigin a bhí réidh aige, agus bhainfí stangadh astu ina gcuid feirge, agus bhí leis. Théadh a chroí ar crith nuair a smaoiníodh sé go mb'fhéidir go dtiocfadh an lá nach mbeadh cleas ar bith aige le cur ina láthair; go rachadh cuid acu a thabhairt faoi deara go raibh Proinsias Bheagaide ag déanamh úsáide díobh. Ach níodh sé gáire ina chroí istigh agus gheibheadh sé bua ar an smaoineamh sin. Bhí órtha aige dóibh go deo a fhad agus bhí an Druma ansin.

B'fhada an lá ó léim a chroí féin le lúcháir ag éisteacht le druma. Ach bhí a fhios aige narbh amhlaidh don chuid eile acu é. Ní raibh seachrán ar bith air fán nádúir dhaonna, ach

a oiread agus bhíos ar fhear ar bith eile a gheibh cumhacht. Agus goidé a bhí ar son a shaothair aige? Oiread agus bhí ag ‘Caesar is Alastrom do ghabh neart ó éirí go stad don ghréin?’ Fuair sé an bhua agus bhéarfadh sé a sheal; ach b’fhearr é a bheith le rá aige go raibh sé mór i Ros Cuain, nuair a thiocfadh an lá searbh a scarfadh sé lena chumhacht.

Smaointe mar seo a bhíodh ag teacht tríd agus é crom ar an úir, ag bogadaigh go fadálach, agus an oíche ag tarr-aingt anuas ar na páirceanna.

THÁINIG an tSamhain, agus d'fheoigh an féar ar an talamh bán, agus d'éirigh na teallaigh ní b'fhiliúnta. B'annamh oíche nach dtigeadh fir isteach ar dhoirse foscailte agus málaí éadaigh leo, agus iontais ina dtimpeall mar a bheadh fá long ag teacht chun cuain: fir a bhí ag teacht as Albain i ndiaidh an Fhómhair. Thoisigh na bóithre a éirí beo i ndiaidh oíche. Nuair a bhíodh an aimsir tirim, nó go measartha ar bith, chaitheadh an t-aos óg bunús na hoíche ar na bealtaí móra, go háirid oíche Dhomhnaigh. Ní bhíodh an gnás seo acu ar chor ar bith in aimsir shamhraidh, nuair nach mbíodh sa bhaile ach na cailíní. Níor mhór a mbíodh de chaitheamh aimsire de chineál ar bith acu sa tsamhradh, agus dá thairbhe sin chluinfeá an t-aos óg ag rá i dtólamh gurbh fhada leo an t-am go dtaradh an geimhreadh, má ba tréasúil an chaint í i gcluasa aineolaí.

An té a tógadh i Ros Cuain, an bhfeicfidh sé go brách in aon cheantar eile ar dhroim an domhain an coineascar nó an clapholas céanna a chonaic sé ansin, agus é ag déanamh dídine lena eiteog do mhíle aisling agus áthas i bhfad uaidh? Teach cromshlinneánach féasógach Mhicheáil Eoin ag cailleadh an datha agus ag dul ar an iúl leis na creagacha, an dorchadas ag líonadh ar chuibhrinn athphrátaí mar bheadh uisce i linn ann. Stáideanna teo solais ag teacht

amach ar fhuinneoga agus glórtha na hoíche ag toiseacht. An té a bheadh ag druidim suas leis an Charnán Mhór, tífeadh sé triúr nó a cheathrar buachaillí ina seasamh ar mhullach an ardáin eadar é agus léas. Thiocfadh fear nó dhó eile. Bheannófaí dóibh sa chanúint a bhí ag gabháil an uair sin:

‘Well, boys!’ ‘Yes, lads!’

Agus sin a mbeadh ann—cibé tír sa chruinne a dtáinig an dá mhana aisteacha sin aisti. Rachadh siad amach ansin an bealach mór go ceann an chroisbhealaigh agus sheasódh siad ansin. Thiocfadh siad isteach arís agus rachadh siad amach arís. Bheadh scaiftí eile ansin, eadar stócaigh agus chailíní. Agus níor shamhail siad nach raibh siad beo i saol a raibh mil ar chuisseoga ann.

Agus cé a déarfais nach raibh? Dá mhéad caitheamh aimsire ar smaoinigh intleacht an duine orthu, níor rug aon cheann acu barr go fóill ar shiúl, go háirid nuair atá áilleacht tíre i do thimpeall.

Bhí corchor i gcaitheamh aimsire na hoíche. Bhí scioból ag Éamann Rua a raibh ‘disink’ air, agus é fá urchar shásta cloiche den bhealach mhór. Bhí Éamann léirsteanach, agus furast a spreagadh, agus bhí achan rud mar d’iarrfadh an t-aos óg é a bheith. Shiúladh siad thart go múinte macánta le teach Éamainn Ruaidh, agus nuair a bhíodh siad a fhad uaidh agus go mbeadh bealach éalaithe acu thógadh achan fhear cloch, agus bhaineadh siad tormán as an *disink* a bhainfeadh macalla as na fargáin. D’fhosclaíodh an doras agus thigeadh Éamann amach agus shíneadh an rása. Agus dá mbeadh an tóir ag teacht róchruaidh ar na stócaigh bhaineadh siad na páirceanna agus na caoráin amach, tríd dhíogacha agus chlaitheacha, seal go hioscaidí agus seal go hascallaí.

Ní raibh riamh gnás, maith nó olc, ag fir nach mbeadh gasraí ag aithris orthu. Agus an geimhreadh áirid seo, nuair abfhada leo a bhí na fir gan tuargan ar bith a bhaint as cuid *disink* Éamainn, bhuail siad féin é. D'éirigh Éamann amach agus achan scairt aige:

‘Caor thine oraibh, a phaca *Hibernians*, a scaifte mallaithe a bhfuil dhá dtrian de mhioscas na tíre oraibh!’

Rith na gasraí síos an bealach mór gur casadh scaifte fear orthu. Agus, ar ndóigh, bhí Gasraí Caola Bheití riamh ar thús gach ionsaí agus ar dheireadh gach tóra. Cheap Diarmaid Seonaí Bheití.

‘Goidé an díomúineadh atá sibh a dhéanamh amuigh ansin?’ arsa Diarmaid go goirgeach.

Dóbair do Sheonaí a rá: ‘An chuideachta atá againn ar Éamann Rua!’

Ach gasúr furchaidh a bhí ann agus thuig sé nach mbeadh sin inráite, cé nach raibh a fhios aige cén fáth.

‘Níl dada ach ag rúidealaigh linn; ní thig seancheann a chur ar cholainn óig,’ arsa Seonaí, mar bheadh fear cheithre fichid bliain ann.

Chuaigh fear de na buachaillí a gháirí.

‘Tá ceann sean go leor ortsa,’ arsa Diarmaid. ‘Agus anois, má mhothaím fán teach sin amuigh go ham luí anocht sibh, rachaidh mé isteach chuig Éamann Rua agus dhéanfaidh mé scéala oraibh ó dhuine go duine.’

Bhí iontas a n-anama ar na gasraí. Agus an bhliain roimhe sin go ndeachaigh cuid acu fá choinne dréimire do Dhiarmaid é féin gur chuir sé scraith ar shimpléir Éamainn Ruaidh!

Bhí gasraí an bhaile uilig ag siúl le chéile gan géillstean do pháirtí ar bith. Casadh cuid de na gasraí a raibh a muintir ag géillstean don Ord Ársa ar mhac Dhónaill Fheargail, agus

thug sé an t-achasán céanna dóibh a thug Diarmaid do Sheonaí Bheití. Bhí na gasraí faoi eagla an chuid eile den gheimhreadh sin, mar d'imeodh an tsoineantacht as an tsaol.

Chuaigh an tSamhain agus an Nollaig thart agus níor éirigh iaróg ar bith eadar an dá dhream. Dá mbeadh damhsa ar an bhaile bheadh cuid éigin den dá chuid go hiomlán ann, agus corrdhuine den taobh eile—daoine muinteartha a bhí ag teacht as leisc. Cinnte, dúirt Antain Mhurchaidh oíche amháin: '*I am a true-born Irishman and one of the Sons of St. Patrick.*' Ach thug a bhunadh féin tachtdh dó, agus níor lig siad ní b'fhaide é. Níor apaigh an neascóid go dtí lá amháin aonaigh in Ailt na Glaice, lá fuarbhruite gruama a mbeadh iontas ort daoine a bheith tintrí.

Bhí Ailt na Glaice thoir in imeall an chaoráin—screabán gann a d'éirigh le fir dhícheallacha a réiteach as measc na gcreagacha. Bhí siopa agus dhá theach tábhairne ann, agus ceann sclátaí orthu. Bhí teach Mhansáin abhus scoite uathu agus gan air ach tuí, agus é ag dul chun dearmaid. Char dhíth nach dtug sé a sheal, nuair a bhí seanMhansán ansin agus Donnchadh Brocach. Nó bhí teach Mhansáin sa táin, in am an tsíbín agus throid na mbataí, siar de chomhair a bheith go dtí an t-am a dtáinig Napper Tandy chun na n-oileán. Bhí crainn chaorthainn thart ar theach Mhansáin, agus bhí dosanna acu achan áit ar dhá thaobh na sráide, ach ní chuirfeadh Coill Ultach, dá mbeadh sí ann, scáth ar na creagacha a bhí go hanacair agus go dochorraithe go himeall an bhaile.

Chonacthas dom riamh gur rud seachránach aonach. Is lú i bhfad a bhíos nead seangán nó néal creabhar eadar dhá intinn. Mairt uallacha i ngéibheann nach dtuigeann siad. Intinní daoine ag troid go dall leis an tsuaimhneas

agus ag déanamh comhrá atá, b'fhéidir, ag dul amú thall agus abhus. Biotáilte á hól gan só i dtithe tábhairne atá lán ó chúl go doras. Daoine i lúb cruinnithe agus gan iúl ar a chéile acu, mar is gnách i gcónaí nuair atá daoine i lúb cruinnithe mar mhaithe le hairgead. Is frithir fágtha anam duine i lár cathrach, an áit nach mó ná go bhfuil anáil do chléibh in aisce agat. Ach ba mhó an seachrán a bhí i Mín na Glaice, in ionad nach dtiocfadh pingneacha a dhéanamh de, agus a raibh anáil thréan ó shliabh agus ó fharraige a bhí ag cur neart i bhfuil daoine agus á spreagadh chun na doscaíochta in áit na tábhachta.

Chuaigh an t-aonach seo thart mar is dual: Aoidín Rua ag tarraingt corcanna agus ag gealgháirí nó ag déanamh ribeoga comhrá; Tomás Pháidín ag díol earraí go stuama; fir ag gabháil amach agus isteach ar na doirse go heascaird-each, fá chosa agus fá sciatháin uilig; mná agus seálta fána gceann, agus iad chomh doiléir leis an chlapsholas. Bhí an nead dubh a bhí ar an tsráid ag oibriú mar bheadh sileán den tonn líonta a gheobhadh isteach i laglach a bheadh isteach ó bhéal an láin mhara. Bhí mangairí brocacha suaracha díomúinte an Tearmainn ansin, tríd fheara cnámhacha gealchraicneacha na gcladach. Bhí glórtha tapaidh dána na bhfear a tháinig ó thairseach na ngall tríd chaint dhomhain fhearúil cheolmhar na bhfear nach dtáinig an gall chun a dtairsigh go fóill.

Bhí Séarlas na Snáthaide ansin fá thrugálacha a bhéarfadh éadach don nocht. Bhí Tomás na Caillí Móire ann agus gunna beag aige le haoibhneas a thabhairt don óige. Bhí Seáinín an Bhocsa ag fuagairt go raibh 'cíora míne agus fídeoga pingne agus *camphor tar*' ina thaisce, le hairnéis agus leamhain a scrios agus frídí aithiseacha an dobróin a dhíbirt ón chroí le ceol.

Chuaigh Éamann Óg siar an ailt ardtráthnóna agus colpach ceannaithe leis agus a cheann roimhe. Bhíodh Éamann ar thús gach ionsaí agus ar dheireadh gach tóra i ngach gnoithe a chasadh i lúb cruinnithe é, nó uascán gan scéimh a bhí ann a mbíodh mórán ag magadh air. Agus thoisigh na daoine a imeacht de réir a chéile go gearr ina dhiaidh sin. Thoisigh fir mheirgeacha an Tearmainn a tharraingt ar an traen. Ní raibh fágtha tráthnóna ach na daoine a raibh dúil san ól acu, nó daoine óga a bhí ag iarraidh pléisiúir: gasraí a shíl go raibh siad ag feis Teamhrach.

Dóbair don lá dul thart mar lá aonaigh ar bith eile. Ach tháinig foclaíocht eadar Antain Mhurchaidh agus Séamas Phádraig Óig istigh tigh Aoidín Ruaidh. Ba iad na fir gan iomrá ba dóiche a leithéid a dhéanamh agus chan na ceannfoirt. Ní raibh aon ábhar mór iaróige uilig acu, agus shocair na fir a bhí thart orthu in am ghairid é. Ach ag teacht anoir an Ailt dóibh casadh ar a chéile arís iad.

Dís a bhí iontu a bhí ar dhá thaobh na críche ag a chéile, agus bhí siad riamh achrannach le chéile. Dá n-abraíodh fear acu gur gorm a bhí an spéir déarfadh an fear eile gur dearg a bhí sí. Ní raibh ina ndóigh ach greann, a fhad agus a bhí an saol suaimhneach, ach nuair a casadh an dá dhrong in éadan a chéile chonaic achan fhear acu olc a pháirtí san fhear eile. Shiúil siad céad slat den bhealach le chéile agus iad ag iomarbhá, agus ansin chuaigh siad a bhualadh a chéile. Ní dhearna siad aon loit mhór dá chéile, agus thit an bheirt ar ghamhain Éamainn Óig agus chuaigh Éamann a thabhairt mionnaí móra, agus sílfeá gurbh é an neamhchoireach gan trua i gcolann daonna é.

Cuireadh ó chéile iad agus iad chomh slán folláin agus a bhí siad ar maidin. Ach ní bheannódh siad an t-am de lá dá

chéile go ceann blianta ina dhiaidh. Bheifí ag inse fán troid i ngach teach sa phobal an oíche sin. Ar a mbaile féin, bheadh braon fola caillte araon acu. Ar an dara baile, bheadh siad ina luí ar a leaba i ndiaidh an bhuailte. Agus ar an tríú baile bheadh an dochtúir ag teacht chuig fear acu. Ní bheadh aon fhear i Ros Cuain nach mbeadh réidh le dul i gcomhrac ar mhaithe le fear éigin acu. Ní bheadh sé saor ó chontúirt a rá cé acu ab fhearr i ndeabhaidh, cé gur bheag maith a bhí i gceachtar acu. Is maith mar canadh gur lú ná frigh máthair chointinne.

Bhí teach Shéamais Phádraig Óig in aice an bhealaigh mhóir: seanchró fada ceann tuí agus lustan ag fás ina mhullach agus caileannógach ar na ballaí. Bhíodh an t-aos óg ag siúl thart leis achan oíche leis na blianta. Is iomaí uair a dúirt siad slamfhocal nó rinne siad gáire nuair a tíodh siad Séamas nó duine dá bhunadh ag an doras. Bhí siad ar an ealaín sin le fiche bliain. Is léir don tsaol nach le drochmheas ar Shéamas a níodh siad é. Tuigeann cách nach ionann ciall do scaifte agus do dhuine amháin. An té a théid le scaifte is dual dó é féin a ísliú, agus ar an ábhar sin bíonn sé i dtólamh ag teacht tríd béim síos a thabhairt do dhuine ar bith atí sé leis féin. Creidim go bhfuil an tallann sin chomh haosta leis an chéad uair a chuaigh beithígh bhrúidiúla i gcomhar, an chéad fhaibhriú a tháinig ar chraiceann an domhain.

Dhó nó a trí de oícheanna i ndiaidh an aonaigh bhí scaifte de na *Sons of St. Patrick* ag gabháil thart os cionn theach Shéamais Phádraig, agus chuaigh siad thart go múinte. Ach tharla ar an drochuair go raibh Séamas ag teacht as teach na comharsan agus go bhfaca siad fá leathchéad slat den teach é. Tharla fosta gur chrothnaigh siad Eoin Mháirtín le dhá oíche roimhe sin. Thug siad faoi deara an fear ag tarraingt síos ar theach Shéamais Phádraig. Agus cér bith duine luathintinneach a smaoinigh air,

dúradh: ‘Eoin Bán!’ Leis sin rug beirt nó a thriúr acu ar fhóide móna as clampa a bhí in aice leo agus chaith siad iad. Cár bith mar rachadh an saol, ba mhór a ligfeadh neach Dia ar dearmad dá ligfeadh sé aon lá amháin thart gan cith dartán a chaitheamh fá mhullach an chinn ar Eoin Mháirtín.

Theith Séamas Phádraig Óig ar tús. Shíl sé gur clocha a bhíothas a chaitheamh. Ach nuair a chuala sé ‘Eoin Bán’ cupla uair, agus thug sé faoi deara gur móin a bhí siad a chaitheamh, tháinig uchtach chuige.

‘Bhur n-anam do dhúdhiabhail ifrinn!’ ar seisean. ‘Nach mór an croí a fuair sibh a dhul a chaitheamh geaftairí ar fhear fhiúntach a tháinig ó dhuine agus ó dhaoine? Má tá aon fhear in bhur measc, seasaíodh sé agus troideadh sé mise.’

Nuair a thuig na buachaillí goidé a bhí déanta acu, theith siad. Char cheadaithe leo ar a soláthar saolta a leithéid a dhéanamh. Lean Séamas iad. Agus cé a bhí ag teacht deich slata fichead ina ndiaidh ach Donnchadh Mháire Duibhe agus Antain Mhurchaidh. Casadh Séamas agus Antain díreach ar a chéile.

‘A Antain Mhurchaidh,’ arsa Séamas, ‘is beag a bhéarfadh orm do bhéal a bhriseadh as a bheith ag caitheamh dartán orm ag mo dhoras féin.’

‘Scrois Dé ort,’ arsa Antain, ‘níor chaith mise dartán ar bith ort. Ní bhrisfeá mo bhéal, ná ní bheifeá ábalta a dhéanamh.’

‘Tá sé chomh maith againn deireadh a chur anseo leis an teagmháil ar thoisigh muid lá an aonaigh uirthi,’ arsa Séamas.

‘*Good enough, Casey,*’ arsa Antain Mhurchaidh. ‘Seo an coileán nach dtug cúl a chinn le haon fhear riamh.’

Déarfaidh daoine atá eolach ar throid dorn gur fearr an dorn díreach ná an ceann casta a thig de leataobh ar an chloigeann. Ach ní bhíonn dóchas ar bith ag daoine dúchasacha sa dorn díreach. Thoisigh an dís ar a chéile. Agus, ar ndóigh, an té a dhearcfadh ar an tallann a bhí ina gcroí istigh b'fhíor dó dá n-abródh sé go ndearna siad 'bogán den chreagán agus creagán den bhogán, toibre glana fíoruisce i lár na gcloch glas, agus dá dtigeadh aon neach, ó íochtar an domhain go dtí uachtar an domhain, gur a thabhairt amhairc aeir agus iontais ar an dís a thiocfadh.' Ach an tsúil nach bhfaca ach an corp dona fabhtach a ní feall ar an anam, dar léi go raibh siad mar bheadh dhá mhuileann gaoithe ann.

Níor bhuail siad morán buillí go ndeachaigh siad i bhfostó ina chéile agus gur thit an bheirt. Tharla go raibh díog fúthu, agus ceapadh gualainn Antain Murchaidh sa díog agus bhí lámh an uachtair ag an fhear eile air. Ach chuaigh Donnchadh Mháire Duibhe ar an dara fear ar Shéamas agus thoisigh sé lena bhróga sna heasnacha air. Phill an scaifte a bhí rompu, fosta, agus buaileadh tuilleadh ar Shéamas sular tarraingíodh as mullach Antain é. Tugadh Antain ar shiúl ansin, agus shocair sin an iaróg.

Má bhuaileann tú duine i ngalltacht na hÉireann, ní maith leis a chomharsa fios a fháil go raibh sé ag troid agus ní rachaidh sé i lúb cruinnithe go gcneasaí an aghaidh aige, agus go dtí nach raibh scríobóg air nó súil dhubh aige. Ach sa Ghaeltacht, má bhuail tú duine rinne tú tréas. Tiocfaidh a chuid daoine muinteartha uilig a amharc ar an fhear bhuailete, agus níl scríobóg dá laghad dá mbeidh air nach mbeidh seanchas le déanamh uirthi. Dúirt Novalis, fear léinn a bhí sa Ghearmáin: 'An té a leagas a lámh ar chorp duine, leagann sé a lámh ar Neamh.' Má ba bheag léann

a casadh ag Séamas Phádraig Óig, bhí barúil ina aigne ar fheoil dhaonna nach raibh éagosúil le barúil an Ghearmánaigh. Nó is iontach an t-oide an dúchas.

Canadh i ngach teach i Ros Cuain fá Shéamas agus fá ghníomhartha na hoíche sin. Charbh iad na fir ba mhó a rinne callán ach na mná. Ní raibh baint ar bith acusan den Druma, ach bhí siad go mór in easpa calláin. Ar ndóigh, táimid uilig in easpa calláin: ní thig linn baol ar ár sáith a dhéanamh, dá mbeadh ár gcuid cainte á haithris eadar dhá cheann an domhain. Bhí teangacha nimhneacha na mban ag tabhairt a croí don urchóid, mar bheadh frídí nimhe ag teacht ar chneá ann. Bhí a shliocht ar an bhaile. Thit dhá theaghlach amach le chéile ar an taobh thiar den bhaile roimh sheachtain, agus beirt eile ar an taobh thoir eadar sin agus Nollaig. Agus an geimhreadh céanna casadh na *Sons* agus na *Hibernians* ar a chéile oíche amháin agus throid siad cath, agus buaileadh agus gearradh triúr nó a cheathrar ar gach taobh.

Ansin, i dtús an earraigh, tháinig an misean. Ní raibh sé ach coicís ó bhí an briseadh eadar muintir Ros Cuain. Bhí daoine ag rá go mbeadh misean ar leith ann an bhliain seo, ag iarraidh cúl a chur ar an iaróg a bhí sa cheantar. Chuaigh daoine a chaint ar an mhisean mhór a bhí i gCeann an Chamaís deich mbliana fichead agus an t-am sin, sula ndearnadh teach pobail Log na Daraí. Mhair sé trí seachtaine. Ba ghnách le daoine na seacht míle de bhealach a shiúl achan oíche, a éisteacht le Father Cussen. Sagart a bhí ann nach raibh aon fhocal Gaeilge aige: ní raibh a ainm i nGaeilge féin ag na daoine. Ach thaitin an t-ainm mar sin féin leo. Bhí fuaim focail dháimhiúil aige. Seanmóirí cráifeach a bhí ann. Mhallaigh sé daoine nach raibh ag comhlíonadh dualgas a gcreidimh mar ba chóir dóibh.

D'inis sé goidé an t-olc a bhí daoine a dhéanamh a bhíodh ag cailleadh an Aifrinn, daoine a níodh faillí sna sacraimintí, agus fir óga agus mná a bhíodh ag leanstan don ghnás a dtugadh sé *company-keeping* air.

Ní raibh aon ábhar comhrá ag na daoine ar feadh na dtrí seachtaine ach na seanmóirí. Achan oíche d'imíodh achan duine a raibh cead a choise aige, ag tarraingt ar theach pobail Cheann an Chamais, agus bhí cuid acu a raibh sé nó seacht de mhílte le siúl acu. D'éirigh achan duine iontach cráifeach, agus is iomaí barúil a tugadh ar anam an duine agus ar iontais na síoraíochta a bhí i ndán dó. Bhí scéalta á n-inse ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin fá dhaoine a shiúil an saol agus a chaill a gcreideamh agus ar chuir an Misean Mór ar ais ar staid na ngrásta iad.

Bhíothas ag dúil lena leithéid eile an t-am seo, ach ní tháinig ach aon sagart amháin, 'an t-athair naofa', mar thugadh na daoine air. Tháinig sagairt na paróiste uilig, ar ndóigh, ach má ba mhór an urraim a bhí dóibh ba mhó an urraim a bhí don athair naofa. Ní raibh leathshásamh ar mhórán daoine nach dtáinig ach aon athair naofa amháin.

Chuaigh an duine deireanach de mhuintir na háite chuig an mhisean. Ba tobann an rud é, agus bhainfeadh sé an t-amharc as an tsúil agat, a theacht go geafta theach an phobail i ndiaidh siúl as Ros Cuain tríd na páirceanna. Ba é teach Sheáin Mhacadáin, é féin agus a chuid tuí go giobach fána chluasa, an chéad teach ar amharc tú air nuair a chuaigh tú ar do chois agus d'fhág tú d'urlár féin an chéad uair riamh. Ba mhaith an aithne a bhí agat ar an Charnán Gharbh, agus ar an chosán chlochach a bhí thart le teach Shéimí Mhaighréide, agus ar an chlochán a bhí trasna na habhann ag teach Pheadair Shéarlais Óig. Níor

chuir siad iontas ar d'aighe ná oibriú ar do chroí. Ach nuair a chuaigh tú siar an bealach mór go geafta theach an phobail agus casadh na stáinníní ort, chaill tú do thuigse ar an tsaol.

Pubaill chanbháis a bhí sna stáinníní seo, agus tá fiche áit nach bhfuil siad annamh. Níl saibhreas nó sotal ag baint leo. Ach ní fheictí i Ros Cuain iad ach uair sa bhliain nuair a bhíodh an misean ann. A Thiarna, an t-amharc súl a bhí istigh iontu—‘an breacadh a bhí tríothu le scéimh’—pioctúirí agus dealbha na naomh, agus Corónacha Muire den uile dhath, agus leabhair urnaí agus scabaill, agus áilleacht dheireadh an domhain. Rudaí míne glana cráifeacha a chuirfeadh cotadh ar an té a raibh a shúil cleachta leis na creagacha garbha agus le huirnisí na gcuibhreann agus na gcladach. Cúig stáinnín taobh thoir den gheafta agus achan cheann acu ag breith bua ar an cheann eile, agus char dhada ceachtar acu le taobh Stáinnín an Fhir Mhóir a bhí ar an taobh thiar.

Bhí na daoine ina seasamh fán gheafta agus iad ag comhrá go leathíseal. Nó mura raibh siad ag comhrá go leathíseal, ní raibh callán ar bith acu mar chluinfeá ag aonach nó ag cruinniú dá chineál. Bhí beirt nó a thriúr ina seasamh agus a ndroim le teach Sheáin Chonaill agus iad ag spíonadh tobaca ar a mbosa. Tháinig Séimí Mór an Cheannaí Bháin aniar agus toirt mhillteanach ann agus osán a bhríste istigh i mbéal a bhróige. Tháinig Bríd Anna Óige aniar agus a seál fána béal, agus chuaigh sí thart go formhothaithe mar dhéanfadh séideán beag gaoithe le coim na hoíche.

Tháinig Proinsias Bheagaide chuig an mhisean, ar ndóigh. Ní dhearna Proinsias faillí riamh i ngníomh ar bith a bhí le déanamh gos ard ar son an chreidimh. Fear

polaitíochta a bhí ann go dearfa. Mholadh sé an Eaglais i dtólamh i lúb cruinnithe. Bhí cuid mhór nár chreid go raibh sé cráifeach ar chor ar bith. Ach ina dhiaidh sin bhí lasóg éigin ina anam. Cibé acu a bhí sé dáiríre ina bhéasa nó nach raibh, thiocfadh an t-anam sin i láthair daoine agus ba air a bheadh cuimhne acu ina gcroí.

Bhí seacht nó ocht de shagairt ar fud theach an phobail, ag éisteacht. Bhí na daoine ina suí sna suíocháin agus duine ag dul isteach ar a sheal. Ba ann a bhí an t-uafás agus an cheartháí. Agus nuair a chuir Eoin Mháirtín air a bhearád agus gan é ach i ndiaidh éirí óna fhaoiside, agus nuair a thit Séimí Mór an Cheannaí Bháin trasna ar Bhríd Anna, ní dheachaigh aon duine a gháirí. Bhí cráifeacht na ndaoine ag ligean an tsaoil mhóir chun dearmaid. Bhí daoine ag dul isteach i dteach an phobail, agus daoine ag teacht amach, ar fad ar fad. Bhí sé cosúil leis an domhan a bhfuilimid inár gcónaí air, cuid ag teacht agus cuid ag imeacht, agus gan eadar an dá chuid ach buaireamh agus imní agus crua-cheastóireacht agus allas coirp nó anama.

Tháinig an oíche agus chuaigh achan duine chuig an Phaidrín agus chuig an tseanmóir. Nuair a bhí an Paidrín agus Móradh na Sacraiminte thart, tháinig an t-athair naofa amach agus rinne sé seanmóir bhreá. Bhí a ghlór ag baint macalla as ceithre beanna an tí, agus fear de na sárchainteoirí seo a bhí ann a dtig an seanchas leo ina thuilte agus é uilig in eagar bheacht.

Is iontach an rud an Soiscéal. Is beag téacs a bhféadfaí seanmóir a dhéanamh air nach mbeadh caint éigin ann a bheadh ag goilleadh ar choinsiasa an té a bhí ag éisteacht leis. Bhéarfadh na daoine mionna go raibh a fhios ag an athair naofa iomlán fá na bruíonta a bhí i Ros Cuain. Bhí sé ag caint ar ghrá na comharsan, agus bhí a oiread de

fhaobhar ar na daoine ag éisteacht leis agus gur bheag nach raibh siad ag dúil le é an baile a ainmniú.

Bhí Proinsias Bheagaide ina shuí thuas i dtoiseach theach an phobail agus gan bogadh ina ghnúis. An mhuintir a bhí ar a chúl, ba léir dóibh a mhuineál láidir buí agus a cheann bricliath. Bhí sé ar cheann suíocháin agus bhí a leathlámh ar an tsuíochán a bhí roimhe. Lámh mhór gharbh a bhí inti, agus na méara neartmhara ata le hobair. Bhí sí giobach le fionnadh, bhí cnámh agus feoil agus fuil go leor inti, nó ní bhfuair sí faill riamh meath leis an fhalsacht. Ach ní raibh sí cosúil le láimh a d'fhóir do theampall. Bhí lámha boga anbhanna geala ar an athair naofa. Nuair a d'amharcfá orthu, smaoineofa ar leabhair urnaí agus ar uisce choisreactha, ar bhaisteadh agus ar bheannachtaí. Nuair a d'amharcfá ar lámha Phroinsís, smaoineofa ar pháirc an earraigh, ar an spáid agus ar an rámha, ar spéir Dé agus ar an fharraige neartmhar, ar an Eargal, ar Ghleann na Smól, ar Lon Doire an Chairn.

Bhí an sagart ag inse go teann agus go cráifeach fán cháipéis a bhí ar an té a raibh fuath ar a bhráthair aige. Bhí corrdhuine ag amharc ar Phroinsias Bheagaide faoina shúil. Ach níor bhog seisean lámh ná cos agus níor chuir sé gruaim ina mhala.

Bhí siad ag comhrá fán tseanmóir ar an bhealach chun an bhaile.

‘A Chúirt Aingeal!’ arsa duine amháin, ‘ba bhreá an tseanmóir í. Ní chuala mé a leithéid ó bhí an Sagart Mór Ó Dónaill ann.’

‘Mura rabhaimid maith ina dhiaidh seo, níl bua an pheacaidh le fáil,’ arsa duine eile. ‘Ba cheart dúinn fios a bheith againn anois goidé rud fuath a bheith ar an chomhar-sain againn.’

‘Is réidh aige é,’ arsa duine eile. ‘An té a ní an t-olc ort, bíonn an fuath agat air. Níl neart agat air.’

‘B’fhéidir go dtuigeann Dia an méid sin, fosta,’ arsa an ceathrú duine.

Bhí Éamann Néill Óig agus a athair ag obair i gcuibhreann an chladaigh, ardtráthnóna i dtús an Mhárta. Ba mhór an t-athrach a chuir bliain ar Éamann. Bhí sé an t-am seo chomh hard agus a bheadh sé. Bhí sé sé troithe agus trí horlaí, agus bhí daoine ag tabhairt Éamann Mór air cheana féin. Bhí sé tanaí go fóill agus marbh ar a chois, ach ní thiocfadh a shéanadh nach raibh sé ina ábhar fir bhreá. Níor chuir an bhliain athrach ar bith ar Niall. Bhí an soc céanna féasóige air agus an bheilt chéanna fána thóin, agus bhí sé chomh santach agus chomh manránach agus a bhí riamh. Nuair a bhuail Éamann corr a spáide ar cloich agus chuir sé ar a ghualainn í thóg Niall a cheann.

‘Cá bhfuil tú ag gabháil, a ghiolla mhóir?’

‘Tá mé ag gabháil chuig fidiléir Sheáin Mhacadáin. Beidh an baile uilig ansin agus níl ach amaidí dúinne a bheith corr.’

‘Maise, bheinnse fada go leor anseo ag baint na súl asam féin sula dtiocfadh Seán Mhacadáin a chuidiú liom lá earraigh a dhéanamh. Dá mbeadh dícheall ar bith i Seán Mhacadáin rómhródh sé féin a spleotán talaimh.’

‘Chuideodh Seán Mhacadáin linn dá gcuirimis suas fidiléir,’ arsa Éamann. Bhí sé ag éirí dána fosta le bliain.

‘Ní ligfinn do aon fhidiléir dá bhfaca mé riamh mo chuid

talaimh a mhilleadh,' arsa Niall Óg. 'Ní fhaca mé aon pháirc riamh tiontaithe i ndiaidh fidiléara nach mb'éigean a tiontó athuair. Agus, go díreach, b'fhearr duitse gan a bheith leath chomh tugtha do aisfhreagra a thabhairt ar dhuine agus atá tú. Tá tú millte ag do mháthair, tá tú sin.'

D'imigh Éamann leis. Bhí a athair ag goilleadh go fóill air. Bhí seisean ró-óg lena bhua a fháil go fóill, nó bhí Niall chomh cruaidh le hiarann agus ina oibrí mhaith, agus chluinfeá sin ar an chluais ba bhodhaire agat dá mbeifeá ina chuideachta. Ní raibh de shólás ag Éamann ach dearmad a dhéanamh de. Agus bhí fiche aoibhneas leis an tseanduine shuarach chadránta a chur as a cheann.

Bhí muintir an Druma ag cleachtadh le coicís, agus bhí Éamann ag fáil a sheal ar an Druma Mhór achan oíche. Bhí sé ag bisiú go mór. Ina dhiaidh sin, níl duine ar bith is fearr a aithníos a lochtanna féin ná fear ceirde nó ceoil nó filíochta nuair a bhíos sé ag foghlaim. Bhí a fhios ag Éamann go raibh sé ag iarraidh rud a dhéanamh nach raibh ag teacht leis. Bhí a fhios aige go dtiocfadh leis bualadh sealanna áiride ar an druma agus a dhéanamh de chomhair a bheith chomh maith le Séamas Néill, an seandrumadóir a bhí san Ord Ársa an t-am seo. Ach thigeadh sealanna eile air nach dtiocfadh. B'fhada an lá go mbeadh an dóchas céanna aige as féin a bhí ag Séamas Néill. Ina dhiaidh sin bhí a chroí ag inse dó go raibh ábhar drumadóra ann ab fhearr ná Séamas Néill. Ach níor éirigh leis sin a chur in iúl do aon duine eile go fóill. Bhí sé á aithne sin ar na fir eile, agus ghoill sé go mór air.

Is iontach an rud brón na hóige. Níl brón ar bith chomh nimhneach leis. Is é greamanna fáis an anama é. An coimhthíoch atífeadh Éamann Néill Óig ag gabháil siar na hardáin bhreaca agus anonn na hailteanna dubha agus

an cuan ina sciath airgid thíos faoi, an lá breá earraigh seo, déarfadh sé gur mhairg nach é féin a bhí ina áit. Agus dar le hÉamann bocht gur daoine éifeachtacha a bhí i ndaoine an domhain mhóir uilig ach é féin. Chuaigh sé siar ag teach Mhurchaidh Mhic an Bhaird. Bheannaigh sé an t-am de lá do sheanMhurchadh a bhí ina sheasamh ag an doras, agus nuair a chuaigh sé thart chuala sé Murchadh ag rá gur mhór an mhéid a bhí ag teacht i stócach Néill Óig. Ba sin tuilleadh de. Ní bheadh gar a bheith ag inse do na daoine seo nár fhás sé leithead ribe ó bhí Lúnasa roimhe sin ann. Bhí a mharc ar bhinn an tí, an áit ar ghnách leis a bheith á thomhas féin. Agus ní bheadh beo orthu gan a bheith ag rá go raibh sé ag fás go fóill. Agus ní bheadh beo orthu gan stócach Néill Óig a thabhairt air. Bhí sé maith go leor nár tugadh gasúr air. Dá olcas iad, b'éigean dóibh a admháil go raibh sé ina stócach.

Bhí, agus ba bhreá an rud a bheith i do stócach. B'fhearr a bheith i do stócach ná a bheith i do mháistir scoile, nó i d'fhear siopa nó i do dhochtúir. Thiocfadh leis a chuid bróg éadrom a chaitheamh i mbliana nuair ba mhian leis é. Bhí séasúr déanta in Albain aige agus bhí píopa adhmaid chun an bhaile leis, agus beilt bhúclaí a bhí chomh buí leis an ór loiscthe, agus leathar le cur ar chaol a láimhe nuair a bheadh tálach air. Bhí an leathar air an tráthnóna seo agus gan tálach ar bith air; an dá luas agus a tháinig an t-earrach chuir sé air é lena thabhairt le fios go raibh an méid sin de arm agus éide oibrí aige.

Thíos sa ghleann, eadar crann an chaorthainn agus an cladach, a bhí na fir ag obair ag Seán Mhacadáin. Ba sin an crann ar gearradh na focla, *Up the Sons*, ann an lá éifeachtach a chuir Proinsias Bheagaide an cumann ar bun. Bhí Séamas Néill sa chrích ag Seán agus, le holc orthu, bhí

fidiléir aigesean an lá céanna. Bhí fir an bhaile sa dá pháirc agus fir as baile amach, fosta. Bhí an tOrd Ársa leitheadach, agus tháinig cúig feara déag as Log na Daraí le tuilleadh uchtaigh a thabhairt do bhaill Ros Cuain. Bhí na *Hibernians* de chomhair a bheith beirt os coinne an fhir ann. Ach an méid a bhí na *Sons* gann i bhfir thug siad isteach é le callán. Bhí fuinneamh agus meadhar iontach iontu an tráthnóna céanna.

Ní dheachaigh siad i gcuibhreann riamh fir is dea-lámhaí ná fir chuid cladach Thír Chonaill. Ach ní bhíonn mórán blátha ar an obair a ní siad lá fidiléara. Ní bhíonn siad a iarraidh ach dath dubh a chur ar an talamh chomh gasta agus thig leo. Ar an ábhar sin, is annamh a bhíos fidiléir rómhair ag duine ar bith ach baintreach nó fear breoite. B'fhíor do Niall Óg é nuair a dúirt sé go gcaithfí an talamh a siúlfadh fidiléir air a rómhar athuair.

Stróc an dá scaifte leo agus gan iad ag briseadh preibe ar bith. Bhí achan chuid ag ligean orthu nach raibh an chuid eile ansin ar chor ar bith agus, san am chéanna, bhí siad ag smaoineamh ar a chéile ar fad. Agus bhí crann an chaorthainn thuas agus dáta na hiaróige air, mar bheadh an t-ogham chraobh ar chloch leachta.

'Sin urchar an daill fán abhaill, mar dúirt Oisín,' arsa Diarmaid, nuair a thiontaigh sé an phreab dheireanach i gcoirneál na páirce.

'*That's a stemwinder,*' arsa Eoin Mháirtín; agus ní insíonn lucht léinn goidé ba chiall don smachladh sin, má bhí ciall ar bith leis.

Ansin thóg na *Sons* gáir: gáir gharbh, rascánta, gáir chomhraic agus dhúshláin a bhain macalla as dhá thaobh an ghaotha.

'Ná raibh an fad sin de thinneas bliana oraibh, a fheara,'

arsa Seán Mhacadáin. ‘Agus, a chailleacha, déanaigí bhur sáith damhsa anocht.’

Chuaigh Éamann Óg chuig an damhsa mar dhuine, agus rinne sé cupla *Highland*. Bhí sé ag déanamh a dhíchill le bheith ina stócach agus, istigh ina chroí, dar leis gurbh é an rud é ba deacaire dár casadh eadar lámha ag aon fhear riamh. Ní thiocfadh leis ‘*So long lads,*’ a rá leis na stócaigh eile go mbeadh an dearg-mheán oíche ann, gan a admháil nach raibh ann ach gasúr. Chasfaí stócaigh dó an lá arna mhárach agus an chéad cheist a chuirfí air: ‘An ndeachaigh tú in áit ar bith aréir?’ Agus mura mbeadh sé le rá aige go raibh an trian deireanach den oíche ann ag dul chun an bhaile dó bheadh sé chomh neamhshuimiúil le gasúr dhá bhliain déag. Agus, a Thiarna, bheadh Niall ag éileamh air go ceann seachtaine as a bheith amuigh chomh mall agus a bhí sé.

Bhí lúcháir air nuair a bhí obair an lae amárach thart agus é ar shiúl as cosán Néill. Fuair sé a oiread achasáin ó bhí maidin ann agus a bhain naoi n-orlaí dá airde. Bhí a chroí trom, nimhneach, ag tarraingt siar ar an Druma dó. Ach, cár bith cuisle a scaoil ann, nuair a chuaigh sé a bhualadh an druma an oíche sin tháinig sé leis ní ba réidhe ná a tháinig sé riamh roimhe leis. Bhuail sé i rith na hoíche mar bheadh fear ann nach samhlódh go dtiocfadh le locht a bheith ar a láimh nó ar a chluais. Nuair a bhí sé réidh, dúirt Tarlach Néill:

‘Dar Dia, ní bheidh ábhar gáire ar bith ar an drumadóir acu i mbliana ar scor ar bith.’

Agus bhí Éamann Mór é féin agus a oiread uabhair air leis an rí a bheadh i ndiaidh a choróin a fháil.

Oíche amháin, go gearr ina dhiaidh sin, bhí bean den chomharsain ag airneál tigh Néill Óig, agus bhí sí ag inse

scéil fá Tharlach Néill agus fán Druma. Bhí Éamann istigh.

‘Ní shílim go bhfuil maith i dTarlach i gceann an druma,’ arsa bean na comharsan.

‘Níl sé ábalta na coraíocha a bhualadh,’ arsa Éamann go heolach, agus thoisigh sé a inse.

‘Dar mh’anam, dá mba ar mo láimhse a bheadh, ní bheadh Druma ar bith ar an bhaile, ag cur ama amobha ar chinn urraidh teaghlach,’ arsa Niall. ‘Agus chan ar na gasraí atá an locht, ach ar an mhuintir is sine ná iad. Siúd is dá mbeadh saighdiúireacht ar bith san fhear mhór sin agamsa, i gceann a chuid oibre a bheadh sé in áit a bheith ar shiúl i ndiaidh an Druma. Nuair a bhí mise ina aois ní raibh mórán iomrá ar dhrumaí agam. Má iarrann tú air seo an t-eallach a ligean amach tráthnóna Dé Domhnaigh shílfeá gur theilg tú chun a chrochta é. Ach, dar a leabhar, a bhuachaill, má bhíonn tú amuigh an dara hoíche chomh mall agus a bhí tú an oíche a bhí an fidéilir ag Seán Mhacadáin bainfidh mise píopa an adhmaid agus na bróga éadroma díot.’

‘Maise, nár chóir go ligfeá dó?’ arsa an mháthair, go míshásta. ‘Ní fhaca mé aon duine riamh a bhí trom ar dhaoine óga nach raibh aithreachas ina dhiaidh air.’

D’éirigh Éamann bocht agus chuaigh sé suas chun an tseomra. Chuaigh sé go dtí bosca a bhí sa choirnéal agus d’fhoscail sé é. Bhí snáth glas agus buí istigh ann, snáth a bhéarfaí do sheanMhurchadh Mac an Bhaird le casadh, agus a d’fhuaifeadh a mháthair go gradamach ar chulaith Éamainn oíche an seisiú lá déag. D’fhan sé tamall fada ag amharc air, agus a cheann bán crom agus a ghruaig anuas ar a éadan, ag amharc ar ábhar an chathéide a dhéanfadh fear éifeachtach de Lá Fhéile Pádraig.

NUAIR a bhí siad réidh leis na gléasraí ceoil, oíche an dóú lá déag de Mhárta, chuaigh cuid fear an Druma isteach tigh Sheáin Mhacadáin go dtéadh siad i gcomhairle fá ghnoithe an lae mhóir. Bhí ceisteanna achrannacha le socrú acu, cé acu a rachadh siad go Droichead Chró na gCaorthann nó go léana an Mhachaire Dheirg, agus cé acu a bhéarfadh siad an Druma anuas an bealach thoir nó an bealach thiar. Ach ba í an cheist ba deacaire dá raibh ina láthair teach a fháil fá choinne dhamhsa na hoíche. Ní raibh aon teach ar an bhaile a mb'fhiú damhsa a choinneáil ann ach teach na scoile, agus chaithfí sin a iarraidh ar shagart na paróiste.

‘Beidh obair aige a tabhairt daoibh,’ arsa Antain Mhurchaidh; ‘ach, ina dhiaidh sin, mura mbeadh beo ach mé féin chuirfinn ina láthair é.’

‘Dá mbeadh Proinsias Bheagaide linn leis an chaint a dhéanamh,’ arsa Seán Mhacadáin, ‘rachainn féin ar an dara fear. Rachainn siar amárach ach gurb é go bhfuil eagla orm an bhó dhrochmhúinte a fhágáil i muinín Eibhlín.’

‘Is fearr duit scéala a chur chuig an tsagart,’ arsa Tarlach, ‘gur bó dhrochmhúinte atá agat a choinnigh sa bhaile thú. Anois, a fheara, de gheall ar Dhia agus abraigí go rachaidh sibh nó go bhfanfaidh sibh.’

‘Rachaimid,’ arsa Proinsias Bheagaide. *‘If you’ll nothing venthur you’ll nothing win.* Ní thig leis a dhéanamh ach ár ndiúltú.’

‘Tá an ceart agat,’ arsa Diarmaid. ‘Beidh mise leat.’

‘An rachaidh tusa, a Sheáin Óig?’

‘Bhfuil a fhios agat, a ghiolla seo,’ arsa Seán Óg, ‘nach maith liom dul ar a ghaobhar ón lá a chuaigh mé fána choinne do sheanGhráinne an Phíopa. An chúrcáil gan urchóid a rinne mé ar chailín an tsagairt an lá sin, dóbair go rachadh sí i mo cheann dom. Ach gurb é gur shíl sí gur as Doire Eadarbhaile mé, chuirfí ó adhlacadh Chríostúil mé.’

‘Á, maise, dar Dia,’ arsa Tarlach, ‘níorbh fhiú duit do chur i gcúirt easpaig ar mhaithe léi. Dheamhan i bhfad go raibh adhlacadh Críostúil a dhíth uirthi féin.’

‘Á, caor thine ar an amaidí!’ arsa Diarmaid. ‘An bhfuil dada eile eadar lámha againn?’

‘Maise, tá ár sáith eadar lámha againn,’ arsa Tarlach, ‘agus gan cailín an tsagairt a bheith eadar lámha againn.’

‘Má tá, socraigí é,’ arsa Diarmaid.

Chuaigh siad chun an bhaile, agus bhí gléas ar achan fhear acu an oíche a chodladh ach Proinsias Bheagaide. Ar a ghuailleacha-sean a bhí iomlán an mheáchain. Bhí aige an lá arna mhárach le dul isteach ina theach féin chuig sagart na paróiste agus le teangmháil a thabhairt dó agus lena scoil a mhealladh uaidh. I ndiaidh a dhul a luí san oíche thoisigh sé a mheabhrú. Creidim gur go dtí an doras cúil a chaitheadh sé dul, agus go mbeadh an cailín giorraisc leis. Dá mbeadh sé ní b’airde sa tsaol d’fhéadfadh sé dul isteach ar an doras tosaigh. Bheadh an sagart ag iarraidh a thachtadh le caint. Níor mhiste leis ach sin.

I dtaca le trioc galánta agus le seomraí saibhre, ba chuma

leis fá sin. Chonaic sé barraíocht den tsaol. Bhí sé a fhad fá dhaoirse agus go raibh sé tuigte aige go raibh neamhiontas déanta ag an tsaol dá dhaoirse. Ba é gnoithe na cainte ba mheasa. B'fhurast labhairt le cuid doirneálach Ros Cuain. Ba mhairg a bhí gan léann . . . Caor thine air, mura raibh dóigh aige air! Labharfadh sé i nGaeilge. Bhí *organizer* (timire a thug sé féin air féin, ach bhí a dhá láimh róbhog le é aon lá timireachta a dhéanamh riamh) i Log na Daraí, agus chuir sé craobh de Chonradh na Gaeilge ar bun ann an mhí roimhe sin. Bheadh leisc ar an tsagart gan Gaeilge a labhairt. Dar le Proinsias go raibh leis, agus níorbh fhada gur thit a néal air.

An lá arna mhárach tháinig Diarmaid agus Tarlach Néill chuige agus chuaigh an triúr siar go Ceann an Chamais chuig sagart na Paróiste. Bhí a gcuid cultacha gorma orthu agus a gcuid léinte geala, mar a bheadh orthu Domhnach nó lá saoire. Chor siad amach ón bhealach mhór ag Mín an Fhéidh agus chuaigh siad aichearra an Chaoráin. Bhí maidin bhreá fhionnfhuar ann, agus ní iarrfadh duine de phléisiúr ach ag siúl an tsléibhe. Bhí meithleacha ag baint mhóna thall agus abhus, agus bheannaigh siad do na fir ag dul thart dóibh. Shiúil siad leo, Proinsias agus a bhráithre, thart le lochanna a raibh scáile dheireadh an domhain iontu, agus ar cheasaíocha a bhí ag dul tríd an chaorán ó na tithe agus ó na bóithre go dtí an mhóin. Shiúil siad tortóga agus seasainn agus abracha agus a gcuid éadaigh Domhnaigh orthu agus, mar is dual don té a tógadh leis, shiúil siad iad gan truisle, gan leagan, gan leonadh.

Fá dheireadh tháinig siad amach ar bhealach mhór Cheann an Chamais. D'éirigh na tithe dlúth. Bhí ní ba mhó de thithe sclátaí agus de shiopaí le feiceáil ná a bhí i

Ros Cuain. Bhí an Béarla ag éirí fairsing, fosta. D'aithneofa go raibh tú ag tarraingt ar shráidbhaile bheag de chuid na hÉireann; d'aithneofa ar na daoine ag siúl an bhealaigh mhóir é. Bhí díomúineadh éigin in amharc a súl, mura labhradh siad ar chor ar bith. Agus bhí sé de bhua ar chuid fear Ros Cuain gurbh fhearr leo siúl isteach sa chathair ba mhó in Albain ná i sráidbhaile bheag in aice lena mbaile dúchais. Thigeadh fuacht nimhneach ina gcroí nuair a thigeadh orthu dul fá na bailte scallta seo. Agus, de réir mar bhí siad ag druidim le Ceann an Chamais, bhí a n-aighe ag éirí míshásta. Ach ní aithneofa ar a ngrua é, ach a oiread agus d'aithneofa ar Chnoc an Eargail é.

Ach duine sochmaí a bhí i sagart na paróiste. Fear íseal cothaithe a bhí ann a raibh ceann liath air. Bhí sé pléisiúrtha go leor nuair a tháinig siad isteach agus a gcuid bearád ina láimh leo. B'fhiú dearcadh air féin agus ar Phroinsias Bheagaide os coinne a chéile.

Ní raibh an Ghaeilge rómhaith ag an tsagart.

'Good morning,' ar seisean. 'What can I do for you?'

'Le bhur dtoil, a shagairt,' arsa Proinsias Bheagaide, 'tháinig muidne anoir as Ros Cuain, agus ba mhaith linn labhairt leat fá dtaobh de ghnoithe damhsa Oíche Fhéile Pádraig.'

'Oh, yes. I haven't been over there since the stations. How is that old man—Ward is his name, I think—old Murty Ward?'

'Tá sé go maith, ach ní óg atá sé ag éirí,' arsa Proinsias. 'Ach, a shagairt, ba mhaith linn gnoithe an damhsa a chur i do láthair.'

'Oh, you want the school, I suppose. Well, now, you know the national schools cannot be used as dance-halls, except for special purposes.'

‘Le bhur dtoil a shagairt,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘Níl muidne ag iarraidh damhsa, nó tá mise agus mo leithéidí thar aois damhsa. Ach tá lán baile de aos óg ansin, agus ní fhanfaidh siad istigh, agus, dá mhéad caitheamh aimsire dá mbeidh acu, is amhlaidh is lú urchóid a dhéanfas siad. Tá a fhios agaibh go bhfuil an baile ina dhá leith agus gur furast iaróg a thógáil. Anois, beidh damhsa ag an dream eile, ag na *Hibernians*, sa tseanscoil, agus mura raibh áit chuideachta ar bith ag ár gcuid aois óig-ne, cruinneoidh siad fá dhoras na seanscoile agus beidh an bruínteachas ann. Muidne a bhfuil rud beag dearcaidh againn, tháinig muid seacht míle trasna an tsléibhe go n-iarraimis an scoil ort de gheall ar na daoine a choinneáil óna n-aimhleas.’

‘Chluin mé fán *split* sin,’ arsa an sagart. ‘*And, Doogan, I heard that you were responsible for it. Now. . . .*’

‘Le bhur dtoil, a shagairt,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘tá dhá thaobh ar an chóir agus ar an éagóir. Ní raibh aon fhear riamh san éagóir go hiomlán. Dá mbeadh sibhse san áit a bhfuil mise, agus fear taobh thall díom atá in aghaidh na *Hibernians*, agus fear taobh abhus díom atá mar an gcéanna, thuigfeadh sibh mo chás. Is maol guala gan bráthair. Nuair a chonaic mise go raibh an iaróg ar bun, dar liom go rachainn d’aontaoibh le mo chuid comharsana agus go bhféachfainn le cúl a choinneáil orthu achan uair dá mbeadh siad ag éirí róthintrí. Agus anois, a shagairt, má bhíonn bualadh ar bith Oíche Fhéile Pádraig ann, beidh aithreachas oraibhse nach dtug sibh an scoil dúinn agus an dá scaifte a choinneáil scartha ó chéile.’

‘B’fhéidir gurb í sin an fhírinne,’ arsa an sagart. ‘*But, Doogan, you know that the A.O.H. is a good organization—a friendly society and all that.*’

‘Féadann sin,’ arsa Proinsias, agus ghoill sé go dtí an croí

air na focla céanna a rá. ‘Ach goidé an mhaith sin, nuair atá daoine chomh díchéillí agus go loitfidh siad a chéile ar mhaithe le *society* ar bith, dá fheabhas í?’

‘Tím!’ arsa an sagart. ‘*Well, now, do you really think there may be trouble?*’

‘B’fhéidir gur leor a bhfuil ráite agamsa, a shagairt,’ arsa Proinsias. ‘Ach má bhíonn aon duine marbh i ndiaidh na hoíche, fágaim de fhianaise oraibhse, a shagairt, agus oraibhse, a fheara, go ndearna mise mo dhícheall.’

Chuir sé an sagart tríd a chéile.

‘*Good Heavens, no! You don’t suggest that such a thing would happen!*’ Thost sé tamall. ‘*I’ll see what I can do. And, Doogan, I hold you responsible for keeping order.*’

Bheir sé ar pháipéar agus scríobh sé litir chuig máistir na scoile, agus shín sé do Phroinsias í.

‘Tá drochGhaeilge agam,’ ar seisean, ‘ach beidh sibh go han-mhaith.’

‘Nílimid ag fáil lá loicht ar do chuid Gaeilge,’ arsa Proinsias. ‘Is í teanga na hÉireann í, mura mbeadh fágtha ach an greagán di.’

‘*That’s right, Doogan,*’ arsa an sagart. ‘*Tír gan teanga, tír gan anam. God bless you now!*’

ARDTRÁTHNÓNA, an lá roimh Lá Fhéile Pádraig, chuaigh Éamann Néill Óig anonn go héasca agus go lúcháireach tigh Mhurchaidh Mhic an Bhaird. Ní raibh dada ar a intinn ach snáth, agus shíl sé nár cheart do Mhurchadh a bheith ag smaoineamh ar shnáth ar bith ach a chuidsean. Ach d'iarr Murchadh air suí go mbeadh corda Dhiarmada déanta aige. Bhí ilghairdeas mór uilig orthu fán dóigh ar éirigh leo an scoil a fháil.

‘Is cuma cé acu,’ arsa Antain Mhurchaidh, ‘tá deis a labhartha ag Proinsias Bheagaide. Rinne sé ciolar chiot de shagart na paróiste.’

Bhí Peadar Mhurchaidh ina *Hibernian*, mar a bhí riamh.

‘Ó, rinne is tusa,’ ar seisean. ‘Tá a fhios agam féin go dtiocfadh leis-sean caint a choinneáil le sagart na paróiste.’

‘Níl i sagart na paróiste ach fear mar fhear ar bith eile,’ arsa Antain.

‘*That’s right*,’ arsa Eoin Mháirtín. ‘Níor cheart a dhath de shotal a thabhairt dó, ach go díreach “*Gerout!*” a rá leis.’

‘Eoin an chinn mhóir,’ arsa seanMhurchadh, ‘bí thusa i do thost!’

‘Ar scor ar bith, ina shagart paróiste agus mar atá sé, bhuail Proinsias Bheagaide amach sa chaint é, agus fuair sé an scoil,’ arsa Antain.

‘Chaith sé chugaibh í; ní bheadh sé gabhte ag éisteacht libh,’ arsa Peadar.

‘Fuair muid an scoil,’ arsa Antain, ‘agus fuair muid an Druma, agus beidh an baile faoinár gcosa.’

‘Scrios Dé orts!’ arsa Peadar. ‘Ní ligfinn do thriúr de do chineál mé a chur faoina gcosa.’

‘A thiarcais ó, a bhuachaillí, an mbéarfaidh sibh greim ar an bheagán céille a d’fhág Dia agaibh? Ní bheidh an baile thíos nó thuas le ceachtar agaibhse.’

‘Troid atá a dhíth air,’ arsa Antain. ‘Ní bheinn gabhte ag caint leat. Tá mé ag gabháil amach a ghiollacht mo chuid talaimh.’

‘A thiarcais,’ arsa seanMhurchadh, ‘cé d’fhág talamh agatsa? “Ó Dónaill ar an Chalbhadh is gan ach Mánas ar a athair!”’

Fuair Éamann Néill Óig a chuid corda agus d’imigh sé anonn chun an bhaile. Agus, an dá luas agus a chuaigh, d’fhág a mháthair ina diaidh a cuid cleiteála agus thoisigh a fhuáil na gcordaí ar a chulaith Dhomhnaigh. Cuireadh na seamróga geala ar ucht a chasóige agus cuireadh na scothóga ar na guailleacha agus cuireadh na ribíní ar a bhríste. Ansin b’éigean dó an chulaith a chur air agus siúl aníos is síos tríd an teach go bhfeicfí é agus go molfaí é. Cé a tháinig isteach air ach California.

‘*Bout turn—quick march!*’ arsa California.

‘Maise, a Shéimí, is tú an chuideachta. Fan, a leanbh, go dtuga California tamall druil duit.’

Agus rinne California sin. Choinnigh sé an stócach anonn agus anall agus aníos agus síos ar fud na cisteanáí ar feadh leathuaire, agus é chomh dáiríre agus dá mbeadh sé i gcuibhreann agus míle fear aige. Agus, ár ndóigh, bhí an

dúbhród ar an mháthair as a mac, agus dar léi nach raibh aon fhear ar bráid chomh heolach le California.

Bhí Niall ag duscaireacht fá na bóithigh agus tháinig sé isteach.

‘Shíl mé go raibh ní ba mhó de chéill ná sin agat, a Shéimí Uí Bhaoill, dá olcas thú,’ ar seisean. ‘Cuirfidh tú an sreamaide gasúra sin amobha orm.’

‘M’anam, maise, nach sreamaide ar bith é,’ arsa California, ‘ach stócach chomh breá agus a chonaic mé ar bhuille mo dhá shúl riamh. B’fhéidir go síleann tusa nach bhfuil maith sa druil, ach deirimse leat go bhfuil stócach óg ar bith millte gan druil. Agamsa atá a fhios sin. Chonaic mise cuid fear Mheiriceá. Chonaic mé fosta “suíochán na Sasanach a bhfuil ann intleacht an tslóigh,” mar a dúirt Peadar Gréasaí.’

Ach bhí litríocht ag Niall fosta.

‘Nach é Peadar Gréasaí a dúirt “Ghluais an míle scailleagánta leis go Gibraltar?” Shílfeá gur ar an ógánach a bhí sé ag caint, é féin agus a chuid ribíní agus a chuid cos fada.’

‘Maise, a Thiarna, is tú an t-athair teaghlaigh is cadránta a chonaic mé riamh,’ arsa an mháthair.

Ach, ar scor ar bith, shuigh na fir agus rinne siad tamall comhrá. Bhí bó le Niall ag éileamh, agus bhí buidéal uisce bheatha istigh, agus nuair a fuair an bhean faill ar Niall thug sí braon do Chalifornia. Go dearfa, mhair Niall ag déanamh casaoide uirthi leis na comharsana go ceann ráithe ina dhiaidh.

‘Goidé do bharúil, an braon brandaí a thug mé isteach le cur i mbolg na bó nach dtug sí don *Yankee* amaideach sin é, cionn is gur mhol sé an ranglamán mic sin aici!’

An Lá Fhéile Pádraig sin bhí an ghrian chomh geal lúcháir-each agus a chonacthas riamh í. Chuaigh a oiread daoine chun an Aifrinn agus a chuaigh an Lá Fhéile Pádraig roimhe sin. Tháinig muintir Ros Cuain amach lena gcuid bratach agus a gcuid gléasraí ceoil, agus is iomaí duine a chuir sonrú iontu. Nó bhí dhá bhua an lá seo acu nach raibh an bhliain roimhe sin acu. Bhí an drumadóir acu ab fhearr sa phobal. Bhí achan duine ag amharc ar Éamann Néill Óig agus ag déanamh iontais den mhéid a bhí ann, agus den láimh a bhí ar an drumma aige. Agus bhí na fir uilig chomh hoilte ag California agus go sílfeá gur shaighdiúirí airm iad.

Ní hé amháin go raibh an choiscéim leo, ach bhí siad ábalta rudaí a dhéanamh nach bhfacthas san áit riamh roimhe. Bhuaileadh an drumadóir *cadence* ar an drumma, agus bhí sin nua ag na daoine. Bhíothas ag inse i gcogar go raibh ‘*caden*’ ag Drumma Ros Cuain. Agus rinne siad an *grand circle* ag geafta theach an phobail. Bhí siad éifeachtach an lá céanna, agus bhí bród orthu ag teacht chun an bhaile nuair a bhí an lá thart—na fir a shíolraigh ó chuid marcach Uí Dhónaill agus ó chuid gallóglach Mhic Shuibhne na dTuath!

Ach ní raibh fear ar bith ina measc ba mhó a raibh áthas air an lá sin ná Éamann Mór Néill Óig. I ndiaidh gach drochmheas dá bhfuarthas riamh air, bhí sé ina bhuachaill: bhí sé ocht mbliana déag agus é ag bualadh an drumma. I ndiaidh gach uair ar fheall air bualadh mar ab áin leis, bhí sé ina dhrumadóir dhéanta fá dheireadh. Bhuaill sé mar bheadh fear ann nach mbeadh ag dúil go gcasfaí drumma le bualadh choíche arís aige, agus ní raibh sásamh ar bith air nuair a tháinig Tarlach Néill anall chuige agus d’iarr sé air an drumma a thabhairt dósan agus a scíste a dhéanamh. Bhí a

chuid éadaigh fliuch báite le hallas an oíche sin, agus ar maidin an lá arna mhárach bhí an slaghdán air.

‘Sin an rud atá ar shon do chuid drumadóireachta agat,’ arsa Niall leis. ‘Beidh tú ag culfarsaigh anois go raibh an Fhéile Eoin ann.’

CHUAIGH trí bliana eile thart. Trí bliana a bhí caite sula dtug aon duine faoi deara iad. Fuair seandaoine bás i Ros Cuain, cuid acu a bhí suas le céad bliain d'aois. Fuair corrdhuine óg bás, fosta: máthair a d'fhág muirín de pháistí laga ina diaidh, nó buachaill i dtús a óige. Pósadh lánúineacha. Cuireadh trí bharr agus baineadh iad. Bhíothas ag comhrá fá na rudaí a bhí chomh sean leis an chine daonna, agus bhíothas ag caint corruair, fosta, ar na rudaí a bhí ar na páipéir: an Cogadh Mór a bhí thall sa Fhrainc, agus an iaróg a bhí i mBaile Átha Cliath eadar Éireannaigh agus Sasanaigh. Chuaigh fear nó dhó as an áit in Arm na Sasana agus tháinig siad chun an bhaile ar laetha saoire agus cultacha buí saighdiúra orthu. Labhair cupla duine feasach ar Sinn Féin. Ach '*Sin Fane*' a thug siad air, mar a thugadh lucht an Bhéarla air, agus níor tuigeadh iad.

Níl lá ar bith nach líonann sé agus nach dtránn sé. Tá sruth líonta agus sruth trá i nádúir an duine fosta. Tá sruth líonta agus sruth trá i saol an duine. Cibé nach raibh barr láin, bhí Ord Ársa na nÉireannach, agus thoisigh sé a thrá ar feadh na dtrí mblian seo. Thráigh sé i Ros Cuain chomh maith le háit ar bith eile in Éirinn. Ní raibh a fhios ag na daoine go rómhaith goidé an fáth. Ní raibh a fhios acu go

raibh an tOrd Ársa mar chúl taca ag Páirtí Sheáin Réamainn; agus ní raibh a fhios acu gur éirigh fear éifeachtach i mBaile Átha Cliath agus gur dhúirt sé an chaint seo fán Pháirtí chéanna:

‘Sháraigh ar ghlúnta eile Éireannach, ach má sháraigh, sháraigh orthu go huasal. Sháraigh ar an ghlún atá beo fá láthair go fabhtach agus go náireach, óir níor fhuascail fear ar bith as an tuataíl iad le gaisce a chuid gníomhartha.’

Agus ó tharla gur chreid an fear sin ina chuid cainte, agus go bhfuair sé bás ar son a chuid cainte, thug muintir na hÉireann cúl do Pháirtí Sheáin Réamainn agus do Ord Ársa na nÉireannach.

Bhí corrscíontachán ag imeacht uathu an seachtú bliain déag, agus an t-ochtú bliain déag bhí an leath ba mhó de lucht a leanúna cailte acu. Bhí lúcháir mhór ar na *Sons of St. Patrick* nuair a chonaic siad go ndeachaigh muintir Bhaile Átha Cliath d’aon leath leo féin, nó ba sin an dóigh ar dhearc siad air. Thoisigh siad a rá:

‘Is mór an gar na *Hibernians* buailte, nó nuair a bhí muidne lag ba iad a bhí olc.’

‘Thoisigh Sinn Féin agus na *Sons of St. Patrick* a dhéanamh mór le chéile. Thoisigh daoine a chrochadh pioctúirí de Phádraig Mac Piarais agus de Shéamas Ó Conghaile sna tithe; agus níorbh fhada go dtáinig gnoithe achrannach i mbealach na *Sons* de thairbhe Sinn Féin. Bhí Dónall Ó Conaill agus Naomh Pádraig ar an bhratach acu. Bhí Pádraig ceart go leor, ar ndóigh, ach léigh duine éigin gur drochÉireannach a bhí i nDónall Ó Conaill agus gur mhó an dochar ná an sochar dá thír é. Toisíodh a scansáil fán cheist nuair a chruinnigh siad an bhliain seo a chleachtadh fá choinne Lá Fhéile Pádraig.

‘Dónall Ó Conaill a bhí riamh againn uirthi,’ arsa Seán

Mhacadáin, ‘agus Dónall Ó Conaill a bhí ag ár n-aithreacha romhainn uirthi.’

‘Is cuma sa diabhal goidé a bhí ag ár n-aithreacha,’ arsa Diarmaid, ‘ach goidé ba cheart dúinne a bheith againn.’

‘Tá an ceart agat,’ arsa Tarlach Néill. ‘Dá gcuirimis i gcead ár gcuid aithreacha é, ní bheadh Dónall Ó Conaill ná Dónall ar bith eile againn ach an spád agus an cliabh. Síleann ár n-aithreacha nach bhfuil cead ag dream ar bith a bheith óg ach iad féin.’

‘Anois,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘mura gcuirimid Dónall Ó Conaill uirthi, cé a chuirfimid uirthi?’

‘John Mitchel,’ arsa Antain Mhurchaidh. ‘Nach bhfuil sé san amhrán leis na blianta:

*I am a true-born Irishman,
John Mitchel is my name,
And for to join my countrymen
From Newry town I came.’*

‘Níl ciall ar bith leis sin,’ arsa Diarmaid. ‘Nach raibh sé chomh maith agat Jerry Lanigan a chur uirthi cionn is amhrán a bheith ann a bhfuil *Lanigan’s Ball* air?’

‘Más olc maoil is measa mullóg,’ arsa Tarlach Néill. ‘Goidé a rinne Jerry Lanigan riamh do Éirinn?’

‘Caithfimid rud éigin a dhéanamh,’ arsa Diarmaid, ‘agus gan a bheith ar obair ag scansáil mar seo.’

‘Ceist agam ort, a Chalifornia,’ arsa Seán Óg Sheáin Mhóir. ‘Cad chuige nach bhfuil sé ceart Donall Ó Conaill a bheith feasta linn?’

‘Tá,’ arsa California go céillí, ‘chuir Dónall Ó Conaill cuireadh aon uair amháin ar mhuintir na hÉireann a theacht go Baile Átha Cliath agus tháinig siad, a oiread acu

agus nach bhfaca aon duine agaibhse cruinn i gcuideachta riamh. Tháinig leathmhilliún acu, agus d'fhuagair an *Government* nach mbeadh cead an cruinniú a bheith ann, agus chuir siad scaifte beag saighdiúirí lena scabadh. Agus chuaigh Dónall Ó Conaill ar a chúl ann agus chuir sé na daoine chun an bhaile.'

'Níorbh fhear ar bith é,' arsa Diarmaid.

'Agus chuaigh Pádraig Mac Piarais amach agus gan leis ach naoi nó deich de chéadta fear, agus chuir sé cogadh ar Arm na Sasana, agus throid sé a fhad agus chuaigh sé. Anois, bíodh bhur rogha féin agaibh.'

'Sin an fear a rachas ar an *flag*,' arsa Diarmaid.

Ní raibh mórán le rá ag Proinsias Bheagaide an lá seo. Níor thaitin Sinn Féin leis. Bhí a pháirtí féin aigesean, agus ní raibh fáilte ar bith aige roimh dhream úr ar bith a thiocfadh aníos. Nó bhí sé ag éirí aosta, agus nuair a éiríos fear aosta imíonn an fhéile as a chroí. Bhí fearg air leis na stócaigh. Dar leis nach raibh buíochas ar bith acu air as an tsaothar a rinne sé ar a son, ar an dóigh ar bhain sé amach an Druma dóibh, agus ar an dóigh ar chuir sé na *Sons of St. Patrick* ar bun dóibh agus ar an dóigh ar bhain sé an scoil de shagart na paróiste. Níl cuimhne ar an arán a itear, dar leis. B'fhearr leo comhairle a iarraidh ar Chalifornia nach ndearna a dhath riamh dóibh ach a gcuid biotáilte a ól.

Chuir siad an Piarsach ar an bhratach agus shiúil siad an lá sin, agus ba é an chéad Lá Fhéile Pádraig é le blianta nach dtáinig an tOrd Ársa amach fá líon slua. Bhí siad ina seasamh ina gcomhthionóil thall agus abhus agus cuma nimhneach ghruama orthu. Bhí an sásamh sin ag Proinsias Bheagaide orthu, go bhfaca sé an lá ar fágadh gan éifeacht agus gan dóchas iad. Ach ní aithneodh duine gruaim nó

áthas air, ach é ag siúl agus a chlaíomh maide leis, agus é ina Phroinsias mar bhí riamh.

Fuair Éamann Mór Néill Óig an chliú drumadóra an lá seo ab fhearr a fuair sé go fóill. Chan ag meath a bhí sé, ár ndóigh, de réir mar bhí na blianta ag gabháil thart. Agus a fhad agus bhí an tOrd Ársa láidir sa phobal ní ligfeadh a gcroí do dhaoine a cheart a thabhairt dó. Ach an lá seo bhí achan duine ag caint air. Tháinig Diarmaid agus Tarlach air tráthnóna, thiar tigh Phádraig Ruaidh ar an Mhachaire Dhearg, agus ní dhéanfaidh a dhath maith dóibh ach ólachán a thabhairt dó. Ba sin an chéad uair a d'ól sé aon deor agus bhí an dubheagla air go mothódh a athair an boladh as nuair a rachadh sé chun an bhaile.

Chuir sé cuid mhór allais an lá sin, agus tháinig sprais throm fheartanna a fhliuch go craiceann é, fosta. D'fhan sé ag an damhsa sa scoil gur scab sé, agus dar leis nach raibh sé go maith ar chor ar bith ag dul a luí an oíche sin dó. Agus an lá ar na mhárach ní raibh sé ábalta éirí.

Bhí casachtach i rith an tséasúir air ina dhiaidh seo. Bhí Niall ag gabháil thart ag manrán agus ag gearán nach raibh aon duine aige a chuideodh leis an t-earrach a dhéanamh. Bhí an bhean ag éagaoín agus ag baint feochadán agus báchrán, agus achan luibh a gcuala sí leigheas a bheith inti. Bhí Éamann ag éirí tanaí ina ghné agus ina chliabh-rach. Chuaigh sé anonn chuig an dochtúir agus ní bhfuair sé mórán uchtaigh uaidh. Bhí muintir an bhaile ag caint air ar feadh tamaill agus ag rá go raibh sé maith go leor murar fhág an Druma faoi na fóide é. Agus fá dheireadh rinneadh dearmad de.

Ach an té a rachadh isteach ann, gheobhadh sé gruaim sa teach agus Éamann ina shuí os cionn na tine agus droch-chuma air.

‘Ar shiúl le drumaí go gcuire siad iad féin amach as a sláinte,’ a déarfadh Niall, ‘agus ansin ina suí i rith earraigh ag caitheamh airgid le dochtúirí.’

‘Títheas dom go bhfuil mo leanbh ag bisiú ina ghné,’ a déarfadh an bhean.

AN bhliain ina dhiaidh sin, cuireadh Óglaigh na hÉireann ar bun ar an Mhachaire Dhearg. Agus i dtrátha an ama chéanna d'imigh na péas as beairic Log na Daraí. Bhí cuma an chogaidh ag teacht ar an tír. Beireadh ar stócach sa dara paróiste agus tugadh dhá bhliain i bpríosún dó as piostal a bheith aige. Bhí an t-iomrá go raibh an marfach dearg ann suas an tír. Níor mhaith le daoine a bheith ag caint ar na gnoithí ar chor ar bith, mar a bhíodh siad ag caint ar an Chogadh Mhór. Is deacair a thuigbheáil cad chuige nach raibh, ach is dóigh liom gurbh é an bharúil a bhí ag formhór na ndaoine narbh fhiú a bheith ag caint air. Tuigeann an Gael a dhaoirse féin níos fearr ná a shamhlaítear.

Tháinig fear ar a sheachnadh go Ros Cuain. Buachaill caol dubh a bhí ann agus drochGhaeilge aige. Ní raibh sé i bhfad san áit gur bhuail cuid de na stócaigh suas leis. Ní thugadh siad ainm Gaeilge ar chor ar bith air, ach ainm Béarla: MacHugh. Ba ghairid go raibh aithne mhaith ag MacHugh ar an aos óg, agus níor mhothaigh na daoine go raibh cúig nó sé de chloigne de na stócaigh sna hÓglaigh aige. Agus, ní nach ionadh, níorbh iad na fir a bhí san Ord Ársa a mb'fhusa leo dul ina leith, ach an chuid a bhí sna *Sons of St. Partick*. Chruinnigh siad ag áith aoil ar thaobh an bhealaigh mhóir agus thoisigh siad a fhoghlaím druil.

Nuair a chonaic Proinsias Bheagaide seo bhí a fhios aige go raibh nóin bheag agus deireadh an lae ag teacht air féin. Tráthnóna Domhnaigh amháin dá raibh cruinniú ag na *Sons of St. Patrick* ní raibh os cionn leath na bhfear ann.

‘Shílfeá,’ arsa Proinsias, ‘go bhfuilimid ag éirí lag.’

‘Tá,’ arsa Tarlach Néill. ‘Tá na fir dár bhfágáil agus ag gabháil sna hÓglaigh.’

‘Damnú ar MhacHugh sin; ba cheart é a sheilg amach as an bhaile,’ arsa Antain Mhurchaidh.

‘Is fearr daoibh an bealach a thabhairt do MhacHugh,’ arsa Tarlach. ‘Is é mar atá sé, a fheara, go bhfuil muidne coscartha. Ní thug mé aird ar na glas-stócaigh sin imeacht, ach nuair a d’fhág Diarmaid agus Seán Óg muid is gairid anois a bheas aon duine againn.’

‘Nár shíl mé,’ arsa Proinsias, ‘go raibh Diarmaid in éadan Pádraig Mac Piarais a chur ar an bhratach an Lá Fhéile Pádraig seo a chuaigh thart?’

‘Is iomaí cor a chuir an saol de ó bhí Lá Fhéile Pádraig seo a chuaigh thart ann,’ arsa Tarlach. ‘Inné féin a bhí mé ag caint le Seán Óg, agus d’fhiafraigh mé de an raibh siad ag brath siúl sa Druma i mbliana. Dúirt sé go raibh eagla air nach raibh, go raibh sé cineál amaideach ag fear a bheith ar shiúl agus ribíní air agus gan a fhios aige cad chuige. Agus damnú go mb’éigean dom a admháil go raibh cuid mhór den cheart aige.’

Rinne Proinsias Bheagaide osna.

‘Cluinim go bhfuil damhsa le a bheith tigh Mháire Duibhe oíche Aoine,’ arsa Antain Mhurchaidh. ‘Caithfimid a dhul ann agus an t-urlár a choinneáil orthu.’

‘Gabhaigí,’ arsa Proinsias Bheagaide, ‘agus beidh mise libh.’

‘Ní bheidh a dhath le déanamh agam féin leis na gnoithe,’ arsa Tarlach Néill.

Ach dar leis an chuid eile go rachadh siad agus go gcuirfeadh siad troid ar na hóglaigh. Rinne Proinsias Bheagaide a oiread mioscaise agus a tháinig leis. Thug sé leis na fir síos chuig Micheál Beag an Phoitín gur ól siad braon roimh an damhsa, agus ansin bhí sé leo tigh Mháire Duibhe. An chéad chúrsa damhsa a thoisigh, d’éirigh siad uilig agus choinnigh siad an t-urlár go raibh leath am luí ann, agus iad ag scairtigh agus ag déanamh gleo.

Níorbh fhada go dtáinig MacHugh agus a chuid fear. Thug sé ordú do na *Sons* suí. Ní shuífeadh. Chuaigh a chuid fear a bhreith orthu agus thoisigh an troid. Níor socraíodh an teach gur tharraing MacHugh piostal as a phóca. Rinn-eadh príosúnaigh ansin de cheathrar de na *Sons* agus coinníodh cúirt airm orthu. D’admhaigh siad gurbh é Proinsias Bheagaide a chuir suas leis iad agus go dtug sé poitín dóibh, agus lig MacHugh ar shiúl le bagar iad.

Nuair a beireadh ar an cheathrar stócach d’imigh Proinsias Bheagaide chun an bhaile. Casadh Tarlach Néill sa doras dó agus d’aithin sé ar a dhá shuíl go raibh an dúfhearg air leis. Níor iarr aon duine a bheith le Proinsias chun an bhaile. Bhí cuma orthu go raibh siad ag déanamh nach raibh sé sona a bheith ag siúl leis. D’imigh sé síos na creagacha agus coiscéim throm leis, agus nuair a chuaigh sé isteach chuig Méabha Shéamais níor labhair sé ach suí agus amharc go gruama isteach sa tine.

Nuair a bhí Proinsias i ndiaidh éirí óna dhinnéar an lá arna mhárach chonaic sé ceathrar fear ag tarraingt ar an teach. Níorbh fhada gur aithin sé iad. Bhí Seán Óg Sheáin Mhóir ann agus cupla stócach ab óige ná sin—triúr a bhí i ndiaidh na *Sons of St. Patrick* a fhágáil. Ba é MacHugh an

ceathrú fear. D'fhan beirt acu taobh amuigh den teach agus shiúil an bheirt eile isteach.

‘Táimid ag breith ort,’ arsa MacHugh.

D’amharc Proinsias orthu, agus níor labhair sé ar feadh tamaill bhig. Bheir sé greim ar a chéill agus dúirt sé fá dheireadh:

‘Maith go leor; beidh mise libh, cár bith atá i m’aghaidh agaibh?’

D’éirigh Méabha ina ciafairt tríd an teach, ag borrchaoineadh:

‘A bhuachaillí, a bhuachaillí, ná maraigí é, ná maraigí orm é.’

‘Bí i do thost, a bhean chroí,’ arsa Proinsias, go grusach, ‘agus ná déan ciafairt díot féin.’

Tháinig beirt de na stócaigh a tógadh sa chomharsanacht aige, agus a bhí sa Druma ina chuideachta le blianta, agus chuartaigh siad achan phóca ar a chorp. Thug siad amach a phíopa, agus an conamar scillingeacha a bhí aige, agus scian phóca, agus a Choróin Mhuire, agus fiche rud eile is gnách a bheith i bpócaí. Rud goilliúnach a bheith ag láimhdeachas a leithéidí. Ach ní raibh rud ar bith ba truacánta dá bhfuair siad aige ná leabhar beag nótaí. Bhí scríobh scrábach olc inti. Bheir an ceann feadhna uirthi agus d’amharc sé tríthi. Seo an rud a bhí inti:

Sons of St. Patrick—Rule and regulation.

Rinne MacHugh leamhadh gáire agus shín sé do Sheán Óg í. Ach ní dhearna Seán Óg gáire ar bith ach an leabhar a chur isteach i bpóca Phroinsís arís, mar bheadh eagla air go dtabharfadh na clocha glasa faoi deara cadránta é.

Nuair a bhí sé cuartaithe acu thug siad leo soir an baile é

go dtí go gcoinníodh siad cúirt air. Bhí teach Néill Óig ar a mbealach, agus nuair a bhí siad ag teacht in aice leis thug siad faoi deara daoine cruinn fán teach. D'amharc siad ar a chéile.

‘Tá sé marbh!’ arsa Seán Óg.

Leis sin chuala siad caoineadh na máthar:

‘A Éamainn Mhóir, a Éamainn Mhóir, ba leat a thiocfadh an drumma a bhualadh, agus ba é an drumma a d’fhág faoi na fóide thú. Ba é an drumma dubh duitse é, óch, óch, óch!’

Shiúil siad leo. Bhí an beo agus an marbh ag tabhairt fianaise in aghaidh Phroinsís Bheagaide.

Coinníodh an chúirt agus fuarthas Proinsias coireach as a bheith ag cur in aghaidh Arm na Poblachta agus ag tógáil iaróige san áit. Teilgeadh chun príosúin é go ceann seachtaine agus cáineadh punt é. Ach bhí siad san fhaopach, ó tharla nach raibh príosún ar bith acu.

‘Cuirfimid ar Oileán an Bhairnigh é,’ arsa fear acu sa deireadh. ‘Ní heagal dó imeacht ar bharr na farraige orainn.’

Oileán beag a bhí in Oileán an Bhairnigh nár ghlac aon duine seilbh riamh air, ó tharla nach raibh sé ach deich slata fichead ar leithead. Bhí sé ceathrú míle amach ón chladach, agus nuair a bhíodh sé ina thráigh d’fhéadfadh duine dul isteach de chosa tiorma air. Ach bhí sé barr láin nuair a chuaigh siad síos chun an chladaigh. Thug siad leo curach agus chuaigh Proinsias agus an ceathrar gardaí isteach ann agus d’imigh trasna na mara.

Bhí teach beag ar an oileán ar ghnách le stiléirí a bheith ag obair ann. Chuaigh siad isteach ann agus d’fhadaigh siad tine. Chuir an simléir anuas go raibh an teach lán toite.

Bhí poill ar mhullach an tí agus, dá dtigeadh fearthainn, bheadh siad in ionad nár bhaol dóibh só.

Ach ní hé an só is dual do shaighdiúirí, agus is lú ná sin is dual do phríosúnaigh é. Shuigh Proinsias Bheagaide ar cloich, nó ní raibh cathaoireacha ar bith acu. Bhí an bheirt eile ina suí in aice leis, gunna ag fear acu agus piostal ag an fhear eile. Beirt stócach a tógadh sa doras aige, agus a bhí sna *Sons of St. Patrick* ina chuideachta, agus a bhí ag déanamh a chomhairle leis na blianta, agus a raibh meas ar a bharúil acu! Agus dá dtugadh sé iarraidh imeacht anois orthu, chaithfeadh siad é.

Ba ghoilliúnaí an príosún céad uair nuair ba iad a chomharsana féin a bheir air. Níor mhiste leis a bheith gafa ag coimhthígh. Ach ba seo rud nach ndéanfadh sé dearmad choíche de. Agus tháinig an donas go hiontach tobann air. Bhí sé chomh cleachta le slóite fear a bheith faoi leis na blianta agus gur shíl sé go mairfeadh sé mar sin choíche. Ní raibh sé ag dúil leis, nó dá mbeadh, ní dhéanfadh sé a aimhleas. Ach ní raibh faill aige go fóill a thuigbheáil go ndearna sé féin a aimhleas. Ní raibh dada ina cheann ach an fuath a bhí aige ar na stócaigh seo a bhí ina suí fá shlat dó agus dhá ghunna acu.

Dhearg sé a phíopa agus chaith sé é, gan focal a labhairt. Bhí an bheirt ag mionchomhrá eatarthu féin agus ag déanamh corrgháire. Dar le Proinsias gur chadránta na gáirí iad. Ní raibh mórán trua acu dó. Ní raibh trua ag duine ar bith dó. Bheifí ag caint air ag an fhaire anocht, agus déarfadh Tarlach Néill:

‘Tá sé ar shiúl go St. Helena!’

Ní raibh aon iaróg dá raibh ar an bhaile le cúig bliana nach ndéarfaí gurbh é ba chiontaí léi.

D’éirigh sé agus chuaigh sé amach, agus nuair a shiúil sé

cúig choiscéim bhí sé ag an chladach. Bhí sé ag trá, agus bhí an oitir fhliuch dheileoir ag nochtadh amach ó bhun na gcarraigeacha. Chuaigh sé thart an cladach. Bhí faoileoga móra ag imeacht mar bheadh saighde ann, deich slata le gach bogadh dá gcuid eiteog, os a chionn. Ní raibh iúl ar bith aige orthu. D'éirigh cailleach dhubh as an fharraige taobh thall de agus d'imigh sí sa spéir. Ní fhaca sé ar chor ar bith í. Ní fhaca sé ach an fuath a bhí ina chroí féin.

Thiontaigh sé thart agus bhí an bheirt stócach ag siúl ina dhiaidh. Bhí siad ag coinneáil súil chruaidh air. Bhí dona go leor nuair nach ligfeadh a chomharsana féin dó siúl thart an t-oileán gan a bheith ina dhiaidh. Shuigh sé.

D'fhan sé ansin go raibh nóin bheag agus deireadh an lae ann, agus go raibh an dorchadas ag luí anuas ar na tithe beaga thall i Ros Cuain. Chuaigh bád as an pharóiste thall thart fá fiche slat don oileán. D'aithin sé iad agus d'aithin siad é. Bhéarfadh sé ní maith ar a bheith istigh sa chró an t-am sin, amach as a n-amharc. Agus de bharr ar an ádh, chaithfeadh na stócaigh labhairt leo. D'amharc na fir air, agus chan go hiontach féin ach go coimhthíoch.

‘Ó, mo mhallacht ar Chlainn Bhaoiscne, deireadh oíche sa charraig!’

Chuaigh an tseachtain thart, agus seachtain fhada a bhí inti ag an phríosúnach agus ag na gardaí. Ligeadh Proinsias chun an bhaile. Shiúil sé isteach chuig Méabha Shéamais agus níor motháíodh gos ard ní ba mhó é.

NÍOR shiúil Druma Ros Cuain an bhliain sin ar chor ar bith. Agus dar le achan duine gurbh é an Lá Fhéile Pádraig é ab uaigní a chonaic siad riamh. Chruinnigh na stócaigh fá na hardáin agus chaith siad an tráthnóna go spadánta, gan comhrá féin acu. Ní raibh a fhios ag aon duine goidé a dhéanfadh sé leis féin. Bhí an saol mar bheadh teach folamh ann. Na seandaoine féin, bhí siad ag rá:

‘A Thiarna, nach é an Lá Fhéile Pádraig uaigneach é!’

Bhí sé uaigneach ag achan duine ach bean Néill Óig. Bhí sé ní ba mheasa ná a bheith uaigneach aicise, nó tháinig an chumha uilig arís uirthi nuair a smaoinigh sí ar an mhac a raibh an bród uirthi as an Lá Fhéile Pádraig a chuaigh thart. Agus creidim go raibh smaointe goilliúnacha ag Proinsias Bheagaide an lá céanna. Ach má bhí, ní thug aon duine faoi deara iad. Bhí chomh beag de iomrá ar Phroinsias agus a bhí ar Éamann Néill Óig, a bhí ina luí sa reilig ag bun Chnoc na Daraí agus an mhaoil a bhí os a chionn ag socrú síos agus an féar ag fás uirthi.

An bhliain ina dhiaidh sin, ba í bliain an chogaidh í. Bhí saighdiúirí na Sasana á marú i ngach gleann sa tír, agus bhíothas ag breith ar Éireannaigh agus á gcur chun

báis, agus bhíothas ag dó tithe. Ní tháinig mórán den chogadh go Ros Cuain. An áit a raibh na bailte móra agus na tithe siopa, ba sin an áit ba mhó a raibh iomrá léi. Ach, ina dhiaidh sin, dar leo go bhféadfadh siad an bheairic a dhó. Níor mhór an éacht é, nó bhí sí folamh. Oíche amháin, na daoine a bhí ag dul go teach an phobail chuig an Phaidrín, fuair siad fir ar an bhealach mhór rompu agus pilleadh chun an bhaile iad. Eadar sin agus an meán oíche bhí ga tine sa spéir, agus ar maidin an lá arna mhárach ní raibh fágtha den bheairic ach ballóg dhubh fheannta.

Bhí fear coimhthíoch ina chónaí i Lag na Daraí. Nuair a bhí na péas ansin ba ghnáth leis a bheith acu go mion agus go minic. Bhí daoine á rá go raibh sé féin sna péas. Ní raibh aon ainm fán áit air ach an *Protector*. Creidim gur *detective* a bhí na daoine ag iarraidh a rá. Fear milis slítheánta a bhí ann a raibh dúil mhór aige a bheith ag cur ceastóireachta ar dhaoine. Bhí sé iontach fiosrach ina dhiaidh seo, ag baint comhrá as achan duine, ó dhuine liath go leanbh. Níorbh fhada go dtáinig saighdiúirí díreach go dtí an teach a raibh MacHugh ann, agus ní raibh ann ach go bhfuair sé an rioball leis.

B'éigean do MhacHugh imeacht as an áit go ceann tamaill. Nuair a phill sé bhí an scéala leis gurbh é an Protector a rinne an spiadóireacht air. Rinne siad amach go mbeadh cúiteamh acu. Níorbh fhada gur caitheadh an Protector, oíche amháin a bhí sé ag teacht as teach an phobail. Níor cuireadh ach cupla grán ina leis, ach bhí tormán mór dá thairbhe. Tháinig saighdiúirí agus chuartaigh siad an áit. Nuair a bhí na saighdiúirí ag imeacht rinneadh luíochán rompu an taobh thiar den pharóiste, agus maraíodh cuid acu.

Ansin tháinig an cuartú mór. Tháinig saighdiúirí na Sasana ina mílte, slóite buí na Sasana anuas ó na cnoic, agus shiúil siad ar an tír mar shiúlfadh ráca ar cheannóga. Sin an áit a raibh an hullach hallach, agus gan a fhios ag aon duine cé acu ab fhearr dó teitheadh nó seasamh. Má bhí cotadh riamh ar Mhicheál Eoin fána bhlagaid, rinne sé dearmad di an lá seo. D'imigh sé sna featha fásaigh agus é ceanntarnocht, ag tarraingt ar scealpaigh sa chladach. Throid Micheál Beag an Phoitín agus Micheál Shéamais Uí Fhearaigh fá cé acu a gheobhadh moll stocanna cáil mar dhídean ar a namhaid. Agus cibé a d'imigh ar na saighdiúirí, d'imigh na hÓglaigh uilig orthu agus níor bheir siad ar aon duine ach daoine gan urchóid. Agus cé a bhí i measc na bpríosúnach ach Eoin Mháirtín. Ach níor choinnigh siad Eoin i bhfad, agus nuair a fuair sé cead a chinn dúirt sé, mar a dúirt sé céad uair cheana féin, gurbh é 'díogha gach úsáide' é.

Chuaigh MacHugh agus an scaifte beag a bhí ag géillstean dó isteach ar oileán a bhí giota maith i bhfarraige. Bhí siad cinnte nach leanfadh na saighdiúirí an fad sin iad, agus b'éadóiche long a theacht ón fharraige. Bhí muintir an oileáin fial flaithiúil leo agus chaith siad trí lá istigh, ag comhrá leis na daoine nó ag siúl fá na cladaigh. Agus an tríú lá tharla cruinn iad ar bhruach binne móire agus an fharraige ina luí faoin ghréin os a gcoinne amach go Ros Cuain.

Cuid fear an Druma a bhí uilig ann. Bhí Diarmaid ansin, agus Tarlach Néill, agus Seán Óg, agus naoi nó deich de chloigne eile. Shuigh siad ar charraig mhóir agus aer glan láidir na farraige ag teacht go hurrúnta san aghaidh orthu, ag líonadh a gcuid fola le neart.

'Níl a fhios agam an bhfuil siad ar shiúl,' arsa Seán Óg,

agus é ina sheasamh agus a ucht leis an charraig agus é ag amharc amach ar an fharraige.

‘Ní féidir dóibh a bheith i bhfad feasta,’ arsa MacHugh.

Leis sin chuir Diarmaid ceist air a bhí ina cheann le trí lá.

‘Goidé an mhaith atá sna gnoithe ar chor ar bith?’ ar seisean. ‘Dar Dia, táimid anseo agus muid chomh fann le scaifte crotach, agus na saighdiúirí ag éirí thuas ar an tír. Ar ndóigh, dá mbeadh gar dúinn a bheith ag troid!’

Ní raibh tuigse rómhaith ag MacHugh ar na fir seo. Tógadh Mac Hugh amuigh sa ghalltacht. Dá thairbhe sin, an chéad eolas a fuair sé ar an tsaol, fuair sé tríd airgead agus ór é. Teagascadh dó, gan fhios nó gos ard, drochmheas a bheith ar an duine bhocht aige agus urraim a bheith don duine shaibhir aige. Teagascadh dó, gan fhios nó gos ard, gan focal ar bith a rá nach ndéarfadh achan duine den chomharsain agus gan rud ar bith a dhéanamh nach ndéanfadh duine den chomharsain. Teagascadh dó, gan fhios nó gos ard, gan gar a dhéanamh do aon duine ach an té a mbeadh sé ag dúil go dtiocfadh leis a luach a thabhairt go maith dó. Nuair a thóg sé é féin le Sinn Féin thoisigh cuid de na gnásanna intinne a bhí aige a mheilt ar shiúl agus thoisigh sé a smaoineamh as a aigne féin. Ach, ina dhiaidh sin, chuireadh na fir seo iontas air.

Bhí siad bocht agus, ina dhiaidh sin, bhí siad scaipeach. An rud a chuirfeadh fearg orthu ní thabharfadh seisean aird ar bith air, agus an rud a chuirfeadh fearg airsean ní thabharfadh siadsan aird ar bith air. Bhí siad chomh séimh le chéile le huain óga ach, dá dtroideadh siad, bhéarfadh siad bogmharú ar a chéile. An áit arbh as MacHugh, bhíodh siad díomúinte le chéile ach ní throidfeadh siad ar chor ar bith. Bhí fealsúnacht i gcuid fear

Ros Cuain. Bhí creideamh ag MacHugh agus ag a dhaoine. Agus an rud ab iontaí leis uilig, agus an rud ba mhó a chuir cruaidh air, bhí siad chomh céillí i ndreach agus i mbéasa agus gur minic a chonacthas dó nach raibh ann féin ach gasúr lena dtaobh. Ba doiligh dó seo a thuigbheáil, agus an drochmheas a bhí aige orthu as a bheith bocht agus a bheith gan oideachas. Ní raibh eolas ar bith ag MacHugh ar an obair iontach a níos an nádúir i gcroí agus in anam an duine, dá mbítí gan a chur ar an scoil riamh.


Ach thoisigh sé a chaint leis na fir, ag iarraidh misneach a chur iontu leis an aon smaoineamh mór amháin a bhí aige: smaoineamh an Phiarsaigh. D'inis sé dóibh fán dóigh a ndeachaigh an Piarsach agus a chuid fear amach agus fios acu go mbuailfí iad agus go gcuirfí chun báis iad. D'inis sé dóibh nár mhiste leo má bhí siad le bás féin a fháil, mar go raibh a fhios acu go spreagfadh a gcuid fola Clann na hÉireann lena saoirse a bhaint den Ghall. D'éist siad leis agus iontas tréan ina súile.

‘M'anam gur mhillteanach an rud é,’ arsa fear acu. ‘B’iontach na fir iad.’

Agus ansin dúirt Diarmaid rud a gcoinneofar cuimhne air. Tháinig cineál de thocht air.

‘Tá mé ag déanamh,’ ar seisean, ‘dá mbeadh siad i Ros Cuain go mbeadh siad ar thaobh an Druma.’

Agus níor labhair aon duine ar feadh tamaill fhada ina dhiaidh sin, ach iad ag amharc suas ar shléibhte Thír Chonaill agus a slinneáin leis an spéir, agus ag éisteacht le buille neartmhar na Farraige Móire ag bualadh na gcreagach.



Rugadh Seosamh Mac Grianna i Rinn na Feirste i dTír Chonaill sa bhliain 1901. Oileadh ina mhúinteoir náisiúnta é, ach d'éirigh sé as an múinteoireacht i ndeireadh na bhfichidí chun dul le scríbhneoireacht. Lean sé den scríbhneoireacht mar ghairm bheatha go dtí gur theip a shláinte air.

Ar na leabhair a scríobh sé tá *Filí gan Iomrá*, *Dochartach Dhuibhlionna*, *An Grá agus an Ghruaim*, *Mo Bhealach Féin*, *Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile*, *Eoghan Rua Ó Néill*, *Na Lochlannaigh*, *An Bhreatain Bheag*, agus rinne sé a lán aistriúcháin.

KO-275-533

